
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FORFÁS

# 2008

Forfás

## Don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, cuireann Forfás, leis seo, a thuarascáil agus a chuntais i láthair don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2008.



Martin Cronin

Príomhfheidhmeannach



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach

# Is é Forfás comhlacht comhairleach náisiúnta na hÉireann d'fhiontraíocht agus eolaíocht.

## Misean

Cur le rathúnas gheilleagar na hÉireann amach anseo trí chomhairle uaillmhianach, chomhtháite pholasaí fiontraíochta agus eolaíochta a sholáthar atá intuigthe go forleathan agus thacaíonn le fás.

## Feidhmeanna Forfás

Is é Forfás an comhlacht comhairleach polasaí náisiúnta d'fhontraíocht, trádáil, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht. Is é an comhlacht ina ndílsítear cumhachtaí dlíthiúla an Stáit um chur chun chin tionscail agus forbairt teicneolaíochta. Is é an comhlacht chomh maith a dtarmligtear cumhachtaí tríd chun Fiontraíocht Éireann um chur chun cinn an tionscail dhúchasaigh agus chun Údarás Forbartha Tionscail Éireann (GFT Éireann) um chur chun cinn na hinfheistíochta isteach. Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar thríú gníomhaireacht de chuid Forfás i mí Iúil 2003.

Is iad feidhmeanna leathana Forfás:

- Comhairle a chur ar an Aire maidir le hábhair a bhaineann le forbairt tionscail sa Stát;
- Comhairle a sholáthar maidir le forbairt agus comhordú an pholasaí do Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus cibé comhlachtaí eile (arna bhunú le reacht nó faoi reacht) a ainmneoidh an tAire le hordú;
- Forbairt tionscail, eolaíochta agus teicneolaíochta, nuálaíochta, margaíochta agus acmhainní daonna a spreagadh sa Stát;
- Bunú agus forbairt ghnóthas tionscail ó lasmuigh den Stát a spreagadh sa Stát; agus
- Comhairle a chur ar Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann maidir lena bhfeidhmeanna.

# Leathanach Ábhar


| | |
|---|---|
| Baill Bhord Forfás | 4 |
| Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | 5 |
| Straidrimh Fiontraíochta | 11 |
| Tionscnaimh & Torthaí | 25 |
| An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú | 81 |
| Comhairlí Bainistíochta agus Comhairleacha | 89 |
| Rialachas Corparáideach | 98 |
| Ráitis Airgeadais | 103 |

# Baill Bhord Forfás



**Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach
Stiúrthóir Bainistíochta, Aderra



**Martin Cronin**
Príomhfheidhmeannach, Forfás



**Pat Barry**
Comhairleoir Cumarsáide



**An tOllamh Frank Gannon**
Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann



**Sean Gorman**
Ard-Rúnaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta



**William O'Brien**
Stiúrthóir Bainistíochta, William O'Brien Plant Hire Limited



**Barry O'Leary**
Príomhfheidhmeannach, GFT Éireann



**Frank Ryan**
Príomhfheidhmeannach, Fiontraíocht Éireann



**Dr Don Thornhill**
Cathaoirleach, An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochas



**Michael O'Leary**
Rúnaí leis an mBord

## Coiste Iniúchóireachta Forfás

William O'Brien
Eoin O'Driscoll
Sean Gorman

## Coiste Forbartha Bainistíochta Forfás

Eoin O'Driscoll
Dr Don Thornhill
Pat Barry

D'éirigh Jane Williams agus an Dr Rosheen McGuckian as an mBord ar bhonn róta i mí na Nollag 2008.

D'éirigh Rody Molloy, iar-Ard-Stiúrthóir, FÁS as an mBord i mí na Nollag 2008.

D'éirigh Anne Heraty, Príomhfheidhmeannach, CPL Resources plc as an mBord i mí Feabhra 2009.

Táthar ag feitheamh ar cheapacháin do na poist sin.

# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh



Eoin O'Driscoll, Cathaoirleach



Martin Cronin, Príomhfheidh-meannach

## Forléargas

Tá dúshláin mhóra os comhair gheillegar na hÉireann agus ní mór dúinn teacht tríothú i gcomhthéacs géarmhoillithe eacnamaíoch dhomhanda.

Ba bhliain dheacair go háirithe í 2008. Léiríonn sonraí go raibh laghdú 7.7 faoin gcéad san OTN iarbhír agus meastar go mbeidh laghdú 8 faoin gcéad in 2009.

Tá méadú géar tagtha ar líon na ndaoine gan obair i rith 2008 (laghdú 4.1 faoin gcéad i bhfostaíocht). B'ionann fostaíocht sna cuideachtaí tacaithe ag na gníomhaireachtaí forbartha (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta) agus 297,098 in 2008, laghdú 2.9 faoin gcéad ar 2007.

Tá ár bhfeidhmíocht onnmhairithe láidir go leor sa chomhthéacs drochthrádála domhanda, ach tá roinnt laigí tagtha air agus meastar go dtiocfaidh a thuilleadh laghdaithe air.

Cé go bhfuil an timpeallacht eacnamaíoch atá os ár gcomhair fíordhúshlánach, ba chóir dúinn a chuimhneamh go raibh an fheidhmíocht eacnamíoch is fearr i stair na hÉireann bainte amach le fiche bliain anuas; táimid tar éis infheistíocht a dhéanamh i réimsí lena mbaineann tábhacht iomaíoch agus tá an-chuid fachtóirí ag obair chun ár leasa, is iad sin:

- Tá praghsanna ag titim, go han-ghéar i roinnt cásanna, agus tiocfaidh laghdú níos mó orthu in 2009, a mbeidh earraí agus seirbhísí níos inacmhainní mar thoradh air.
- Táimid ag fáil tuiscint ar na tairbhí a bhaineann le sochair na mórinfheistíochtaí a rinneadh cheana féin i mbonneagair iompair, ó thaobh ardoideachais agus taighde.
- Tá bonn láidir fiontar nua-aimseartha a dhéanann trádáil go hidirnáisiúnta i bpríomhearnálacha cosúil le eolaíochtaí beatha, bianna feidhmeacha, TCF agus innealtóireacht shainiúil, meáin dhigiteacha, seirbhísí idirlín agus raon seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta.
  Tá Fiontraíocht Éireann ag obair go dian le cuideachtaí chun tacaíocht a thabhairt dóibh chun teacht tríd na deacrachtaí atá ann faoi láthair, chun leas a bhaint as deiseanna margaidh agus chun nuálaíocht agus idirnáisiúnú a chur chun cinn. Tá sé seo á bhaint amach trí fhócas spriocdhírithe ar onnmhairithe a chothú agus a chruthú, lena mbaineann raon leathan tacaíochtaí straitéiseacha agus airgeadais. Tá béim láidir ar

acmhainní ceannaireachta, bainistíochta agus straitéiseacha ríthábhachtach ionas go mbainfear fás domhanda amach agus a chur ar cumas cuideachtaí leas a bhaint as téarnamh nuair a tharlóidh sé.
Lean GFT Éireann ar aghaidh ag mealladh infheistíocht dhíreach eachtrannach ardleibhéil (FDI) ó chuideachtaí nua in Éirinn agus cuideachtaí a bhfuil oibríochtaí ar bun acu cheana féin anseo, sna réimsí a bhaineann le déantúsaíocht ardleibhéil, seirbhísí domhanda (lena n-áirítear seirbhísí airgeadais) agus taighde, forbairt agus nuálaíocht.

- Tá dea-chaidreamh tionsclaíoch cruthaithe againn, go háirithe in earnálacha trádála an gheilleagair le blianta beaga anuas agus soláthróidh sé sin clár oibre tábhachtach ar féidir comhpháirtíochtaí ag leibhéal gnólachta a chruthú air le haghaidh fhorbairt agus chur i bhfeidhm na straitéisí téarnaimh agus fáis, agus,
- Tá acmhainn ionann mar thír bheag, chun freagairt a thabhairt go mear ar an ngeilleagar síorathraithe domhanda.

Braithfidh fás amach anseo ar aschur agus fostaíocht ar chumas na ngnólachtaí chun a dtáirgeacht agus a n-iomaíochas a fheabhsú agus chun onnmhairithe a mhéadú trí dul in iomaíocht go rathúil le margaí idirnáisiúnta. Tá cumas níos fearr ag Éirinn anois ná riamh cheanna chun an méid sin a bhaint amach.

## Ag filleadh ar Fhás faoi Cheannaireacht Onnmhairithe

Baineann geilleagar beag oscailte le hÉirinn. Ó thus na 1960idí i leith, bhraith Éire ar a hoscailteacht maidir le trádáil idirnáisiúnta le haghaidh fás eacnamaíoch agus caighdeáin mhaireachtála fheabhsaithe. Baineadh rathúnas iontach amach i rith na 1990idí agus ag tús na deich mbliana dár tús 2000 mar thoradh ar an oscailteacht sin. Má táimid chun téarnamh inár ngeilleagar oscailte a ghnóthú, eascróidh sé as an scair atá againn sna margaí idirnáisiúnta a mhéadú agus as filleadh ar fhás i ngeilleagair ár gcomhpháirtithe trádála. Ní mór d'Éirinn díriú ar scair fheabhsaithe sa mhargadh mar sprioc sa ghearrthéarma.

Aithnítear an tábhacht bhunúsach a bhaineann le filleadh ar an bhfás faoi cheannaireacht onnmhairithe i gcreat-doiciméad an Rialtais den teideal, *Geilleagar Forasach a Thógáil*. Má theastaíonn uainn filleadh ar fhás faoi cheannaireacht onnmhairithe, ní mór dúinn a chinntiú:

- Go bhfuil timpeallacht fiontraíochta na hÉireann in ann infheistíocht eachtrannach a mhealladh;
- Go spreagfar dár bhfiontraithe chun gnólachtaí rathúla a bhunú; agus
- Go bhfuil an clár oibre is fearr is féidir ar fáil do chuideachtaí ar féidir fás as agus úsáid a bhaint as chun freastal a dhéanamh ar margaí domhanda.

Tá leibhéil costais sách ard mar dhúshlán don earnáil fiontraíochta. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimid aghaidh ar shaincheisteanna costais laistigh dár smacht agus go leanfaimid ar aghaidh ag déanamh infheistíochta chun a chinntiú go bhfuil cumas maith ag Éirinn chun téarnamh a ghnóthú.

Má léireoimid go léir le chéile go bhfuilimid lúfar agus solúbtha go leor chun iomaíochas a fheabhsú go tapa, tiocfaimid amach ón gcor chun donais seo laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir.

### Aghaidh a Thabhairt ar Dhúshláin Ghearrthéarma

Tá dhá shaincheisteanna thábhachtacha ann a éilíonn gníomh práinneach: costais laghdaithe agus airgeadais Stáit chomhardaithe a ghnóthú.

Tá costais ríthabhachtach maidir lenár gcumas chun ár n-earraí agus seirbhísí a dhíol i margaí idirnáisiúnta agus ní mór d'Éirinn an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh a thabhairt síos go dtí leibhéal a bheidh iomaíoch dár gcomhpháirtithe trádála agus a thiocfaidh leis an luach a chuireann ár bhfiontair ar fáil. Ní mór dúinn obair a dhéanamh chun é sin a bhaint amach, go háirithe in earnálacha a thrádáiltear go hintíre, cosúil leis an earnáil phoiblí, fuinnimh, fóntais, bainistíocht dramhaíola, seirbhísí gairmiúla, miondíolaíocht agus mórdhíolaíocht.

Ní mór dúinn chomh maith airgeadais an Stáit a chomhardú agus leanfaimid ar aghaidh chun obair a dhéanamh d'fhonn córas baincéireachta daingean a chosaint ar mhaithe le deimhniú nach mbíonn fiontair in Éirinn faoi mhíbhuntáiste iomaíochta mar gheall ar chostas agus fáil ar chreidmheasa.

### Infheistíocht le haghaidh Téarnaimh

Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh chun infheistíochtaí straitéiseacha a dhéanamh sna bonneagair lena mbaineann an tosaíocht is airde chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn dul in iomaíocht go rathúil ar an ardán domhanda:

- Tá sé riachtanach go cuirfimid lenár scileanna sa mhatamaitic agus sna hábhair eolaíochta chun deiseanna fostaíochtaí a bhaint amach in Éirinn. Ní mór dúinn chomh maith ár láidreachtaí a fhorbairt i nuálaíocht, cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí ríomhaireachta agus cumarsáide, díolacháin agus margaíocht idirnáisiúnta agus bainistíocht mhaoine intleachtúla chun a bheith mar bhonn taca don fhás amach anseo.
- Cabhróidh oscailt suas deiseanna tríú leibhéal dóibh siúd a roghnaigh chun dul isteach sa lucht saothair nuair a d'fhág siad scoil lena chinntiú go mbeidh na scileanna againn a éilítear le haghaidh príomhearnálacha fáis amach anseo, lena n-áirítear eolaíochtaí beatha, ríomhthráchtáil agus seirbhísí gréasánbhainteach agus seirbhísí airgeadais;
- Má dhéantar tosaíocht do chlár gníomhachtaithe don mhargadh saothair i gcomhar le fiontair, féadtar é sin cabhrú le fostaíocht a chothú i gcás inar féidir agus sásraí solúbtha a thabhairt isteach um ath-oiliúint na ndaoine sin atá ag cailleadh a bpost.
- Má dhéantar infheistíocht i mbonneagair ríthábhachtacha, go háirithe, bonneagar leathanbhanda rochtana oscailte na chéad ghlúine eile agus an líonra náisiúnta bóthair, laghdófar scroigeanna d'earnálacha táirgeachta an gheilleagair agus cabhróidh sé linn chun ullmhúcháin a dhéanamh i gcomhair coir chun feabhais.
- Cuireann coigeartú leibhéal pá chun treochtaí praghais a aithint agus solúbthacht a chothú i gcleachtais oibre ar chumas gnólachtaí chun iad féin a chur in oiriúint do choinníollacha athraitheacha margaidh;
- Má threiseofar na naisc thráchtálaíochta idir fiontair agus an córas taighde,cuirfidh sé sin ar cumas gnólachtaí in Éirinn chun freagairt a thabhairt go tapa ar éilimh athraitheacha margaidh idirnáisiúnta le haghaidh earraí agus seirbhísí; agus,
- Má laghdaítear an t-ualach rialála ar fhiontair ar fud an Rialtais go léir d'fhéadfadh sé sin cabhrú le costais a laghdú.

Is tír bheag í Éire lena mbaineann poitéinseal chun a bheith solúbtha agus lúfar, agus chun obair a dhéanamh maidir le sprioc choiteann a bhaint amach. Tá sé seo déanta againn cheana féin. Tá bonn láidir fiontraíochta nua-aimseartha mar bhuntáiste againn inniu, chomh maith le timpeallacht fhioscach iomaíoch a chuireann luach saothair ar fáil ar obair agus infheistíocht, bonneagar atá ag dul i bhfeabhas agus daonra sách óg. Tá bunús agus acmhainn againn chun rathúnas a ghnóthú amach anseo má dtabharfaimid aghaidh le chéile ar na saincheisteanna ríthábhachtacha a eascraíonn as an gcor chun donais domhanda.

## Buíochas

Tá Forfás tiomanta do:

- Na saincheisteanna atá mar dhúshlán d'fhiontraíocht agus eolaíocht a aithint agus a thuiscint;
- Polasaithe a mholadh a thabharfaidh aghaidh ar dheiseanna agus dúshláin; agus
- Tionchar a imirt ar dhéantóirí polasaí chun timpeallacht a fhorbairt a spreagann agus a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus rathúnas náisiúnta.

Creidimid go bhfuil an eagraíocht ag dul i ngleic leis an dúshlán sin agus gur sholáthair sí anailís agus comhairle pholasaí atá uallmhianach, comhleanúnach agus atá intuigthe go forleathan. Cuireann Forfás fáilte roimh na bearta i gCáinaiséis Aibreán 2009 mar thacaíocht d'fhontraíocht, lena n-áirítear ionramháil chánach sócmhainní doláimhsithe, an Ciste Cobhsúcháin Fiontraíochta agus an tionscnamh réamhscoile. Is féidir teacht ar cur síos iomlán ar aschuir agus tionchair ár n-oibre i Roinn na dTionscnamh agus na dTorthaí den Tuarascáil seo.

Ní féidir le Forfás a chuid oibre a dhéanamh gan comhoibriu agus ionchur ó raon páirtithe leasmhara, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, toisc go gcuireann siad dearcadh saineolach ar fáil dúinn ar thiománaithe an gheilleagair agus tá siad ríluachmhar maidir le comhchur chuige a fhorbairt agus a chur chun cinn maidir le saincheisteanna agus deiseanna d'fhiontraíocht.

Éilíonn forbairt agus cur i bhfeidhm polasaithe éifeachtacha fiontair agus eolaíochta rannpháirtíocht na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus raon Rann eile, lena n-áirítear na Ranna Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna; Oideachais agus Eolaíochta; Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil; Airgeadais; Gnothaí Eachtracha; an Taoisigh agus Iompair, chomh maith le hionchuir ó cheannairí sa réimse ghnó, an réimse acadúil agus na gníomhaireachtaí forbartha.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'an-chuid daoine ó gach ceann de na réimsí a d'oibrigh le Forfás i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt ar réaltachtaí an Rialtais iomláin maidir le polasaí fiontraíochta agus eolaíochta agus chabhraigh sé le Forfás a choimeád ar an eolas maidir le saincheisteanna os comhair fiontar inniu agus amach anseo.

Is mian linn aitheantas a thabhairt don obair a thug an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, TD, agus an t-iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin, TD, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus raon Airí agus Rann Rialtais eile agus don chúnamh a chuir siad ar fáil i rith na bliana.

Oibríonn Forfás go dlúth leis na gníomhaireachtaí forbartha, Fiontraíocht Éireannn, GFT Éireann, FÁS, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht in Éirinn, agus le Fondúireacht Eolaíochta Éirinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le heolaíocht agus teicneolaíocht. Tá ár gcomhpháirtíochtaí leis na

gníomhaireachtaí sin riachtanach maidir lenár gcumas chun ár n-anailís agus comhairle a sholáthar.

Ba mhaith le Forfás aitheantas a thabhairt chomh maith don obair atá déanta ag grúpaí agus daoine aonair sa réimse gnó, sa rialtas, eagraíochtaí fostaithe agus ceardchumainn. Ba mhór linn chomh maith buíochas a ghabháil le grúpaí comhairleacha a gcuireann Forfás tacaíocht taighde agus riaracháin ar fáil dóibh:

- An Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta, a bhfuil Mary Cryan ina cathaoirleach uirthi.
- An Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, a bhfuil Una Halligan ina cathaoirleach air.
  Ba mhaith linn aitheantas agus buíochas a ghabháil le Anne Heraty, a d'éirigh as mar Chathaoirleach ar an Sainghrúpa in 2009.
- An Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta, a bhfuil an tOllamh Frank Roche ina chathaoirleach uirthi.
- An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, a bhfuil an Dr Don Thornhill mar chathaoirleach uirthi.
- Grúpa Aiseolais Fiontraíochta SSTI, a bhfuil Lionel Alexander mar chathaoirleach air.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin:

- Leis an mBord um Chreidiúnú Náisiúnta a bhfuil Máire C. Walsh, mar chathaoirleach air, as ucht a dtiomantais agus a gcuid oibre leanúnaí.
- Le Grúpa Stiúrtha *Discover Science & Engineering*, a raibh Leo Enright mar chathaoirleach air. Thug Leo a fhógra fágála mar Chathaoirleach ag deireadh 2008, ar ról é a bhí aige ó bhunú an chláir in 2003. Ba mhór linn buíochas a ghabháil leis as ucht a thiomantais don chlár a fheabhsú agus a fhorbairt.
- Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le Anne Heraty, an Dr Rosheen McGuckian, Rody Molloy agus Jane Williams a d'fhóin ar Bhord Forfás in 2008. Ba chúnamh riachtanach iad a gcuid oibre agus a dtuairimí maidir le hobair Forfás a mhúnlú.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le baill foirne Forfás. Seachadadh clár oibre dúshlánach cuimsitheach mar thoradh ar a dtiomantas agus a gcuid oibre. Bhí baill foirne Forfás sofhreagrach agus nuálaíoch maidir le plé leis an timpeallacht fiontraíochta mear-athraitheach agus ceanglais ár bpáirtithe leasmhara. Chuaigh siad i ngleic le raon saincheisteanna fiontraíochta a bhfuil a choimpléascacht ag dul i méid agus thug siad faoi ghníomhaíochtaí eile go héifeachtach, cosúil le seirbhísí comhroinnte do na gníomhaireachtaí, seirbhísí creidiunaithe agus feasacht ar an eolaíocht.

# Staidrimh Fiontraíochta

# Forléargas Staidrimh

Bailíonn Forfás raon sonraí maidir le fostaíocht agus caiteachas ag gnólachtaí gníomhaireacht-tacaithe agus maidir le feidhmíocht na hÉireann i T&F agus nuálaíocht agus déanann sé anailís orthu sin. Cuireann an roinn seo forléargas ar fáil ar na táscairí sin.


## Fostaíocht i gCuideachtaí Gníomhaireacht-Tacaithe

Léiríonn Figiúr 1 miondealú ar iomlán na fostaíochta lánaimseartha i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta. Ba ionann an líon iomlán fostaithe in 2008 agus 297,098, laghdú 8,938 post (2.9 faoin gcéad) ar leibhéil fostaíochta in 2007.

Is éard atá i gceist le laghdú fostaíochta 7,054 glanchaillteanas poist i gcuideachtaí faoi úinéireacht na hÉireann agus 1,884 glanchaillteanas poist i gcuideachtaí faoi úinéaracht tíortha eachtrannacha.

I rith 2008, cruthaíodh 21,302 post sna hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí agus cailleadh 30,240 post. Is ionann fostaíocht i gcuideachtaí gníomhaireacht-chuidithe faoi láthair agus 1.4 faoin gcéad (3,981 post) níos airde ná mar a bhí sé sa bhliain 1999. Tá méadú tagtha ar fhostaíocht i gcuideachtaí faoi úinéireacht na hÉireann ó 142,142 i 1999 go dtí 144,734 in 2008, agus tá méadú tagtha ar fhostaíocht i gcuideachtaí faoi úinéireacht tíortha eachtrannacha ó 150,975 i 1999 go dtí 152,364 in 2008, méaduithe 1.8 agus 0.9 faoin gcéad faoi seach.

**Figiúr 1: Buanfhostaíocht Lánaimseartha (1999 - 2008)**




Foinse: Forfás Annual Employment Survey 2008

## Gnóthachain, Caillteanais agus Glanathrú i mBuanfhostaíocht


Léiríonn Figiúr 2 an treocht sa líon post a cruthaíodh agus a cailleadh le linn na tréimhse 1999 go dtí 2008.

Thaifid cuideachtaí gníomhaireacht-chuidithe glanchaillteanais phoist i rith na tréimhse 2001 – 2004. Tháinig tréimhse chruthaithe ghlain phost ina dhiaidh sin idir 2005 agus 2007. In 2008, sháraigh caillteanais 30,240 na hollghnóthachain phost 21,302 a raibh staid ghlanghnóthachain phost 8,938 mar thoradh deiridh air sin.

Bhí na glanchaillteanais phost in 2008 comhchruinnithe in earnálacha traidisiúnta déantúsaíochta, cosúil le bia (-1,968), adhmad agus táirgí adhmaid (-1,358), mianraí neamh-mhiotalacha (-1,239), agus táirgí miotail bhúnasacha agus réamhdhéanta (-1,531). Bhí glanchaillteanais phost chomh maith i dtáirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla sa chatagóir déantúsaíochta nua-aimseartha agus laghdú 1,300 post tagtha orthu 2008.

Chuir na hearnálacha seirbhísí dlús le cruthú fostaíochta agus glanghnóthachain fostaíochta 6 faoin gcéad (post 1,230) agus 7 faoin gcéad (647 post) faoi seach léirithe sna seirbhísí airgeadais agus gnó in 2008. Tháinig glanmhéadú fostaíochta 771 post ar ríomhchlárú agus comhairleoireacht ríomhaireachta.

**Figiúr 2: Gnóthachain, Caillteanais agus Glanathrú Post i mBuanfhostaíocht Lánaimseartha (1999 - 2008)**





Foinse: Forfás Annual Employment Survey 2008

## Dáileadh Réigiúnach na Fostaíochta

Léiríonn Figiúr 3 scair na fostaíochta sna hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí a chuimsítear i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (BMW) le linn na tréimhse 1999 go dtí 2008. Tháinig laghdú 3.8 faoin gcéad ar iomlán na bpost gníomhaireacht-chuidithe sa réigiún BMW in 2008, agus 72,543 san áireamh sa réigiún, i gcomparáid le 75,420 in 2007. Is ionann é sin agus 24.4 faoin gcéad na bpost iomlán i ngnólachtaí gníomhaireacht-chuidithe. Bhí ollchaillteanais phost thart ar 6,061 post (2.6 faoin gcéad) i measc na ngnólachtaí gníomhaireacht-chuidithe sa Deisceart agus san Oirthear.

**Figiúr 3: Fostaíocht de réir Réigiúin (1999 - 2008)**




Foinse: Forfás Annual Employment Survey 2008

## Fostaíocht Pháirtaimseartha, Shealadach agus ar Conradh Gearrthéarma

Chomh maith le buanfhostaíocht lánaimseartha, rinneadh taifead ar 30,871 post eile de chineál sealadach nó páirtaimseartha i gcuideachtaí gníomhaireacht-chuidithe in 2008, mar a léirítear i bhFigiúr 4. Léiríonn sé sin laghdú 4,359 (12 faoin gcéad) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus laghdú 3,519 (9 faoin gcéad) i gcomparáid leis an líon a fostaíodh i 1999.


Tá 327,969 duine fostaithe anois i gcuideachtaí gníomhaireacht-chuidithe, ag glacadh an dá chatagóir fostaíochta san áireamh le chéile (buanfhostaíocht lánaimseartha agus fostaíocht shealadach/pháirtaimseartha), i gcomparáid le 327,507 i 1999. Sonraíonn sé go bhfuil iomlán na fostaíochta gníomhaireacht-chuidithe ar ais ag leibhéil 1999 arís.

Tháinig laghdú 1,212 (7 faoin gcéad) ar fhostaíocht shealadach agus pháirtaimseartha i measc cuideachtaí faoi úinéireacht na hÉireann in 2008. Is ionann an leibhéal reatha 16,090, agus 1,089 (6.3 faoin gcéad) níos ísle ná 1999 nuair arbh ionann an fhostaíocht sin agus 17,179.

Bhí 14,781 i gceist le fostaíocht de chineál sealadach nó páirtaimseartha i measc cuideachtaí faoi úinéireacht tíortha eachtrannacha in 2008, laghdú 3,147 (17 faoin gcéad) ar an mbliain

roimhe sin. Agus imsrúdú á dhéanamh ar na treochtaí idir 1999 agus 2008, léiríonn sé sin laghdú 2,430 (14 faoin gcéad) i rith na tréimhse.


**Figiúr 4: Treochtaí i bhFostaíocht Pháirteaimseartha, Shealadach agus ar Conradh Gearrthéarma**




Foinse: Forfás Annual Employment Survey 2008

## Taighde agus Forbairt


**Figiúr 5: Iomlán an Chaiteachais T&F de réir Feidhmíocht Earnála (1998-2008 €milliún)**




Foinsí: Survey of R&D in the Higher Education Sector 2006 (Forfás); The Science Budget 2007/2008 (Forfás); Survey of Business Expenditure on R&D 2007/2008 (CSO/Forfás); Main Science & Technology Indicators, 2008/2 (OECD)

Tháinig méadú ar Iomlán na Taighde agus na Forbartha (T&F) maidir leis an bhfeidhmíocht ar fud earnálacha go léir an gheilleagair go dtí suim mheasta €2.6bn in 2008. Ar an iomlán, d'ardaigh feidhmíocht T&F faoi 6.6 faoin gcéad idir 2007 agus 2008, cé gur mhoilligh fás caiteachas T&F ón ngnóthachan 10.4 faoin gcéad idir 2006 agus 2007. Bhí gnóthachain láidre sna trí earnáil den gheilleagar ina bhfeidhmítear T&F sa bhliain is deireanaí. D'ardaigh T&F a feidhmíodh san earnáil ghnó go dtí suim mheasta €1.68bn in 2008, agus mhéadaigh T&F a feidhmíodh san earnáil ardoideachais suas go dtí €716m agus d'ardaigh T&F a feidhmíodh in earnáil an rialtais (lena n-áirítear ospidéil) go dtí €200m.


**Figiúr 6: Iomlán an Chaiteachais T&F mar % den OTN/OTI**




Foinsí: Survey of R&D in the Higher Education Sector 2006 (Forfás); The Science Budget 2007/2008 (Forfás); Survey of Business Expenditure on R&D 2007/2008 (CSO/Forfás); Main Science & Technology Indicators, 2008/2 (OECD)

Léiríonn Figiúr 6 iomlán chaiteachas T&F na hÉireann mar chéatadán den ghníomhaíocht eacnamaíoch (OTN) maidir leis na déiní T&F a ndéantar taifead orthu in ECFE, AE agus tíortha eile roghnaithe ar fud an domhain. Is í déine chaiteachais T&F, arna haithint ag an AE agus ECFE, ceann de na príomhtháscairí a úsáidtear chun an dul chun cinn atá déanta ag tír a thomhas i dtreo geilleagar eolasbhunaithe a chruthú. Is ionann meastachán déine chaiteachais T&F na hÉireann do 2008 agus 1.66 faoin gcéad chun cinn ar chéatadán 1.56 faoin gcéad den OTN a taifeadadh in 2007 (AE 1.77 faoin gcéad, ECFE 2.26 faoin gcéad). Ar na tíortha atá chun cinn maidir le caiteachas T&F mar chéatadán den OTN, áirítear an tSualainn (3.63 faoin gcéad), an Fhionlainn (3.41 faoin gcéad), an tSeapáin (3.39 faoin gcéad), an Chóiré (3.22 faoin gcéad) agus SAM (2.68 faoin gcéad).

**Figiúr 7: Meánrátaí Méadaithe Bhliantúil GBAORD Sibhialta do Thíortha Roghnaithe (2003-2008)**





Foinsí: The Science Budget 2007/2008 (Forfás) and the Main Science and Technology Indicators 2008/2 (OECD)

Déantar maoiniú poiblí T&F trí mhaoiniú an Státchiste agus AE a thomhas le GBAORD (Leithreasaí nó Eisíocaíochtaí Buiséid Rialtais ar T&F), táscaire a aithnítear go hidirnáisiúnta um thagarmharcáil mhaoiniú Stáit T&F. Áirítear ar GBAORD maoiniú poiblí do R&D a chuirtear i bhfeidhm san earnáil ardoideachais, san earnáil ghnó agus maoiniú T&F a chuirtear i bhfeidhm in earnáil an rialtais. Meastar go sroichfidh caiteachas GBAORD €1.03bn in 2008, méadú 10.1 faoin gcéad i dtéarmaí reatha ar an bhfigiúr táirgeachta €935m do 2007. Tá ardú comhsheasmhach tagtha ar GBAORD mar chéatadán den OTN le deich mbliana anuas, ag ardú go dtí an céatadán measta 0.63 faoin gcéad in 2008 ó 0.35 faoin gcéad in 1998.

Léiríonn Figiúr 7 na meánrátaí méadaithe GBAORD sibhialta (seachas caiteachais cosanta T&F) i roinnt tíortha idir 2003 agus 2008. Tá meánrátaí láidre bliantúla léirithe ag feidhmíocht na hÉireann le cúig bliana anuas. Cuirtear Éire sa dara háit ar an tábla, ag 14.7 faoin gcéad, gan ach Lucsamburg chun cinn uirthi agus méanráta méadaithe 18.6 faoin gcéad sroichte aici.


**Figiúr 8: Caiteachas T&F a Úsáideadh san Earnáil Ghnó (1998-2008) €milliún**




Foinse: Survey of Business Expenditure on R&D 2007/2008 (CSO/Forfás)

Léiríonn Figiúr 8 an treocht i gcaiteachas T&F atá úsáidte ag an earnáil ghnó le deich mbliana anuas. Meastar go leanfar an treocht aníos i T&F ghnó ar feadh na bliana 2008 agus réamh-mheastacháin ag léiriú caiteachas taigde €1.7bn. Taispeánann sé sin méadú 5.4 faoin gcéad ar an táirgeacht €1.6bn do 2007. Mar a léiríonn an chairt, tá méadú leanúnach tagtha ar chaiteachas ar T&F san earnáil ghnó le deich mbliana anuas agus an méadú is airde curtha i gcrích idir 2006 agus 2007 nuair a mhéadaigh caiteachas faoi os cionn 10 faoin gcéad. Le deich mbliana anuas tá méadú níos airde ná méadú faoi dhó tagtha ar chaiteachas T&F agus caitheachas €0.7bn déanta i 1998 i gcomparáid leis an táirgeacht mheasta €1.7bn do 2008.


**Figiúr 9: Caiteachas T&F a Cuireadh i bhFeidhm san Earnáil Ghnó mar Chéatadán OTN/OTI (2008 nó an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil di)**



Foinsí: Survey of Business Expenditure on R&D 2007/2008 (CSO/Forfás) and the Main Science & Technology Indicators 2008/2 (OECD)

Léiríonn Figiúr 9 comparáid idirnáisiúnta idir caiteachas T&F mar chéatadán den OTN (i gcás na hÉireann, OTI) do 2008 nó an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil di. In 2008, cuireadh Éire sa 13ú háit as na 19 tír a roghnaíodh mar thoradh ar an gcóimheas déine BERD a bhí aici. Sainmhínítear déine chaiteachais T&F mar chóimheas den chaiteachas iomlán T&F i gcomparáid leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán a tomhasadh in OTN nó OTI. Is iad na tíortha atá chun cinn an tSualainn (2.64 faoin gcéad); an tSeapáin (2.62 faoin gcéad); an Chóiré (2.49 faoin gcéad); an Fhionlainn (2.46 faoin gcéad) agus SAM (1.93 faoin gcéad).

**Figiúr 10: Líon iomlán na dTaighdeoirí san Earnáil Ghnó de réir Cáilíochta (2001-2007)**




Foinse: Survey of Business Expenditure on R&D 2007/2008 (CSO/Forfás)

Mhéadaigh líon iomlán na dtaighdeoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí T&F san earnáil ghnó in Éirinn go dtí 8,304 in 2007, méadú 608 ar fhigiúr 2005 arbh ionann é agus 7,696. Bhí 1,191 duine acu sin cáilithe go dtí leibhéal PhD. Mhéadaigh líon na dtaighdeoirí nach bhfuil cáilithe le PhD ó 6,866 in 2005 go dtí 7,113 in 2007. Tháinig méadú 9 faoin gcéad ar líon na dtaighdeoirí nach bhfuil cáilithe le Phd idir 2001 agus 2007 agus tháinig méadú mór ar líon na dtaighdeoirí PhD go mór ó 420 in 2001 go dtí 1,191 in 2007. Thit líon na dtaighdeoirí nach bhfuil cáilithe le PhD in 2003 ón bhfigiúir 2001, a bhfuil laghdú tagtha ar iomlán na bhfigiúr iomlán taighdeoirí do 2003 mar thoradh air. Rinneadh é sin a fhritháireamh, áfach, in 2005 le méadú mór sa líon taighdeoirí nach bhfuil cáilithe le PhD go dtí 6,866 agus méadú dá bharr sin ar iomlán na bhfigiúirí taighdeoirí don bhliain sin.

## Caiteachas déanta ag Gnólachtaí Gníomhaireacht-Tacaithe i nGeilleagar na hÉireann

Cuireann *Annual Business Survey of Economic Impact 2007* le Forfás torthaí i láthair a bhaineann leis na gnólachtaí seirbhíse go léir déantúsaíochta agus trádáilte go hidirnáisiúnta go léir a thagann faoi choimirce Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Forbairt Shionainne agus Udarás na Gaeltachta. Rinne an suirbhé imscrúdú ar fheidhmíocht na gcuideachtaí cliaint gníomhaireacht-chuidithe le linn 2007 i dtéarmaí aschur (díolachán onnmhairithe, aschur glan) agus rinne sé monatóireacht ar chaiteachas díreach na gcuideachtaí sin i ngeilleagar na hÉireann i dtéarmaí caiteachais phárolla agus ceannacháin ábhar agus seirbhísí a sholáthraítear in Éirinn.

In 2008, rinneadh suirbhé ar beagnach 3,900 cuideachta agus bhí gnólachtaí faoi úinéireacht tíortha eachtrannacha iad thart ar 800 acu sin. Bhain thart ar 1,300 de na cuideachtaí a ndearnadh suirbhé orthu leis na hearnálacha seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus bhain 2,600 leis an ngnó déantúsaíochta.

Mhéadaigh aschur foriomlán na ngnólachtaí gníomhaireachtchuidithe i seirbhísí déantúsaíochta agus trádálaithe go hidirnáisiúnta faoi 6.8 faoin gcéad in 2007 (i dtéarmaí ainmniúla), agus mhéadaigh caiteachas díreach sa gheilleagar faoi 7 faoin gcéad (Tábla 1).

B'ionann caiteachas díreach a rinne na gnólachtaí sin sa gheilleagar agus €36bn in 2007. Ar an iomlán, chaith gnólachtaí faoi úinéireacht na hÉireann €17.8bn sa gheilleagar dúchasach in 2007, a chuimsíonn €5.5bn ar chostais phárolla, €8.6bn ar amhábhair Éireannacha, agus €3.7bn ar sheirbhísí Éireannacha. Mhéadaigh an caiteachas díreach sin ó €8bn i 1990. B'ionann caiteachas díreach déanta ag gnólachtaí faoi úinéireacht tíortha eachtrannacha agus €18.2bn in 2007, a chuimsíonn €7.6bn ar chostais phárolla, €3.4bn ar ábhair a tháirgtear in Éirinn agus €7.2bn ar sheirbhísí a ceannaíodh in Éirinn. Maidir leis na gnólachtaí go léir, bhí méadú 7 faoin gcéad ar thuairisceáin 2007 agus léiríonn sé sin gnóthú leibhéal caiteachais dhírigh i gcomparáid le treocht anuas na trí bliana roimhe sin.

**Tábla 1: An méid a chuireann Gnólachtaí Gníomhaireacht-Tacaithe le Geilleagar na hÉireann**

| | | Gnólachtaí faoi úinéireacht | | Gnólachtaí faoi úinéireacht tíortha eile | | Na Gnólachtaí go léir | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | 2006 | 2007 | 2006 | 2007 | 2006 | 2007 | Athrú |
| Díolacháin | €m | 27,317,905 | 29,631,680 | 96,740,748 | 102,920,889 | 124,058,654 | 132,552,549 | 6.8% |
| Costais Phárolla | €m | 5,153,048 | 5,546,380 | 7,074,674 | 7,619,610 | 12,227,722 | 13,165,990 | 7.7% |
| Ábhábhair Seirbhísí a Ceannaíodh in Éireannach | €m | 8,361,809 | 8,644,378 | 3,291,981 | 3,350,775 | 11,653,790 | 11,995,153 | 2.9% |
| Seirbhísí a Ceannaíodh in Éirinn | €m | 3,322,487 | 3,673,515 | 6,481,288 | 7,208,293 | 9,803,775 | 10,881,807 | 11.0% |
| Caiteachas Díreach sa Gheilleagar | €m | 16,837,344 | 17,864,272 | 16,847,943 | 18,178,678 | 33,685,288 | 36,042,950 | 7.0% |
| Caiteachas Díreach mar % Díolachán | % | 61.6% | 60.3% | 17.4% | 17.7% | 27.2% | 27.2% | 0.0% |

Foinse: Annual Business Survey of Economic Impact 2007 le Forfás


## Íocaíochtaí Cánach Corparáide

Soláthraíonn cuideachtaí seirbhísí déantúsaíochta, trádáilte go hidirnáisiúnta agus airgeadais toradh díreach an-suntasach don Státchiste, i dteannta lena gcaiteachas sa gheilleagar, trí íocaíochtaí cánach corparáide.

Ba é iomlán an fháltais chánach corparáide ó na foinsí go léir €6.4bn in 2007 (Figiúr 11), laghdú 4.4 faoin gcéad i bhfíorthéarmaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Meastar go raibh €2.3bn i gceist le gnólachtaí gníomhaireacht-tacaithe sna hearnálacha seirbhísí déantúsaíochta agus trádáilte go hidirnáisiúnta, agus €1bn breise ó ghnólachtaí seirbhísí airgeadais trádála idirnáisiúnta, arbh ionann é agus €3.3bn (52 faoin gcéad) den €6.4bn in iomlán na cánach corparáide a íocadh sa gheilleagar.

B’ionann cuideachtaí gníomhaireachtchuidithe i seirbhísí ceimiceán /cógaisíochta agus trádáláilte go hidirnáisiúnta agus 38 faoin gcéad agus 29 faoin gcéad den €2.3bn faoi seach.


**Figiúr 11: Íocaíochtaí Cánach Corparáide 1990-2007 (Praghsanna Comhsheasmhacha 2007)**




Foinse: Torthaí Státchiste do 2007, Annual Business Survey of Economic Impact 2007 de chuid na Roinne Airgeadais agus Forfás

## Tionchair Nuálaíochta agus Eacnamaíocha

**Figiúr 12: Rátaí Nuálaíochta de réir Earnáil agus Méid an Fhiontair, % (2004-2006)**




Foinse: Community Innovation Survey 2004-2006 (CSO/Forfás)


Le linn na tréimhse cuimsithí 2004 go dtí 2006, bhí baint ag 47 faoin gcéad d'fhiontair Éireannacha i bhfoirm éigin ghníomhaíochta nuálaíochta. Rangaíodh beagnach 57 faoin gcéad tionscal mar ghníomhach sa nuálaíocht agus rangaíodh 41 faoin gcéad seirbhísí mar sheirbhísí gníomhacha sa nuálaíocht. Bhí fiontair mhóra (250+ fostaí) ina nuálaithe ba thorthúla, ar

bhain rátaí nuálaíochta 84.2 faoin gcéad le tionscail mhóra agus 63.1 faoin gcéad le seirbhísí móra. Féadtar é sin a chur i gcomparáid le 67.3 faoin gcéad tionscal ar mheánmhéid (50-249 fostaí) agus 54.5 faoin gcéad seirbhísí ar mheánmhéid. Bhí fiontair bheaga ar an ngrúpa nuálaíochta is lú gníomhaíochta, agus baint ag 51.4 faoin gcéad de thionscail bheaga (10–49 fostaí) agus 38.1 faoin gcéad de sheirbhísí beaga le gníomhaíochtaí nuálaíochta.

Bíonn baint ag fiontair atá gníomhach ó thaobh nuálaíochta de le nuálaíocht táirge nó próisis ná an dá rud. Le linn na tréimhse 2004 go dtí 2006 bhí baint ag beagán os cionn 33 faoin gcéad de na fiontair i bhfoirm éigin nuálaíocht táirge, agus bhí baint ag 30 faoin gcéad de na fiontair le nuálaíocht phróisis. De ghnáth bhí na nuálaíochtaí táirge agus próisis níos airde de réir mar a mhéadaigh méid an tionscail. Ba nuálaithe táirge iad 29 faoin gcéad de na fiontair bheaga, agus ba nuálaithe táirge iad 47.7 faoin gcéad agus 62.4 faoin gcéad de na fiontair mhéanmhéide agus mhóra. Ar an gcaoi chéanna, ba nuálaithe iad 26.7 faoin gcéad de na fiontair bheaga, agus bhí baint ag 40.7 faoin gcéad agus 60 faoin gcéad de na fiontair mheánmhéide agus mhóra le nuálaíocht phróisis. Ba iad na gnólachtaí móra tionscail na nuálaithe táirge agus na nuálaithe próisis ba ghníomhaí, agus 68 faoin gcéad agus 71 faoin gcéad i gceist leo. Bhí baint ag 56 faoin gcéad d'fhiontair mhóra na hearnála seirbhíse le nuálaithe táirge agus bhí baint ag 46 faoin gcéad le nuálaíocht phróisis.

## Tionchair Nuálaíochta

**Figiúr 13: % den Láimhdeachas Iomlán a chuirtear i leith Gníomhaíochtaí Nuálaíochta Táirge de réir Mhéid an Fhiontair, 2006**




Foinse: Community Innovation Survey 2004-2006 (CSO/Forfás)

Ba thoradh é beagnach 13 faoin gcéad de láimhdeachas nuálaithe gníomhacha agus neamhghníomhacha in 2006 sna hearnálacha tionscail agus seirbhíse ar nuálaíochtaí táirge le linn na tréimhse 2004 go dtí 2006. Tháing 5 faoin gcéad den láimhdeachas sin ó tháirgí nua do ghnólachtaí agus os cionn 7 faoin gcéad ó tháirgí nua don mhargadh. Chuir fiontair mhóra 16 faoin gcéad dá láimhdeachas i leith nuálaíochtaí táirge agus beagnach 10 faoin gcéad ag teacht ó tháirgí nua don mhargadh. Chuir fiontair mheánmhéide 6 faoin gcéad dá

láimhdeachas iomlán i leith táirgí nua don mhargadh I gcomparáid le 5 faoin gcéad do tháirgí nua do ghnólachtaí.

# Tionscnaimh & Torthaí

## Iomaíochas 29

An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (CNI) 30

*Benchmarking Ireland's Performance and Volume 2, Ireland's Competitiveness Challenge* (An Tuarascáil Bhliantúil um Iomaíochas 2008: Imleabhar 1, Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil, agus Imleabhar 2, Dúshlán Iomaíochais na hÉireann) 30

Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh 33

Comhdháil CNI: Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 33

Aighneacht chuig an gCoimisiún um Chánachas 34

Plépháipéar um Leas agus Iomaíochas 34

Costas a bhaineann le hOibríochtaí Miondíola a Fheidhmiú in Éirinn 35

Cásanna Socheacnamaíocha 35

Idirbheartaíocht Trádála Idirnáisiúnta 36

Líonraí na Chéad Ghlúine eile 36

Ráiteas um Bonneagar 37

Rialáil 38

Staidéir ar Tháirgiúlacht 38

Sonraí agus Tacaíocht Trádála 38

## Fiontraíocht 41

Catching the Wave – Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Seirbhíse 42

Eolaíochtaí Beatha – Anailís ar Chnuasaigh Idirnáisiúnta 43

Eolaíochtaí Beatha – Éiceachóras na hÉireann 44

Cur le hIomaíochas Réigiúnach 45

Riachtanais Fiontraíochta sa Todhchaí 46

Aighneacht Bhuiséad Forfás 2009 46

Airgeadas Trádála 47

Aighneacht chuig an gCoimisiún um Chánachas 48

## Eolas 49

Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 50

*Towards a Framework for Researcher Careers* 50

*Ireland's International Engagement in Science, Technology and Innovation* 51

*Optimising the 4th Level Contribution to Enterprise in Ireland* 52

(I dTreo Creatlaí le haghaidh Gairmeacha Taighdeora

Idirghníomhaíocht na hÉireann in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

| | |
|---|---|
| An Leas is Fearr a Bhaint as Ionchur 4ú Leibhéal le Fiontraíocht in Éirinn) | |
| Grúpa Aiseolais Fiontraíochta SSTI | 52 |
| Limistéar Taighde Eorpach – Dearcaí Nua | 52 |
| Comhchlárú Taighde san Eoraip | 53 |
| Fóram Straitéise na hEorpa um Bonneagair Thaighde | 54 |
| Baint na hÉireann le ERA-NETs agus Cláir Oibre Teicneolaíochta | 54 |
| Meastóireacht Shaotharlann Bitheolaíochta Móilíní na hEorpa | 55 |
| Nuálaíocht in Éirinn | 56 |
| *Irish Energy Research Council's Proposed Energy Vision and Research Strategy for Ireland* (Aighneacht maidir le Straitéis Mholta Físe agus Taighde Fuinnimh d'Éirinn le Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann) | 56 |

## Daoine 59

| | |
|---|---|
| Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 60 |
| Staidéar agus Comhdháil Scileanna Uile-Oileáin | 60 |
| An tábhacht a bhaineann le Gnóthachtáil Mhatamaitice Náisiúnta a Ardú | 62 |
| Riachtanas sa Todhchaí le haghaidh Scileanna TFC san Earnáil TFC | 62 |
| Riachtanais Scileanna sa Todhchaí d'Earnáil Feistí Leighis na hÉireann | 64 |
| Seirbhísí Airgeadais – Cur i bhFeidhm | 65 |
| *Report on Skills for Creativity, Design and Innovation* (Tuarascáil ar Scileanna um Chruthaitheacht, Dearadh agus Nuálaíocht) | 65 |
| Aonad Taighde FÁS um Scileanna agus Thaighde ar an Margadh Saothair | 65 |
| An Straitéis Náisiúnta Scileanna | 66 |
| Imirce | 67 |
| An Chomhairle Bainistíochta Forbartha | 67 |
| Tagarmharcáil Uile-Oileáin an Chleachtais Bhainistíochta | 68 |
| *Discover Science & Engineering* | 68 |
| Feasacht | 69 |
| Eolaíocht Leibhéal na Bunscoile | 71 |
| Eolaíocht an Dara Leibhéal | 72 |
| Meastóireacht ar Chlár Feasachta *Discover Science and Engineering* | 72 |

## Inbhuanaitheacht 75

| | |
|---|---|
| Creatlach Fhadtéarma um Polasaí Fuinnimh | 76 |
| Earraí agus Seirbhísí a Bhaineann le Fuinneamh | 76 |
| Earnáil Seirbhísí agus Earraí Comhshaoil ar Oileán na hÉireann | 76 |
| Idirbheartaíocht Chomhairle an AE ar Pholasaí Athrú na hAeráide | 77 |
| Anailís ar Thagarmharcáil Bainistíochta Dramhaíola agus Tosaíochtaí Polasaí | 78 |
| Measúnú ar Sheirbhísí Uisce agus Fuíolluisce d'Fhiontair | 79 |

# Iomaíochas

Tar éis deich mbliana a chaitheamh ag fás, tá dianchor chun donais eacnamaíoch mar dhúshlán anois d'Éirinn. Is é an t-aon bhealach inmharthana chun dul chun cinn eacnamaíoch a dhéanamh filleadh ar ais ar an bhfás faoi cheannaireacht onnmhairithe. Beidh raon freagairtí ag teastáil a thabharfaidh aghaidh ar dhúshláin ghearrthéarma agus riachtanais iomaíochais níos fadtéarmaí.

I rith 2008 lean Forfás agus an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, a dtugann Forfás tacaíocht taighde di, leo chun na príomh-shaincheisteanna atá mar dhúshláin d'iomaíochas na hÉireann a aithint agus chuir siad comhairle ar an Rialtas maidir le raon roghanna polasaí chun iomaíochas costais choibhneasta a athnuachan, dlús a chur le fás táirgiúlachta sna hearnálacha trádáláilte agus neamhthrádáláilte den gheilleagar agus Éire a ullmhú le haghaidh mearfháis de réir mar a thagann téarnamh ar gheilleagar an domhain sna blianta amach romhainn.

# An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC). Is comhlacht comhpháirtíochta sóisialta é NCC, a thuairiscíonn don Taoiseach maidir le príomh-shaincheisteanna iomaíochais atá mar dhúshlán do gheilleagar na hÉireann, chomh maith le moltaí maidir le gníomhartha polasaí a éilítear chun suíomh iomaíochais na hÉireann a fheabhsú.

Chuir NCC na haschuir seo a leanas ar fáil in 2008:

- *Annual Competitiveness Report 2008*
  *Volume 1: Benchmarking Ireland's Performance*
  *Volume 2: Ireland's Competitiveness Challenge*
  (An Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2008
  Imleabhar 1: Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil
  Imleabhar 2: Dúshlán Iomaíochais na hÉireann)
- Costais a bhaineann le Gnó a dhéanamh
- Comhdháil NCC: Dúshlán Iomaíochais na hÉireann, Deireadh Fómhair 2008
- Aighneacht chuig an gCoimisiún um Chánachas
- Comhdháil *Re-Conceptualising Ireland's Competitiveness* (Ath-Choincheapachas Iomaíochais na hÉireann), Eanáir 2008
- *Discussion paper on Wellbeing and Competitiveness* (Plépháipéar um Leas agus Iomaíochas)

### Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2008: Imleabhar 1, Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil agus Imleabhar 2, Dúshlán Iomaíochais na hÉireann

Seoladh an Tuarascáil Bhliantúil - *Annual Competitiveness Report 2008, Volume 1: Benchmarking Ireland's Performance, Volume 2: Ireland's Competitiveness Challenge* leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais in Eanáir 2009.

Baineann *Benchmarking Ireland's Performance* úsáid as breis is 140 táscaire chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann i gcoinne raon geilleagar comparáideach. Is í aidhm na tuarascála seo bonn fianaise réadach ar fáil, go háirithe ionas gur féidir na laigí poitéinsiúla nó laigí atá ag teacht chun cinn sna fachtóirí a chuireann le hiomaíochas na hÉireann a aithint. Cuimsíonn measúnú iomaíochais na Comhairle polasaithe maidir le:

- An timpeallacht rialála, lena n-áirítear cánachas, iomaíochas agus an margadh saothair;
- Bonneagar fisiciúil na hÉireann, lena n-áirítear iompar TFC agus tithíocht; agus
- Bonneagar eolasbhunaithe na hÉireann, lena n-áirítear gach leibhéil oideachais, oiliúna agus T&F.

Is iad príomhtheachtaireachtaí na tuarascála gur tír chun cinn í Éirinn i gcónaí i dtéarmaí mhealladh na hinfheistíochta ó thíortha thar lear agus go bhfuil láidreachtaí suntasacha aici i líon beag earnálacha trádála idirnáisiúnta in ainneoin an choir chun donais sa gheilleagar faoi láthair. Is é an dúshlán atá ann don am amach romhainn a chinntiú go bhfuil geilleagar na

hÉireann iomaíoch go leor chun a chur ar chumas earnálacha a thrádáileann go hidirnáisiúnta tacaíocht a thabhairt do mhéaduithe amach anseo ar chaighdeáin mhaireachtála na hÉireann.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí le haghaidh gníomh polasaí a thagann chun cinn ón bpróiseas tagarmharcála:

- Aghaidh a thabhairt ar iomaíochas costais laghdaitheach na hÉireann;
- Na dúshláin a bhaineann le hardleibhéil fostaíochta a chothabháil;
- Infheistíocht bhonneagair a chothabháil i gcomhthéacs ioncaim laghdaitheacha Rialtais; agus
- Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghéara fuinnimh agus chomhshaoil na hÉireann.

Scaipeadh an tuarascáil tagarmharcála ar raon leathan státseirbhíseach sinsireach, polaiteoirí, ceannairí gnó, eacnamaithe agus daoine eile agus bhí an anailís mar bhonn taca le hobair NCC maidir lena moltaí a ullmhú do dhéantóirí polasaí.

Aithnítear na príomhdhúshláin iomaíochais os comhair na fiontraíochta in *Volume 2, Ireland's Competitiveness Challenge* agus leagtar amach gníomhartha soiléire polasaí ann ar féidir leo cabhrú le hiomaíochas na hÉireann a athbheochan. Cuirtear moltaí NCC in *Ireland's Competitiveness Challenge* i ngrúpaí faoi cheithre príomhréimse polasaí, mar seo a leanas.




Dr Don Thornhill, Cathaoirleach, NCC, ag seoladh *Thuarascáil Bhliantúil Iomaíochais* na Comhairle.

**Inbhuanaitheacht Airgeadais a Athbheochan**

Tá réaltacht chrua airgeadais os comhair na hÉireann anois. Tharla an meath ar airgeadais phoiblí go fíorthapa ar fad. Tá sé ríthábhachtach anois cothromaíocht a bhaint amach idir cinntí deacra maidir le caiteachas reatha a rialú cosúil leis an mbonn cánach a leathnú agus muirir trédhearcacha úsáideora a thabhairt isteach de réir mar is cuí — chomh maith le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán maidir le seirbhísí poiblí níos fearr a sheachadadh le níos lú acmhainní. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn NCC le:

- Ár gcomhréir iomaíoch cánachais[1] i leith saothar a chothabháil agus suíomh níos mealltaí a dhéanamh d'Éirinn chun sócmhainní doláimhsithe a cheannach agus a bhainistiú.
- Céimeanna eile a thionscnamh i dtreo cáin athfhillteach a thabhairt isteach ar mhaoin, agus aistriú ó dhleachtanna stampála ar cháin iad ar idirbhearta agus a fheidhmíonn mar bhac ar an margadh maoine a shaoradh. Bheadh sé sin ina thairbhe don gheilleagar agus d'fheabhsódh sé cobhsaíocht agus intuarthacht na n-ioncam cánach.
- Infheistíocht roghnaíoch leanúnach chun dul i ngleic le heasnaimh bhonneagair, fiú i gcomhthéacs an mhoillithe sa chaiteachas reatha. Tá próiseas dianchuimsitheach tosaíochta don chaiteachas caipitil phoiblí ag teastáil, bunaithe ar thorthaí soiléire ar infheistíocht agus cinnte a dhéanamh de go dtugtar tosaíocht do na tionscail sin atá riachtanach maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhilleadh ar ais ar fhás faoi cheannaireacht onnmhairithe.
- Tá NCC go háirithe tiomanta go mbainfidh Éire tairbhí ón bhfeidhmiú céimneach tráthúil á dhéanamh ar bonneagar agus seirbhísí leathanbhanda na chéad ghlúine eile agus creideann siad go mbeidh idirghabhálacha Stáit ag teastáil ina leith sin a mbeidh an-bhreathnú déanta orthu.

**Iomaíochas Costais a Athbheochan**

Príomhdhúshlán do gheilleagar na hÉireann is ea an laghdú atá tagtha ar iomaíochas costais na hÉireann:

- Is príomh-shaincheist do ghnólachtaí iad costais fuinnimh i gcomparáid le suímh eile a mbímid ag dul in iomaíocht leo le haghaidh trádála agus infheistíochta. Ba chóir go mbeadh athrú na haeráide ina shaincheist chroílárnach do pholasaí pobail ach tá gá le cúram chun a chinntiú nach lagaíonn bearta um chomhlíonadh spriocanna comhshaoil ár n-iomaíochas costais fuinnimh choibhneasta. Ba chóir go mbeadh rialáil éifeachtach maidir le costais fuinnimh inrialaithe a bhainistiú. Ba chóir go leanfaí ar aghaidh le haisghabháil an amhantair charbóin ó ghineadóirí d'úsáideoirí fuinnimh.
- Tá níos mó iomaíochais ag teastáil in earnálacha fothainiúla an gheilleagair, lena n-áirítear gairmeacha, bainistíocht dramhaíola agus miondíolaíocht agus dáileachán, agus ba chóir moltaí an Údaráis Iomaíochta a chur i bhfeidhm maidir le baic a laghdú ar iontráil go dtí margaí.
- Tá scóip ann chun ardtosaíocht a thabhairt do thacaíocht an Rialtais d'institiúidí airgeadais, chun a chinntiú go gcuireann iasachtóirí dóthain chaipitil ar fáil do ghnólachtaí ar théarmaí cuí.

**Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí a Bhaint Amach**

Is cuid thábhachtach í éifeachtúlacht sheachadadh na seirbhísí poiblí maidir le hiomaíochas foriomlán an gheilleagair. Tá gá le hardleibhéail comhtháthaithe i bhfoirmiú agus cur i bhfeidhm polasaí ar fud an Rialtais anois chun cuspóirí a chomhlíonadh, cosúil le hiomaíochas a fheabhsú, geilleagar carbóin ísil a ghnóthú agus geilleagar agus sochaí eolasbhunaithe a

1 Is cóimheas iomlán na gcánach saothair i gcomparáid le hiomlán na gcostas saothair é an comhréir cánach. Is dreasach pró-fhostaíochta é comhréir íseal do fhostóirí agus cuardaitheoirí post araon.

chruthú. Is é an dúshlán atá ann don tseirbhís phoiblí seirbhísí níos fearr a sheachadadh le níos lú acmhainní.

**Staid a ullmhú le haghaidh Téarnaimh**

Cé gur leag an Chomhairle béim ar raon gníomhartha gearrthéarma a bhfuil gá leo chun ár n-iomaíochas a fheabhsú, measann sí chomh maith go bhfuil sé ríthábhachtach nach gcaillfimid ár bhfócas atá á dhíriú ar na fachtóirí a chuirfidh dlús lenár n-iomaíochas fadtéarma chomh maith. Beidh soláthar lucht saothair ardoilte amach anseo, a mbeidh scileanna acu a thiocfaidh le riachtanais ghnó mar fhachtóir tábhachtach maidir le luas ár dtéarnaimh.

Rinneadh díospóireacht ar mholtaí na Comhairle ag comhdháil státseirbhíseach sinsearach, ceannairí gnó, eacnamaithe agus ceannairí ceardchumainn i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus fuair siad tacaíocht fhorleathan ó pháirtithe leasmhara. Bhí an-chuid moltaí NCC mar chuid den straitéis Rialtais um théarnamh eacnamaíoch, Geilleagar Forasach na hÉireann a Thógáil a eisíodh i mí na Nollag 2008.

## Costais a Bhaineann le Gnó a Dhéanamh

Príomhdhúshlán do gheilleagar na hÉireann is ea laghdú iomaíochas costais choibhneasta na hÉireann, mar thoradh ar bhoilsciú praghsanna níos airde in Éirinn (thart ar thrian amháin den chaillteanas) agus luachmhéadú an euro i gcoinne airgeadra an-chuid dár gcomhpháirtithe trádála (beagnach dhá thrian den chaillteanas). Tharla boilsciú in Éirinn a bhí níos airde ná an meánráta i rith na tréimhse 1999-2007 mar thoradh, den chuid is mó, ar bhoilsciú i bpraghas maoine agus seirbhísí, a gcuirtear an chuid is mó acu ar fáil laistigh den tír.

In 2008, lean NCC ar aghaidh ag measúnú na gcostas a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn. Ar na príomhchostais ionchuir ghnó a lagaíonn iomaíochas costas foriomlán na hÉireann, áirítear costais mhaoine; costais fóntais, go háirithe leictreachas, seirbhísí teileafóin gutha shocraithe; diúscairt dramhaíola; agus príomhsheirbhísí intíre, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC), cuntasaíocht agus seirbhísí dlí.

In ainneoin laghduithe costais tógála le bliain anuas, níl feabhas tagtha sna réimsí sin ar iomaíochas costais choibhneasta na hÉireann le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin i gcoinne suímh thagarmharcáilte.

Leagtar amach raon tosaíochtaí sa *Annual Competitiveness Report 2008 Volume 2, Ireland's Competitiveness Challenge* chun ár n-iomaíochas costais a athbheochan — lena n-áirítear earnálacha fothainiúla sa gheilleagar a nochtadh d'iomaíochas níos mó, costais gheilleagair a rialú, ár spriocanna acmhainní in-athnuaite a chur i gcothromaíocht le hinacmhainneacht agus baic ar infheistíocht phríobháideach a bhaint i mbonneagar bainistíochta dramhaíola. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an bhfógra a rinneadh le déanaí go dtabharfar freagairt fhoirmiúil ar gach tuarascáil de chuid an Údaráis Iomaíochta.

## Comhdháil NCC: Dúshlán Iomaíochais na hÉireann

Reachtáil NCC comdháil den teideal *Ireland's Competitiveness Challenge* i mí Dheireadh Fómhair 2008 in Ospideál Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath. Ba é cuspóir na comhdhála ardleibhéil sin déantóirí polasaí, daoine gnó agus baill den réimse acadúil a bhfuil an tionchar is mó acu in Éirinn chun plé a dhéanamh ar na dúshláin iomaíochais agus an timpeallacht domhanda athraitheach atá os comhair gheilleagar na hÉireann. Bhí sé mar

chuspóir ag an ócáid chun spreagadh a thabhairt do rogha éagsúil na dtoscairí chun freagairtí a bhreathnú, a phlé agus a fhorbairt ar na dúshláin sin.

Ar na príomhréimsí polasaí a pléadh ag an ócaid, áiríodh:

- Iomaíochas costais agus na gníomhartha a theastaíonn chun mealltacht na hÉireann a athbheochan le haghaidh fiontar a bhaineann le honnmhairiú;
- Oideachas agus nuálaíocht agus conas is fearr freastal a dhéanamh ar riachtanais fiontraíochta;
- Polasaí infheistíochta poiblí agus bonneagar na hÉireann a fhorbairt ar leibhéal agus caighdeán a bheadh inchomparáideach le suímh eile a bhfuilimid in iomaíocht leo maidir le trádáil agus infheistíocht; agus
- Iomaíochas fuinnimh agus athrú na haeráide



Mary Coughlan, TD, Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Dr Don Thornhill, Cathaoirleach, NCC ag an gComdháil NCC: *Ireland's Competitiveness Challenge.*

## Aighneacht don Choimisiún um Chánachas

I mí an Mheithimh 2008, rinne an NCC aighneacht d'obair leanúnach an Choimisiúin um Chánachas. Leag an NCC béim ar an tábhacht a bhaineann le comhréir cánach saothair iomaíoch a chothabháil agus an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chánachas maoine. Mhol NCC cánachas ar stoc maoine trí chánacha athfhillteacha in ionad cánacha ar idirbhearta.

Leag an aighneacht seo béim chomh maith ar an modh ar féidir le polasaí cánachais spreagadh a thabhairt do dhaoine chun a leibhéil scileanna a fheabhsú go leanúnach, agus d'áitigh sí ar an gCoimisiún Cánachais imscrúdú a dhéanamh ar conas is féidir cuideachtaí, cuideachtaí beaga, go háirithe a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt, agus conas is féidir spreagadh a thabhairt do chruthú agus bainistiú sócmhainní doláimhsithe (m.sh. brandaí, bogearraí, cóipcheart srl.) ó Éirinn.

Thug NCC rabhadh nach mór d'Éirinn dul ar aghaidh go cúramach maidir le cáin charbóin a thabhairt isteach toisc go bhfuil na costais a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn ardaithe cheana féin le blianta beaga anuas. Má tá cáin charbóin le tabhairt isteach, ba chóir é sin a dhéanamh ag ráta sách íseal agus é a ardú ansin de réir a chéile le himeacht ama.

### Pléphάipéar um Leas agus Iomaíochas

D'eisigh NCC *Discussion Paper on Wellbeing and Competitiveness* i mí Iúil 2008.

Maíonn an páipéar gur tiománaí tábhachtach iomaíochais í timpeallacht a thacaíonn le ardleibhéil leasa de réir mar a dhéanann Éire iarracht cuideachtaí agus oibrithe ar chaighdeán domhanda a mhealladh agus a fhorbairt agus de réir mar a aistrímid i dtreo fócas níos mó ar tháirgeadh earraí agus seirbhísí dian-eolasbhunaithe.

# Gníomhaíochtaí Forfás: Iomaíochas

## An Costas a Bhaineann le hOibríochtaí Miondíola a Fheidhmiú in Éirinn

D'iarr an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go ndéanfaidh Forfás athbhreithniú ar na costais a bhaineann le hoibríochtaí miondíola a fheidhmiú in Éirinn. Ba é cuspóir na hanailíse imscrúdú a dhéanamh ar chomhdhéanamh na gcostas gnó miondíola in Éirinn agus a chinneadh conas a thagann a mbonn costais i gcomhréir le miondíoltóirí i dtíortha eile. Aimsíodh sa staidéar go bhfuil costais oibríochta thart ar 25 faoin gcéad níos airde i mBaile Átha Cliath ná Béal Feirste ar an meán, ach nach bhfuil ach scair sách beag de na costais iomlána i gceist leo (thart ar 20-25 faoin gcead). Áitítear san anailís go gcuireann na costais oibríochta níos airde a thabhaíonn an earnáil mhiondíolaíochta in Éirinn thart ar cúig nó sé faoin gcéad le bonn costais iomlán na miondíoltóirí i mBaile Átha Cliath i gcomparáid leo sin a oibríonn i mBéal Feirste.

Ba í conclúid na hanailíse go bhfuil roinnt dúshláin le haghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear:

- Praghsanna a ísliú do chustaiméirí in Éirinn;
- Na costais a íocann miondíoltóirí as earraí a laghdú, a ndéanann siad argóint go bhfuil siad i bhfad níos airde ná na costais sin a bhíonn le híoc ag miondíoltóirí sa Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann. Mhol an staidéar go ndéanfaidh an tUdarás Iomaíochta athbhreithniú ar na baic ar dáileachán agus allmhairiú iomaíoch. Tá sé sin le tabhairt chun críche faoi lár 2009; agus
- Na costais maidir le gnó a dhéanamh in Éirinn a laghdú, sa chás go gcuirtear dlús le costais oibríochta níos airde in Éirinn le costais níos airde maoine, pá, fóntais (m.sh. fuinnimh, dramhaíola srl.) agus seirbhísí áitiúla.

## Cásanna Socheacnamaíocha

Thug Forfás faoi staidéar dírithe ar an todhchaí, *Sharing Our Future*, chun cúnamh a thabhairt do dhéantóirí polasaí maidir le forbairt pholasaí níos fadtéarmach agus chun a chinntiú go mbíonn Éire iomaíoch i gcónaí i ngeilleagar domhanda a thiomáintear níos mó de réir a chéile le coincheapa agus nuálaíocht. Tá gá le tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí níos fadtéarmachaí chun a bheith iomaíoch i gcónaí agus chun an tsolúbthacht riachtanach a ionchorprú i bpolasaí chun dul i ngleic leis na hathruithe sin.

Déantar cur síos ar raon riachtanais pholasaí straitéisigh i *Sharing Our Future* a mbaineann tábhacht leo má tá Éire chun an leas is fearr a bhaint as méadú amach anseo go dtí 2025.

Spreagann sé don phobal polasaí smaointeoireachta fadtéarma a thabhairt san áireamh maidir leis an déanamh cinntí gearrthéarma go léir a bhaineann le fiontraíocht in Éirinn. Cuireann an tuarascáil seo le creatlach an Rialtais um athnuachan eacnamaíoch inbhuanaithe, *Building Ireland's Smart Economy*.

Tagann na riachtanais aitheanta pholasaí straitéiseach faoi dheich gceannteideal. Áirítear ar na réimsí sin:

- Rialachas
- Pleanáil agus na Réigiúin
- Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide
- Soláthar agus Slándáil Fuinnimh
- Comhshaol agus Athrú na hAeráide
- Iompar
- Oideachas agus Scileanna
- Nuálaíocht agus Taighde
- Polasaí Sóisialta agus Caighdeán Saoil
- Fiontraíocht

Táthar ag súil go bhfoilseofar an anailís ar threochtaí, cásanna agus roghanna polasaí i lár 2009.

## Idirbheartaíocht Trádála Idirnáisiúnta

Leanann Forfás ar aghaidh ag soláthar tacaíocht taighde agus comhairle pholasaí don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le stádas na hÉireann a fhorbairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) agus san idirbheartaíocht ag leibhéal an AE maidir le polasaí trádála idirnáisiúnta amach anseo. Is rud suntasach d'Éirinn í an idirbheartaíocht agus í ina geilleagar beag oscailte atá an-spleách ar thrádáil idirnáisiúnta le haghaidh fáis agus post. Sholáthair Forfás anailís tionchair eacnamaíoch ar na tograí is déanaí maidir le léirscaoileadh trádála idirnáisiúnta agus trasuíomh Threoir an AE um Sheirbhísí. Leagann an anailís seo amach na gnóthachain phoitéinsiúla a bhaineann leis na tionscnaimh sin d'Éirinn, lena n-áirítear tairbhí rochtana feabhsaithe ar an margadh d'onnmhaireoirí. Rinne Forfás imscrúdú chomh maith ar sheasamh idirbheartaíochta na hÉireann maidir le seirbhísí idirnáisiúnta mar thacaíocht don Ghrúpa Straitéise Seirbhísí, rud a spreag moltaí um shásra foirmiúil leanúnach comhairliúcháin agus foirmiú foilseacháin nua bhliantúil ar sheirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

## Líonraí Teileachumarsáide na Chéad Ghlúine Eile (NGNanna)

Lean Forfás ar aghaidh le béim a leagan ar na tairbhí poitéinsiúla eacnamaíocha, sóisialta agus teicneolaíochta a bhaineann le hardchóras leathanbhanda agus tá obair déanta aige chun suim a spreagadh i bhforbairt bhonneagar NGN, atá tábhachtach ó thaobh fiontraíochta de.

Chuir Forfás ionchur ar fáil do pháipéar comhairliúcháin na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna um Leathanbhanda don Chéad Ghlúin Eile agus raon tionscnamh á mholadh aige chun a chinntiú go mbíonn fáil ar an mbonneagar NGN in Éirinn a luaithe a bhíonn fáil air i náisiúin atá chun cinn san Eoraip Thiar.

D'oibrigh Forfás leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna agus an Rialtóir Cumarsáide maidir le roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear:

- An bonneagar reatha cumarsáide in Éirinn, go háirithe maidir le comhordú beartaithe lárnach na mbonneagar agus duchtáil reatha cumarsáide faoi úinéireacht agus rialú an Stáit, agus forbairt orthu amach anseo;
- Feidhmíocht na hÉireann a thagarmharcáil ag leibhéal réigiúnach agus cathrach i gcoinne leibhéal tíortha eile Eorpacha; agus
- Dóchúlacht na hinfheistíochta bonneagair theileachumarsáide amach anseo a mhéadú i réimse na NGNanna.

## Ráiteas um Bonneagar

Oibríonn Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na gníomhaireachtaí forbartha agus ranna éagsúla rialtais chun na tosaíochtaí bonneagair a aithint atá riachtanach le haghaidh forbairt fiontraíochta agus na gníomhartha beartais a éilítear chun iad a sheachadadh.

Tá fáil ar bhonneagar nua-aimseartha agus seirbhísí bainteacha a phraghsáiltear go hiomaíoch ríthábhachtach chun tacaíocht a thabhairt don earnáil táirgeachta agus chun fás faoi cheannairreacht onnmhairithe a chothú. Ba chóir tosaíocht a thabhairt do thionscadail bhonneagair lena mbaineann an tábhacht is mó maidir le fás eacnamaíoch amach anseo agus na cinn sin lena mbaineann dealramh is mó chun tionchar a imirt i dtéarmaí infheistíocht a mhealladh ó thíortha thar lear agus gnólachtaí in Éirinn a thacú chun trádáil a dhéanamh go hidirnáisiúnta.

Leagann an tuarascáil seo na príomhthosaíochtaí infheistíochta agus polasaí bhonneagair ó thaobh dearcadh forbartha fiontraíochta agus iomaíochais de, bunaithe ar athbhreithniú ar infheistíochtaí roimhe seo agus riachtanais chliaint na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta. Áirítear ar na tosaíochtaí a aithníodh:

- Críochnú de réir an sceidil faoin mbliain 2010 an phríomhlíonra idiruirbigh a nascann Baile Átha Cliath le Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge, N18 na Gaillimhe-Luimnigh, N20 Luimnigh-Chorcaí N20 agus codanna N25 Chorcaí – Phort Láirge de Chonair Bhóthar an Atlantaigh agus uasghrádú an N4 (siar ón Muileann gCearr); an N5 (siar ón Longfort); N11 Bhaile Átha Cliath-Loch Garman; N25 Inis Córthaidh-Ros Mhic Thriúin; N28 Chorcaí-Rinn an Scidígh; agus N80 Phort Laoise-Thulach Mhór.
- Infheistíocht roghnaíoch leanúnach i roghanna iompair phoiblí (idir bus agus iarnród) a chuireann na torthaí is airde ar fáil, bunaithe ar anailís iomlán costais is tairbhe, iompar poiblí a fheabhsú i bpríomhionaid uirbeacha, go háirithe Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh. Creidimid gur chóir breathnú a dhéanamh go luath ar shíneadh an líonra Mhórlána Bus i mBaile Átha Cliath.
- Baineann tábhacht le seachadadh tráthúil idirnaisc bheartaithe fuinnimh na hÉireann, (.i. nasclíne thuaidh-theas agus an t-idirnasc thoir-thiar), agus le monarchana nua giniúna chun acmhainn imleor ghiniúna a chinntiú agus chun iomaíochas costais

fuinnimh a fheabhsú. Is gné thábhachtach é díchuachadh an líonra tarchurtha maidir le hinfheistíocht nua a mhealladh i margadh na hÉireann agus ba chóir dul chun cinn a dhéanamh air sin mar thosaíocht.

- Díchuachadh na sócmhainní reatha teileachumarsáide Stáit (údaráis tráchtála leathstáit, údaráis áitiúla, MANanna) chun líonra rochtana oscailte a sholáthar a bheidh in ann seirbhísí leathanbhanda na chéad ghlúine eile a sholáthar. Tá gá le creatlach rialála a dhéanann infheistíocht na hearnála príobháidí a dhreasú i mbonneagar leathanbhanda na chéad ghlúine eile, faoi réir muirir inghlactha úsáideoirí. Beidh bonneagar telecom don chéad ghlúin eile ríthábhachtach maidir le hiomaíochas amach anseo.
- Cruthú cinnteachta polasaí agus rialála san earnáil dramhaíola chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú i mbonneagar dramhaíola. Ní mór, go háirithe, aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist chun ról na n-údarás áitiúil a d'fhéadfadh a bheith coinbhleachtach mar sheirbhís nó soláthróir bonneagair agus mar rialtóir na hearnála.

Léiríodh an-chuid de na tosaíochtaí seo sa tuarascáil *Geilleagar Forasach na hÉireann a Thógáil.*.

## Rialáil

Chríochnaigh Forfás staidéar féidearthachta don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar chóras éascaíochta trádála 'Fuinneog Shingil', a d'fhéadfadh glanadh na n-allmhairithe agus onnmhairithe a shimpliú agus an t-ualach rialála trádáilbhainteach a laghdú ar an modh sin.

Mar chuid d'iarobair maidir le tuarascáil an Fhóraim Rialála Ghnó, ar chuir Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta ar fáil dó, tá Forfás ag obair leis an nGrúpa Ardleibhéil um Rialáil Ghnó chun oiliúint a sholáthar do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais maidir le cur i bhfeidhm an phróisis laghdaithe ualaigh chun ró-oifigiúlachas a laghdú d'fhiontair. Is cuid den phróiseas leanúnach é seo chun an t-ualach riaracháin a chuireann reachtaíocht intíre ar ghnó a laghdú faoi 25 faoin gcéad faoin mbliain 2012. D'fhoilsigh Forfás athbhreithniú ar shárchleachtas idirnáisiúnta i ríomh-Rialtas.

## Staidéir Táirgiúlachta

Tá sparánacht bunaithe ag Forfás chun spreagadh a thabhairt do thaighde faoi mhaoirseacht ar tháirgiúlacht ar cosúil go gcuirfidh sí le haithint roghanna polasaí. Bronnadh sparánachtaí ar cheathrar mac léinn iarchéime atá ag tabhairt faoi thaighde sa réimse táirgiúlachta in 2009. Ina theannta sin, reáchtáil Forfás roinnt seimineáir ardphróifíle ar tháirgiúlacht i rith na bliana mar iarracht chun an díospóireacht leanúnach ar na saincheisteanna a ardaíodh i bhfoilseachán Forfás, *Perspectives on Irish Productivity*, a chur chun cinn. Tá forbairt á déanamh ag Forfás faoi láthair ar threoir táirgiúlachta d'fhiontair chun cúnamh a thabhairt do bhainisteoirí maidir le tomhas agus feabhas na táirgiúlachta ag leibhéal gnólachta. Tá an treoir le foilsiú in 2009.

## Sonraí agus Tacaíocht Trádála

Sholáthair Forfás sonraí agus anailís trádála don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus chuir sé leabhrán le chéile chomh maith den teideal Enterprise Statistics at a Glance 2008. Thug Forfás sonraí le chéile ó fhoinsí eagsúla i bhformáid shingil inrochtana. Cuireann *Enterprise Statistics at a Glance 2008* staidrimh i láthair i leith na réimsí atá ábhartha d'fheidhmíocht earnáil fiontraíochta na hÉireann, fostaíocht agus aschur, trádáil idirnáisiúnta in earraí agus seirbhísí, sreabhadh infheistíochtaí díreacha eachtrannacha isteach agus amach, agus T&F gnó agus nuálaíocht. Leagann na staidrimh sa leabhrán seo béim ar roinnt de na príomhthreochtaí i ngníomhaíochtaí fiontar bunaithe in Éirinn agus cabhraíonn siad le cur síos a dhéanamh ar conas a bhíonn siad ag forbairt agus ag athrú le caitheamh ama.

# Fiontraíocht

**Tá bonn láidir fiontar ar fáil in Éirinn, idir dúchasach agus faoi úinéireacht tíortha eachtrannacha, chomh maith le cultúr a spreagann do chuideachtaí forbairt agus leathnú a dhéanamh.**

**Déanann Forfás comhairle pholasaí a sheachadadh, i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí forbartha, do thimpeallacht láidir fiontraíochta a chothaíonn nuálaíocht i seirbhísí agus a spreagann d’fhiontraíocht.**

# *Catching the Wave* – Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Seirbhísí

I láthair ag seoladh Thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Seirbhísí, *Catching the Wave, A Services Strategy for Ireland,* i mí Mheán Fómhair 2008, bhí an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, TD agus Tony Keohane, Cathaoirleach, an Grúpa Straitéise Seirbhísí.



D'fhoilsigh an Grúpa Straitéise Seirbhísí, a bhfuil Tony Keohane, Príomhfheidhmeannach, *Tesco Ireland*, ina chathaoirleach air, *Catching the Wave: A Services Strategy for Ireland* i mí Mheán Fómhair 2008. Sholáthair Forfás tacaíocht rúnaíochta agus taighde don Ghrúpa. Leagtar amach tograí polasaí nua a dearadh chun forbairt agus fás leanúnach earnáil seirbhísí na hÉireann a chothú sa tuarascáil, ar sheol Mary Coughlan, TD, Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta í.

Ar na príomh-mholtaí, áirítear:

**Forbairt Earnála**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar orduithe airí agus ráitis pholasaí agus leasuithe a dhéanamh orthu nuair is gá chun éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt ghníomhaireachtaí maidir le fás seirbhísí a chothú.
- Anailís dhomhain earnála a dhéanamh ar réimsí deise a aithníodh sa tuarascáil chun an leas is fearr a bhaint as an bpoitéinseal d'onnmhairithe seirbhísí. Déan an anailís sin arís ag eatraimh rialta chun a chinntiú go mbíonn ar chumas na hÉireann i gcónaí dul in oiriúint do threochtaí a thagann chun cinn.
- Breathnú a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh cuideachtaí seirbhísí na hÉireann chun leathnú amach go dtí tíortha thar lear mar chuid de straitéis níos fadtéarmaí Fiontraíocht Éireann, in éineacht le deiseanna le honnmhairiú a dhéanamh.

**Scileanna**

- Oideachas idirdhisciplíneach comhtháite le haghaidh gníomhaíochta seirbhíse cosúil leis an mbainistíocht eolaíochta seirbhísí agus na cláir innealtóireachta a chuirtear ar fáil in SAM agus sa Ríocht Aontaithe.
- Forbairt a dhéanamh ar phointí bónais iontrála choláiste agus iad a thabhairt isteach le haghaidh mhatamaitic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta. Cur le gairmiúlacht mhúineadh na matamaitice trí chéim mháistreachta, ard-dioplóma páirtaimseartha agus clár céime onóracha ceithre bliana a chruthú in oideachas matamaitice.

**Nuálaíocht**

- Bearta tiomanta tacaíochta gnó a aithint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun acmhainn T&F agus nuálaíochta a chur chun cinn i gcuideachtaí seirbhísí agus chun éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt seirbhísí i bhfiontraíocht déantúsaíochta.
- Tacaíochtaí struchtúrtha a sholáthar chun acmhainn institiúide T&F a fhorbairt i seirbhísí
- An Scéim Chreidmheasa Cánach náisiúnta T&F a leathnú amach chun T&F, seirbhísí agus nuálaíocht a thabhairt san áireamh.
- Polasaithe agus straitéisí nuálaíochta náisiúnta a leathnú amach chun nuálaíocht i seirbhísí a chuimsiú agus chun leanúint ar aghaidh ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur i bhfeidhm *na Straitéise um Theicneolaíocht agus Nuálaíocht Eolaíochta 2006 – 2013* (SSTI).
- Soláthar poiblí a úsáid chun seirbhísí a spreagadh maidir le nuálaíocht.

**Táirgiúlacht**

- A chinntiú go bhfuil dóthain chumhachta agus acmhainní ag an Údarás Iomaíochta chun a chur ar a chumas an sainordú a tugadh dó a chomhlíonadh. Próiseas a thabhairt isteach ina dtugann an Rialtas freagart go foirmiúil ar mholtaí ón Údarás.
- Scéim dearbháin a thabhairt isteach chun spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí seirbhíse a dhéanann trádáil go háitiúil a bhfeidhmíocht a thagarmharcáil i gcoinne an tsárchleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn a dtáirgiúlacht a fheabhsú.
- Clúdach agus caighdeán na staidreamh ar an earnáil seirbhísí a fheabhsú chun bonn eolais níos fearr a chur ar fáil do pholasaí poiblí.

## Eolaíochtaí Bheatha – Anailís ar Chnuasaigh Idirnáisiúnta

Tá straitéis á forbairt ag Forfás, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha, Fiontraíocht Éireannn, IDA Éireann, agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, chun claochlú na hearnála eolaíochtaí beatha in Éirinn a thacú.

Tá dianú tagtha ar luas na hiomaíochta domhanda agus tá straitéisí eolaíochtaí beatha forbartha ag an-chuid tíortha chun a aithint conas is féidir leo T&F, fiontraíocht agus fás cuideachtaí dúchasacha a spreagadh agus cáil láidir a fhorbairt ar mhaithe le hinfheistíocht shoghluaiste a mhealladh.

Thug Forfás faoi athbhreithniú deascbhunaithe ar chnuasaigh eolaíochtaí beatha idirnáisiúnta agus anailís níos doimhne ar thrí chnuasach shainiúla (Medicon Valley, Singeapór agus North Carolina), a bhfuil cur chuige éagsúil glactha acu maidir leis an earnáil a fhorbairt. Scaipeadh an tuarascáil ar pháirtithe leasmhara i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Leag an anailís béim ar roinnt tréithe uileghabhálacha atá soiléir sna cnuasaigh eolaíochtaí beatha is mó ar éirigh leo:

- Tá ceannaireacht láidir riachtanach agus is é an pobal gnó agus nó/an stat a chuireann ar fáil í de ghnáth, le tacaíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach pháirtithe leasmhara cúram sláinte agus acadúla.

- Is féidir le dearcaí idirnáisiúnta agus náisiúnta cnuasaigh tionchar a imirt ar a fhorbairt leanúnach agus bíonn príomhról ag tionscnaimh taighde ardphróifíle maidir le taighdeoirí agus buanna den scoth a mhealladh.
- Baineann cnuasaigh a éiríonn leo úsáid as na deiseanna a bhíonn ann ag trasnú na dteicneolaíochtaí agus na n-earnálacha tionscail éagsúla, agus nascann siad na heolaíochtaí beatha le réimsí eile teicneolaíochta (m.sh. bithaisnéisíochta, bithchosaint, cumarsáid agus teicneolaíochtaí braiteora).
- Is gníomhaíocht chroílárnach agus leanúnach í iarrachtaí tráchtálaíochta teicneolaíochta a fheabhsú. Sonraíonn na cnuasaigh sin a mbaineann stair láidir tráchtálaíochta leo fiú, an tábhacht a chuirtear i leith feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an timpeallacht tacaithe de réir mar a chlaochlaíonn an earnáil.
- Tá straitéis ag gach réigiún chun caipiteal riosca a mhealladh, cé go d'fhéadfaí cur chuige éagsúil a úsáid ag brath ar chéim forbartha an chnuasaigh.
- D'fhéadfadh cnuasaigh fhadbhunaithe fócas a dhíriú go príomha ar éascaíocht a dhéanamh do naisc idir caipitlithe fiontair agus gnólachtaí réigiúnacha.
- D'fhéadfadh suímh nach bhfuil chomh bunaithe sin fócas a dhíriú ar líonraí infheistíochta aingil réigiúnacha a chruthú agus an réigiún a chur chun cinn do ghnólachtaí caipitlithe chun dul i bhfiontar.

Cé go mbaineann staid mhaith le hÉirinn laistigh den earnáil eolaíochtaí beatha domhanda inniu, athdhearbhaíonn an fócas agus an infheistíocht mhéadaithe a dhéanann tíortha eile chun tacaíocht agus dlús a chur leis an earnáil laistigh dá ngeilleagair féin an riachtanas atá le treoir straitéiseach a fhorbairt agus a chur in iúl d'earnáil eolaíochtaí beatha na hÉireann, agus chun ceannaireacht agus comhiarracht a léiriú chun na gníomhartha a bhfuil gá leo a sheachadadh d'fhonn tacaíocht a thabhairt dá claochlú agus fás amach anseo.

## Eolaíochtaí Beatha – Éiceachóras na hÉireann

Bhí an tuarascáil um chnuasaigh, a gcuirtear síos uirthi thuas, mar ghné de staidéar ar an éiceachóras gnó don earnáil eolaíochtaí beatha a fhoilseofar in 2009. Tá sé mar aidhm ag an staidéar a chinntiú go bhfuil an cumas is fearr ionainn chun deiseanna amach anseo a úsáid bunaithe ar threochtaí domhanda agus chun béim a leagan ar láidreachtaí agus acmhainní na hearnála in Éirinn inniu.

Chun críocha an staidéir, sainmhíníodh an earnáil eolaíochtaí beatha chun cógaisíocht, biteicneolaíocht, teicneolaíochtaí leighis, nútraiceodaigh agus seirbhísí tacaíocht sainearnála a thabhairt san áireamh.

Faightear comhchruinniú níos mó de réir a chéile ar fud fo-earnálacha a bhíodh éagsúil óna chéile tráth, mar thoradh ar fhorbairtí i dtaighde agus teicneolaíochtaí eolaíochta. Léiríonn treochtaí domhanda go bhfuil táirgí agus seirbhísí nua bunaithe ar leigheas pearsantaithe, tháirgí comh-mheascáin, bianna a fheabhsaítear go bitheolaíochta agus ciandiagnóisic a dtacaíonn TCF leo, ag teacht chun cinn cheana féin. Tá sé mar aidhm ag an staidéar seo a aithint conas is féidir le hÉireann a héiceachóras reatha eolaíochtaí beatha a threisiú chun leas a bhaint as an gclaochlú seo.

## Iomaíochas Réigiúnach a Chruthú

In 2008, thosaigh Forfás ar staidéar ar iomaíochas réigiúnach, agus é mar aidhm aige a chinntiú go gcuirtear ar chumas gach réigiún a timpeallacht iomaíoch a fhrobairt, ó thaobh dearcadh fiontraíochta de, trí chur lena láidreachtaí agus líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus aghaidh a thabhairt ar bhaic ar fhorbairt le linn thréimhse na *Straitéise Spáis Náisiúnta* (NSS) go dtí 2020.

Tá dlúthobair á déanamh ag Forfás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORA) ar an staidéar. Chuaigh Forfás i gcomhairle go forleathan leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, na tionóil réigiúnacha, na húdaráis réigiúnacha agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

Tá forbairt á déanamh ag Forfás ar shraith Chláir Oibre um Iomaíochas Réigiúnach (RCAs)[2] do gach ceann de na hocht réigiún[3], bunaithe ar anailís chainníochtúil agus cáilíochtúil ar fud príomhfhachtóirí iomaíochais, lena n-áirítear:

- Fiontraíocht agus Geilleagar
- Scileanna
- Nuálaíocht
- Rochtain agus Nascacht
- Caighdeán Saoil
- Ceannaireacht

Tá sé mar aidhm ag na RCAnna seo measúnú a dhéanamh ar conas is féidir le gach réigiún cur lena bpoitéinseal féin, laistigh den chomhthéacs náisiúnta foriomlán, agus leanúint ar aghaidh ag forbairt timpeallachta iomaíocha chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fiontraíochta le linn an mheántéarma. Leagfaidh siad béim ar dheiseanna chun cur le láidreachtaí sainiúla gach réigiúin, aon bhaic a aithint agus sásraí a mholadh chun aghaidh a thabhairt orthu.

Spriocdhíreofar an t-aschur ón dtionscadal ar raon leathan páirtithe leasmhara agus beidh sé mar aidhm tionchar a imirt ar an gclár gnó fiontraíochta laistigh d'fhorbairt réigiúnach amach anseo:

- Cur le athnuachan na *Straitéise Spáis Náisiúnta,* arna moladh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil don bhliain 2009;
- Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta chun tionchar a imirt ar raon imreoirí a bhfuil ról acu maidir le forbairt réigiún iomaíoch ionas go nglacfar gníomhartha comhtháite a thagann lena chéile, a mbaineann tábhacht leo ó thaobh dearcadh fiontraíochta de;
- Cur le forbhreathnú eacnamaíoch leis an athbhreithniú ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí atá ar sceideal le críochnú faoi thús 2010; agus

2 Cuirfidh na RCAnna leis na Cláir Ghnó Straitéiseacha Réigiúnacha a forbraíodh in 2006/2007 agus cuirfidh siad luach leo agus leis an Tuarascáil um Chur i bhFeidhm Geataí, (*Gateways Implementation Report*), arna fhoilsiú ag RCORA agus Forfás in 2006.

3 Is iad na hocht réigiún: an tIardheisceart, an t-Iarthar Láir, an t-Iarthar, Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, an tOirthear Láir, an tOirthear agus an tOirdheisceart mar a shainmhínítear in ainmniú réigiún an AE, NUTS iii

- Freagairtí a fhoirmiú ar phróiseas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le Leasú Údaráis Áitiúil i gcomhthéacs na forbartha réigiúnaí.

Tabharfar tuarascáil deiridh chun críche in 2009.

## Riachtanais Fiontraíochta sa Todhchaí

Ag féachaint do thuiscint níos fearr a fhorbairt ar an mbonn dóchúil fiontraíochta amach anseo in Éirinn agus leordhóthaineacht na straitéisí reatha a bhaineann le fiontraíocht, chuir Forfás tús le hathbhreithniú in 2008 chun:

- Measúnú a dhéanamh ar an mbealach is dócha go gclaochlóidh agus go forbróidh fiontraíocht in Éirinn in 2020.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí reatha le haghaidh iomchuibhis, leordhóthaineachta agus gnéithe comhlántacha.
- Aon ghníomhartha nó athruithe breise a aithint sa bhéim a bhfuil gá léi chun a chinntiú go ndéantar timpeallacht ghnó a chothú in Éirinn a dhéanfaidh éascaíocht d’fhiontraíocht, de réir mar a d’fhéadfadh sí claochlú, agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhartha agus infheistíochtaí foriomlána.

Beidh comhairliúchán cuimsitheach leis an bpobal gnó, an réimse acadúil, an rialtas agus na gníomhartha forbartha i gceist leis an athbhreithniú agus tabharfar chun críche é laistigh de 12 mí.

## Aighneacht Bhuiséad Forfás 2009

Thug aighneacht Bhuiséad Forfás 2009 chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ionchuir na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta le chéile agus leag sí amach tosaíochtaí cánachais agus caiteachais maidir le forbairt fiontraíochta.

Dhá phríomhghné a bhí mar bhonn taca leis an aighneacht ab ea:

- Iomaíochas a chothabháil agus a chinntiú nach méadaíonn an costas iomlán a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn; agus
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh infheistíochta don am amach romhainn agus cur leis an ngeilleagar eolasbhunaithe.

Rinneadh cur síos ar na moltaí maidir le bearta cánachais faoi thrí cheannteideal:

- Deiseanna um fhorbairt an mhargaidh agus um fheabhsú an gheilleagair eolasbhunaithe
- Forbairt inbhuanaithe
- Baic ar fhorbairt an mhargaidh a laghdú

Cuireann Forfás fáilte roimh an bhfógra a rinneadh le déanaí sa Bhuiséad Forlíonach 2009 go dtabharfar isteach asbhaint chánach le haghaidh sócmhainní doláimhsithe mar a mholtar ina Aighneacht Réamh-Bhuiséid agus ina chur i láthair don Choimisiún um Chánachas.

Braitheann iomaíochas gheilleagar na hÉireann amach anseo ar an gcumas chun córas bonneagair den scoth a fhorbairt chomh maith le hacmhainn chaipitil daonna chun an geilleagar a bhrú chun cinn. I dtéarmaí tosaíochtaí caiteachais phoiblí, rinne an aighneacht

imscrúdú ar chláir faoi cheannteidil éagsúla *an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013* (NDP) de réir mar a d'imir siad tionchar ar fhiontraíocht.

Rinneadh cur síos ar thosaíochtaí sonracha maidir le:

- Caipiteal Daonna – aithníodh go háirithe TFC i scoileanna mar thosaíocht chomh maith le bearta chun cur i bhfeidhm *na Straitéise Scileanna Náisiúnta* a chinntiú.
- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht – áiríodh ar na réimsí a ndearnadh tosaíocht dóibh, bonneagar taighde den scoth, comhoibriú tionscail/institiúidí ardoideachais agus an leas is fearr a bhaint as poitéinseal tráchtála phobal taighde na hÉireann.
- Bonneagar Eacnamaíoch – bhain réimsí a ndearnadh tosaíocht dóibh le teileachumarsáid, fuinneamh, iompar, uisce agus dramhaíl.

## Airgeadas Trádála

Tá ról tábhachtach ag árachas creidmheasa maidir le cosaint a sholáthar ar dhíoltóirí i gcoinne an riosca iomlán, nó cuid de, a bhaineann le mainneachtain íocaíochta ag an gceannaí. Is fadhb shuntasach chasta faoi láthair í aistarraingt agus laghdú árachais chreidmheasa ghearrthéarma ag árachóirí creidmheasa príobháideacha, a chlúdaíonn tréimhse níos giorra ná dhá bhliain. Imríonn sé tionchar ar na díoltóirí a dteastaíonn uathu a chinntiú go bhfaighidh siad íocaíocht agus ceannaithe maidir lena gcumas chun a n-ionchuir ó sholáthraithe a dhaingniú agus a mhaoiniú. Is forbairt a tharla le déanaí iad na fadhbanna árachais chreidmheasa a bhaineann go dlúth le coinníollacha reatha neamhchinnte eacnamaíocha domhanda agus intíre, a bhfuil árachóirí creidmheasa príobháideacha ag gníomhú mar thoradh orthu chun a nochtadh riosca a laghdú.

Ar iarratas na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tar éis comhairliúchán cuimsitheach a dhéanamh le cuideachtaí, árachóirí creidmheasa príobháideacha, bainc, Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, an Coimisiún Eorpach agus ionadaithe ar líon na n-aireachtaí eacnamaíocha eile san Aontas Eorpach, rinne Forfás agus Fiontraíocht Éireann iarracht chun raon roghanna polasaí a aithint agus a mheasúnú chun na fadhbanna atá ann faoi láthair maidir le hárachas creidmheasa a mhaolú. Ar na roghanna polasaí a ndearnadh imscrúdú orthu, bhí:

- Cómhaoiniú Stáit um breisiú le haghaidh laghduithe i bpolasaithe árachais chreidmheasa.
- Idirghabhálacha Stát-dírithe.
- An tionchar a mhaolú tríd an gcóras baincéireachta.

I bhfianaise an ardchostais dhóchúil don Stát a bhainfeadh le scéim árachais chreidmheasa onnmhairithe a thabhairt isteach, an mhéadaithe réamhthuartha shuntasaigh i rataí mainneachtana agus an chostais bhisigh mhéadaithe do chuideachtaí, léiríonn an measúnú go mbeadh tionchar teoranta i gceist le scéim áracháis chreidmheasa stát-tacaithe onnmhairithe. Leanfar ar aghaidh ag díriú fócas ar imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun an tionchar a mhaolú tríd an gcóras baincéireachta. Tá imscrúdú á dhéanamh ar shásraí airgeadais trádála ar fáil laistigh de chóras baincéireachta na hÉireann mar chuid den Athbhreithniú ar Iasachtú Bainc d'Fhiontair Bheaga agus Mhéanmhéide (i gcomhthéacs an tionscnaimh athchaipitlithe bhainc) agus tá imscrúdú á dhéanamh ar phoitéinseal um ghníomh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun scóip ráthaíochtaí comhroinnt riosca a mhéadú a chuirtear ar fáil chun srianta maoinithe a mhaolú.

## Aighneacht chuig an gCoimisiún um Chánachas

Rinne Forfás, thar ceann na ngníomhaireachtaí forbartha, cur i láthair don Choimisiún um Chánachas dhá uair (Bealtaine 2008 agus Feabhra 2009). Dhírigh an dá chur i láthair ar conas is féidir le bearta cánachais cur le forbairt na hÉireann mar gheilleagar eolasbhunaithe sa mheántéarma, agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais ghearrthéarma ghnó ag an am céanna.

Rinne Forfás roinnt moltaí chun comhdhlúthú gníomhaíochtaí ardluacha in Éirinn a spreagadh, ag díriú ar an ngá le timpeallacht mhealltach a chruthú chun sócmhainní doláimhsithe, cosúil le maoin intleachtúil (IP), a lonnú. Cuireann Forfás fáilte roimh an bhfógra a rinneadh le déanaí sa Bhuiséad Forlíontach (Aibreán 2009) go dtabharfar isteach asbhaint chánach le haghaidh sócmhainní doláimhsithe.

Leag Forfás béim chomh maith ar réimhsí den chóras cánach a d'fhéadfaí a fheabhsú chun:

- Éascaíocht a dhéanamh d'idirnáisiúnú ó Éirinn
- Scileanna agus rannpháirtíocht an luchta saothair a fhorbairt chun a chinntiú go mbaintear amach na spriocanna a leagtar amach faoin *Straitéis Scileanna Náisiúnta*; agus
- Éifeachtúlacht agus éascú comhlíonta a fheabhsú do ghnólachtaí.

# Eolas

**Tá infheistíochtaí suntasacha déanta ag Éirinn maidir le cur le hardacmhainn i réimsí croílárnacha teicneolaíochta.**

**Ní mór dúinn a chinntiú anois gur féidir linn na scileanna seo a chur i bhfeidhm. Caithfimid ár smaointe a chur in iúl le táirgí agus seirbhísí ardluacha, agus a chinntiú go n-úsáidtear na scileanna a fhoghlaimíonn ár ndaoine go cuí le haghaidh fiontair reatha agus muid ag súil leis na deiseanna a bheidh ar fáil amach anseo.**

**Rinne Forfás dlúthobair leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ranna eile rialtais i rith 2008, mar thacaíocht do na spriocanna a luaitear sa** *Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013.*

# An Chomhairle Chomhairleach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Is í an Chomhairle Chomhairleach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ASC) comhlacht comhairleach ardleibhéil an Rialtais maidir le saincheisteanna polasaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta (STI). Is é an comhéadan príomha idir páirtithe leasmhara agus déantóirí polasaí sa réimse STI. Cuireann Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta ar fáil don ASC.

Is é sainchúram na Comhairle chun straitéis náisiúnta shoiléir agus éifeachtúil le haghaidh STI a fhorbairt agus a sheachadadh agus chun comhairle a sholáthar don Rialtas maidir le polasaí meántéarma agus fadtéarma do STI.

D'oibrigh an Chomhairle ar na hábhair seo a leanas i rith 2008:

- Creatlach um Ghairmeacha Taighdeoirí
- Rannphháirtíocht Idirnáisiúnta na hÉireann in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
- An Leas is Fearr a Bhaint as ionchur 4ú leibhéal d'fhiontraíocht in Éirinn

### I dTreo Creatlaí um Ghairmeacha Taighdeoirí

D'fhoilsigh an ASC *Towards a Framework for Researcher Careers* i mí Dheireadh Fómhair 2008. Déanann an tuarascáil imscrúdú ar conas a fhorbraíonn gairmeacha taighde in Éirinn agus cuirtear stádas na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile ann, lena n-áirítear an Chóiré, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

Éilíonn an tuarascáil ar struchtúr gairme níos sainmhínithe le haghaidh líon méadaitheach taighdeoirí den scoth atá ag tabhairt faoi oiliúint in Éirinn ionas gur féidir leis na hearnálacha go léir, lena n-áirítear an réimse acadúil, an earnáil phoiblí agus fiontraíocht tairbhe iomlán a bhaint as aistriú eolais, scileanna agus teicneolaíochtaí.

Moltar sa tuarascáil:

- gur chóir go ndéanfaí dul chun cinn gairme struchtúrtha trí phróiseas iomaíoch, trédhearcach piar-athbhreithnithe a thugann cúiteamh agus a dhéanann éascaíocht do shoghluaisteacht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus idir institiúidí ardoideachais (HEIanna), fiontair, an earnáil phoiblí agus institiúidí taighde.
- gur chóir soghluaisteacht taighdeoirí a fheabhsú trí théarmaí agus coinníollacha comhchosúla a sholáthar do thaighdeoirí in institiúidí tríú leibhéal mar a bhíonn ann do thaighdeoirí ag leibhéil chomhchosúla sna hearnálacha fiontraíochta agus poiblí.
- gur chóir scileanna fiontraíochta/gnó a theagasc do thaighdeoirí, cosúil le tráchtálaíocht na dtorthaí taighde, chomh maith le hoiliúint bhainistíochta agus mhargaíochta a fháil.
- gur chóir spriocanna a leagan amach le haghaidh rannpháirtíocht níos airde na mban i dtaighde.

Rinne an Coiste Idir-Rannach um Eolaíocht agus Teicneolaíocht breathnú ar mholtaí na Comhairle agus tá an Grúpa Taighde Ardoideachais á dtabhairt ar aghaidh anois.



Sa ghrianghraf seo, ag seoladh Thuarascáil an ASC, *Towards a Framework for Researcher Careers*, tá (ó chlé go deis) an tOll. Dolores Cahill, Cathaoirleach Thascfhórsa ASC agus Ball den ASC; An Dr Jimmy Devins, TD, iar-Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta; agus Mary Cryan, Cathaoirleach, ASC.

## Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta na hÉireann in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

D'fhoilsigh an Chomhairle *Ireland's International Engagement in Science, Technology and Innovation* i mí na Nollag 2008. Éilíonn an tuarascáil ar chur chuige níos straitéisí i dtreo rannpháirtíocht idirnáisiúnta, a gcuireann na spriocanna a leagtar amach sa *Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht* (SSTI) dlús léi.

Ar mholtaí na Comhairle, áirítear:

- An gá le suntas a chur i leith rannpháirtíocht STI idirnáisiúnta laistigh de struchtúir rialachais a bunaíodh chun SSTI a chur i bhfeidhm.
- Comhordú feabhsaithe ar fud na rann agus na ngníomhaireachtaí rialtais chun an leas is fearr a bhaint as tairbhí a thagann ó chomhaontuithe a bunaíodh ar bhonn aontaobhach san am atá caite.
- Béim níos mó le leagan ar na tairbhí a bhaineann le soghluaisteacht amach taighdeoirí le haghaidh inbhuanaitheacht fadtéarma chóras taighde na hÉireann.
- Spriocanna sonracha le socrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu ionas gur féidir le gníomhaireachtaí maoinithe a léiriú conas a bhaineann na taighdeoirí agus na fiontair a dtacaíonn siad leo an leas is fearr as an bpoitéinseal a chuirtear ar fáil le Creatchlár 7 agus cláir eile idirnáisiúnta.
- Cinntí le déanamh maidir le ballraíocht eagraíochtaí taighde idirnáisiúnta laistigh de chomhthéacs straitéise níos leithne i leith réimse na heolaíochta, agus teicníochtaí costais is tairbhe le cur i bhfeidhm chun a chinntiú gurb í ballraíocht an modh is iomchuí le cuspóirí a bhaint amach.
- Oifigí na hÉireann atá lonnaithe i dtíortha thar lear, in áiteanna ina bhfuil suim ard STI, le hobair a dhéanamh le chéile chun seirbhísí atá ceangailte leis na spriocanna in SSTI a sheachadadh.

### An Leas is Fearr a bhaint as Ionchur 4ú Leibhéal i bhFiontraíocht in Éirinn

Príomhthosaíocht a aithníodh san SSTI is ea acmhainn na fiontraíochta le méadú a dhéanamh agus go sonrach, acmhainn chun céimithe PhD a fhostú. Cheap an ASC tascfhórsa chun imscrúdú a dhéanamh ar na scileanna a éilíonn fiontair ón gceathrú leibhéal in Éirinn, na rólanna i bhfiontraíocht agus an earnáil phoiblí a chomhlíonann céimithe PhD agus na baic a laghdaíonn líon na gcéimithe a mhealltar le hobair a dhéanamh i bhfiontraíocht agus san earnáil phoiblí.

Soláthróidh an tuarascáil, atá le foilsiú le linn 2009, anailís ar fhostaíocht reatha chéimithe PhD, dearcaí fostóirí fiontraíochta maidir le taighdeoirí PhD agus moltaí chun soghluaisteacht taighdeoirí PhD a mhéadú idir an réimse acadúil agus fiontraíocht.

# Gníomhaíochtaí Forfás: Eolas

## Grúpa Aiseolais Fiontraíochta SSTI

Cheap an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, TD, an Grúpa Aiseolais Fiontraíochta maidir le SSTI (EFG), i mí na Samhna 2008 mar chuid de struchtúir fhorfheidhmiúcháin Straitéis an Rialtais um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. Leathnaíonn sainordú an Ghrúpa amach go dtí an bhliain 2013.

Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Ghrúpa, a bhfuil Lionel Alexander, Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta *Hewlett Packard Manufacturing*, mar chathaoirleach air.

Is iad feidhmeanna an Ghrúpa Aiseolais Fiontraíochta:

- Comhairle a chur ar fáil laistigh den réimse SSTI agus dá chuspóirí maidir le saincheisteanna a bhaineann le gnó agus tionscal;
- Feidhmiú mar shásra aiseolais don Choiste Idir-Rannach (IDC) um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht trí ionchur a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach SSTI;
- Oibriú mar shásra cumarsáide idirghníomhach dhá bhealach, i gcás ina rachaidh comhroinnt eolais agus faisnéise maidir le SSTI chun tairbhe gach duine agus ina spreagfar dó sin; agus
- Comhairle a sholáthar don IDC maidir le forbairt leanúnach pholasaí agus chláir a bhaineann le SSTI, lena n-áirítear comhairle faoi tráchtálaíocht torthaí taighde.

## Limistéar Taighde Eorpach – Dearcaí Nua

Sholáthair Forfás comhairle pholasaí don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2008 maidir le tionscnaimh taighde a tháinig chun cinn ó *Green Paper on the European Research Area – New Perspectives* leis an gCoimisiún Eorpach.

Chuir an Coimisiún Eorpach raon tograí chun cinn in 2008 trí Uachtaránachtaí na Slóivéine agus na Fraince chun aghaidh a thabhairt ar fhís agus rialachas feabhsaithe an Limistéir Taighde Eorpaigh (ERA). Ghlac Forfás páirt ghníomhach sa phlé maidir le fís athnuaite ERA a

chinnteoidh go dtabharfar ról na nuálaíochta san áireamh. Ba é an toradh a bhí air sin gur glacadh fís athnuaite don ERA faoi Uachtarántacht na Fraince i mí na Nollag 2008.

Cuireadh struchtúir nua rialachais i bhfeidhm chun an chomhpháirtíocht idir Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach a threisiú agus chun roinnt de na tionscnaimh shonracha a sheachadadh ar sheol an Coimisiún Eorpach iad faoi choimirce an ERA, lena n-áirítear:

- Comhchlárú taighde chun dul i ngleic le dúshláin na sochaí;
- Creatlach nua dlí do bhonneagair thaighde na hEorpa;
- Cur chuige nua maidir le comhoibriú S&T le tíortha lasmuigh den Eoraip; agus
- Pas taighdeora chun aghaidh a thabhairt ar bhaic a bhíonn ann go leanúnach ar shoghluaisteacht taighdeoirí san Eoraip.

Chuaigh Forfás i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar gach ceann de na tionscnaimh sin agus thacaigh sé leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun cruinnithe Chomhairle Iomaíochais an AE a ullmhú, inar chomhaontaigh na hAirí ar a bhfreagairt ar gach ceann de thograí an Choimisiúin Eorpaigh.

## Comhchlárú Taighde san Eoraip

Ghlac an Coimisiún Eorpach togra maidir le Comhchlárú Taighde san Eoraip i mí Iúil 2008, a bhfuil sé mar aidhm aige comhordú níos láidre taighde phoiblí a bhaint amach ar fud bhallstáit an AE i réimsí atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshlain na sochaí, cosúil le sláinte agus dul in aois, athrú na haeráide, cosaint chomhshaoil agus slándáil an tsoláthair bhia. Tá amchlár dhá bhliain curtha le chéile ag an gCoimisiún chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh chur i bhfeidhm na dTionscnamh sonrach um Chomhchlárú ag deireadh 2010.

Chuaigh Forfás i gcomhairle le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí maoinithe is mó a d’imreodh tograí an Choimisiúin tionchar orthu agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tacú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i bplé faoi na tionscnaimh shonracha um chomhchlárú le linn na míonna amach romhainn. Déanfaidh Forfás iarracht le linn an phlé sin, chun freagairt a fháil ar an aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear:

- Na hábhair shonracha thaighde agus dúshláin na sochaí ina bhféadfadh go mbeadh ról tábhachtach ag Éirinn i gcomhpháirtíocht le ballstáit eile;
- Na sásraí a bhfuil gá leo chun rannpháirtíocht chuí fiontraíochta a chinntiú sna tionscnaimh um chomhchlárú ionas gur féidir an leas is fearr a bhaint as aschur na taighde ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa;
- An comhtháiteacht idir tionscnaimh um chomhchlárú agus na hionstraimí reatha a bhaineann le taighde Eorpach (m.sh. CreatChlár 7, Comhthionscnaimh Teicneolaíochta, ERA-NETanna agus Tionscnaimh Airteagal 169);
- Saincheisteanna polasaí a bhaineann le comhchruinniú acmhainní na mballsát, lena n-áirítear, cibé ar chóir, nó i gcén coinníollacha ar chóir, aon chistí taighde náisiúnta a chaitheamh lasmuigh den tír.

## Fóram Straitéise na hEorpa um Bonneagair Thaighde

Lean Forfás, in éineacht leis an Údarás um Ardoideachas (HEA), ar aghaidh ag déanamh ionadaíocht ar Éirinn ar Fhóram Straitéise na hEorpa um Bonneagair Thaighde (ESFRI) agus chuir sé leis an gcéad nuashonrú ar an ESFRI *Roadmap for Research Infrastructures*, ar foislíodh é in 2008.

Bunaíodh an ESFRI sa bhliain 2002 chun tacaíocht a thabhairt do chur chuige comhtháite faoi cheannaireacht straitéise maidir le déanamh polasaí ar infheistíocht bhonneagair thaighde san Eoraip agus chun éascaíocht a dhéanamh do thionscnaimh iltaobhacha a chabhróidh le húsáid níos fearr a bhaint as bonneagar taighde, agus forbairt níos fearr a dhéanamh air, ag an leibhéal AE agus idirnáisiúnta. Is é ceann de phríomh-aschuir an ESFRI an foilseachán a d'eisigh sé den teideal *Roadmap of European Research Infrastructure*.

D'aithin an chéad phlean oibre, arna fhoilsiú in 2006, 35 tionscadal, lenar bhain suim Phan-Eorpach, a bhí le cur le chéile le linn na 10-15 bliain amach romhainn. Déanann Forfás agus an HEA iarracht chun a chinntiú go dtugtar freagairt chomhtháite Éireannach ar an bplean oibre ESFRI agus chun rannpháirtíocht a chothú, i gcás inar cuí, i dtionscnaimh chun na tionscadail ar an bplean oibre a ghnóthú. Tá institiúidí taighde Éireannacha, arna dtacú leis na gníomhaireachtaí maoinithe ábhartha in Éirinn, rannpháirteach in ocht gcinn de na 25 tionscadal cheana féin ar an mbunphlean oibre ESFRI.

Dhírigh rannpháirtíocht na hÉireann go dtí seo sna tionscadail phlean oibre ESFRI ar roinnt “bonneagair dháilte”, i gcásanna ina bhfuil saoráidí atá á gcur i bhfeidhm in Éirinn le comhtháthú mar chuid de na líonraí saoráidí Eorpacha níos leithne. Áirítear ar na samplaí, bonneagair sa réimse a bhaineann le trialacha cliniciúla, saoráidí bithbhainc, saoráidí breathnadóireachta aigéin, ríomhaireacht agus bunachair shonraí ardfheidhmíochta lena mbaineann ábharthacht do na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí.

I mí na Nollag 2008, d'fhoilsigh ESFRI nuashonrú dá phlean oibre a d'aithin deich dtionscadal eile i réimsí cosúil le fuinneamh, eolaíochtaí comhshaoil agus bitheolaíochtaí agus eolaíochtaí leighis. Oibreoidh Forfás agus an HEA le bunaitheoirí na taighde agus an bhonneagair thaighde in Éirinn chun rannpháirtíocht leanúnach sa phróiseas a chinntiú agus chun a dheimhniú go leanfar ar aghaidh le pleanáil a dhéanamh do bhonneagar taighde na hÉireann laistigh de chomhthéacs straitéisei níos leithne Eorpacha agus domhanda.

## Baint na hÉireann le ERA-NETanna agus Cláir Oibre Teicneolaíochta

Thug Forfás faoi athbhreithniú ar bhaint na hÉireann le ERA-NETanna, ardáin teicneolaíochta agus ionstraimí eile a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga anuas chun cabhrú le héifeacht a thabhairt don Limistéar Taighde Eorpach (ERA). Tugadh isteach roinnt ionstraimí nua i gcomhthéacs an Séú Creatchlár AE 2002-2006 chun cabhrú le naisc níos dlúithe a bhunú idir polasaí taighde AE agus polasaí taighde náisiúnta agus chun ábharthacht fiontraíochta thaighde na hEorpa a threisiú.

Soláthraíonn an staidéar ar rannpháirtíocht na hÉireann sna tionscnaimh seo fardal úsáideach le comhroinnt ar fud gníomhaireachtaí maoinithe thaighde in Éirinn agus le gníomhaithe eile agus tá sé mar chuid den iarracht chun aistriú i dtreo cuir chuige níos straitéisí agus níos réamhghníomhaí maidir leis an ERA.

Ghlac gníomhaireachtaí maoinithe Éireannacha agus eagraíochtaí eile páirt i 23 de na 71 ERA-NETanna bunaithe faoin gCreatchlár 6. Cé gur bhain tairbhí suntasacha airgeadais agus neamhairgeadais sa chuid is mó cásanna le rannpháirtíocht ó Éirinn, fuarthas amach nach

bhfuil straitéis shoiléir i roinnt mhaith cásanna maidir le cinneadh a dhéanamh faoi na ERA-NETanna ar chóir dul i bpáirtíocht leo agus/nó, na hacmhainní a mbeidh feidhm leo.

Bhí ról tábhachtach ag cláir oibre teicneolaíochta go dtí seo maidir le cabhrú leis na cláir ghnó taighde a shocrú i gCreatchlár 7 agus, i roinnt mhaith cásanna, cuireadh Comhthionscnaimh Teicneolaíochta (JTIanna) le chéile mar thoradh orthu. Cé go bhfuil páirt á glacadh ag roinnt cuideachtaí Éireannacha sna cláir oibre teicneolaíochta agus sna JTIanna, tá scóip ann le haghaidh rannpháirtíocht níos réamhghníomhaí ó Éirinn. I roinnt cásanna, socraíodh cláir oibre náisiúnta teicneolaíochta in Éirinn chun teacht le cláir oibre na hEorpa agus moltar é seo mar shásra amháin um aistriú i dtreo cur chuige níos réamhghníomhaí.

## Meastóireacht Shaotharlann Bitheolaíochta Móilíní na hEorpa

Thug Forfás, ar iarratas na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, faoi mheastóireacht ar rannpháirtíocht na hÉireann i Meastóireacht Shaotharlann Bitheolaíochta Móilíní na hEorpa (EMBL).

Is eagraíocht taighde idir-rialtais í an EMBL agus is é an misean atá aici bitheolaíocht mhóilíneach a fhorbairt ar fud na hEorpa, go príomha trí bhuntaighde a dhéanamh agus oiliúint ar ardleibhéal a sholáthar dá mbaill foirne, mic léinn agus cuairteoirí. Nuair a chuaigh Éire i gcomhpháirtíocht leis an EMBL in 2004, bhíothas ag súil go gcuirfeadh sé le hinfheistíocht shuntasach na hÉireann i mbiteicnolaíocht agus go gcuirfeadh sé deiseanna ar fáil do thaighdeoirí um líonrú, oiliúint agus comhoibriú idirnáisiúnta.


Rinne Forfás tuiscint a fháil ar na nithe seo a leanas tríd an meastóireacht a dhéanamh:

- An tionchar a bhí ag ballraíocht ar thaighdeoirí bitheolaíochta móilíní na hÉireann sa tionscal ardoideachais agus sna hearnálacha taighde phoiblí;
- An tionchar a bhí ag ballraíocht ar mhic léinn iarchéime agus taighdeoirí iardhochtúireachta;
- An tionchar a bhí ag ballraíocht ar thionscal, lena n-áirítear rochtain ar thaigde agus bunteicneolaíochtaí ag EMBL; agus
- A mhéid a bhfuil rochtain faighte ar shaoráidí agus a tugadh faoi ghníomhaíochtaí mar thoradh ar bhallraíocht chomhlánú an EMBL agus/nó na cinn sin ar féidir le taighdeoirí na hÉireann rochtain a fháil orthu trí bhealaí eile a dhúblú.

Ba í conclúid na meastóireachta go mbaineann poitéinseal leis an EMBL fós chun tionchar dearfach a imirt ar thaighdeoirí na hÉireann i dtéarmaí timpeallacht foghlama ildisciplíneach, bonneagar teicneolaíochta agus deiseanna oiliúna ardleibhéil a sholáthar. Conclúid eile a bhí ann gur mórbonn sárchleachtais taighde idirnáisiúnta é an EMBL agus tá saineolas agus saoráidí áirithe aici i réimsí ina bhfuil iarracht á déanamh in Éirinn chun cur le hinniúlacht agus gníomhaíocht taighde m.sh. bitheolaíocht struchtúrtha agus bitháisnéisíocht. Níl an leas iomlán á bhaint as an bpoitéinseal, go príomha toisc nach bhfuil taighdeoirí ar an eolas go hiomlán faoi na saoráidí agus seirbhísí a chuireann EMBL ar fáil.

Cé nach bhfuil Éire mar bhall ach le trí bliana anaus agus go bhfuil sé sách luath fós chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar iomlán, meastar go gcuireann ballraíocht tairbhí suntasacha ar fáil. Tá moltaí déanta ag Forfás chun luach ar airgead a chinntiú ónár mballraíocht, lena n-áirítear moltaí chun cláir agus deiseanna EMBL a chur chun cinn go córasach, a bhféadfadh Fondúireacht Eolaíochta Éireann comhordú a dhéanamh orthu, agus spriocanna a leagan amach um idirghníomhaíocht na hÉireann leis an EMBL.

Sa ghrianghraf, ag seoladh thuarascáil an ASC, *Ireland's International Engagement in Science, Technology and Innovation*, tá (clé-deis) Bill Brandon, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; Mary Cryan, Cathaoirleach, ASC; Marcus Breathnach, Comhairleoir Polasaí Sinsearach, Forfás; agus an Dr Jimmy Devins, TD, iar-Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.



## Nuálaíocht in Éirinn

Sholáthair Forfás tacaíocht don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le hullmhú agus foilsiú an ráitis pholasaí nuálaíochta, *Innovation in Ireland*.

Is í uaillmhian na hÉireann a bheith ina ceannródaí sa nuálaíocht trí gheilleagar nuálaíocht-tiománaithe a fhorbairt a chothaíonn buntáiste iomaíoch agus a mhéadaíonn táirigúlacht. Cuirfear é sin i gcrích trí nuálaíocht a chur i bhfeidhm ar fud réimse leathan. Leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo in *Innovation in Ireland* agus déantar imscrúdú ar dheiseanna inar féidir leas níos fearr a bhaint as nuálaíocht. Aithnítear deich bpríomhréimse polasaí atá mar bhonn taca le cur chuige an Rialtais maidir le nuálaíocht mar thacaíocht don gheilleagar eolasbhunaithe agus fiontraíocht. Soláthraíonn an ráiteas pointe tagartha agus comhthéacs níos leithne chomh maith um chur i bhfeidhm SSTI agus déanann sé nóta de na príomh-chomhchodanna dár gcóras náisiúnta nuálaíochta.

## Aighneacht um Straitéis Mholta Físe agus Taighde Fuinnimh d'Éirinn le Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann

D'ullmhaigh Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann Straitéis Taighde Fuinnimh d'Éirinn a cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Eamon Ryan, TD. Chuir an tAire fáilte roimh chomhairliúchán agus díospóireacht maidir leis na dúshláin a aithníodh agus na treoracha molta sa Straitéis Taighde Fuinnimh sular thángthas ar dhearcadh i leith na roghanna polasaí cuí sa réimse seo. D'ullmhaigh Forfás aighneacht don Straitéis thar ceann Forfás, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireannn.

Moltar chomh maith gur chóir go mbeadh riachtanais náisiúnta shocheacnamaíocha agus fiontraíochta mar bhonn eolais leis an Straitéis Taighde Fuinnimh d'Éirinn; chomh maith leis an ngá leis na ceithre cholún fuinnimh a chomhtháthú (iomaíochas costais, slándáil an tsoláthair, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus athrú na haeráide); agus na cúig ghníomhaíocht taighde a ndéantar cur síos orthu i ndoiciméad na Comhairle.

Is féidir le Straitéis náisiúnta Taighde Fuinnimh dlús a chur le hinniúlacht agus acmhainn taighde agus saineolaí trí ghlacadh cliste agus oiriúnú na teicneolaíochta reatha, lena n-áirítear, comhaontais straitéiseacha taighde a bhunú lasmuigh d'Éirinn. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn an Straitéis Taighde Fuinnimh d'Éirinn ag teacht leis an AE agus polasaithe eile taighde náisiúnta agus straitéisí taighde.

# Daoine

**Is iad daoine an buntáiste iomaíoch is tábhachtaí atá ag Éirinn. Tá infheistíoch straitéiseach leanúnach i bhforbairt ár ndaoine riachtanach maidir leis an méid a éireoidh linn sa gheilleagar. Ní mór go mbeidh córas solúbtha oideachais agus oiliúna a chomhlíonann poitéinseal na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn in Éirinn mar chroílár ár bpolasaí fiontraíochta.**

**Leanann Forfás ar aghaidh ag tacú le forbairt mhuintir na hÉireann, go háirithe, sna príomhréimsí matamaitice, eolaíochta agus innealtóireachta, atá ríthábhachtach le haghaidh raon leathan earnálacha agus deiseanna fostaíochta amach anseo. Leanann sé ar aghaidh chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na** ***Straitéise Scileanna Náisiúnta*** trí obair an tSainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, an Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta agus an clár Discover Science & Engineering.

# An Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Cuireann an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) comhairle ar Rialtas na hÉireann maidir le riachtanais scileanna an gheilleagair agus saincheisteanna eile an mhargaidh shaothair. Tá ról lárnach aige maidir lena chinntiú go mbítear ullmhaithe le haghaidh riachtanais an mhargaidh shaothair agus go ndéantar freastal orthu.

Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Ghrúpa agus déanann Ceann na Rúnaíochta bunaithe in Forfás bainistíocht ar chlár oibre an Ghrúpa. Soláthraíonn Aonad Taighde FÁS um Scileanna agus an Margadh Saothair sonraí, anailís agus taighde don Ghrúpa agus déanann sé bainistíocht ar an mBunachar Sonraí Scileanna Náisiúnta.

Soláthraíonn an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí comhairle don Rialtas ar shaincheisteanna scileanna a imríonn tionchar ar fhiontraíocht trí:

- Réamhfhéachaint scileanna agus tagarmharcáil;
- Comhairle straitéiseach maidir le scileanna tógála trí oideachas agus oiliúint;
- Bailiúchán sonraí agus anailís ar éileamh agus soláthar lucht saothair ardoilte; agus
- Tionchar agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm

I rith 2008, d'oibrigh an EGFSN ar:

- Staidéar agus Comhdháil Scileanna Uile-oileáin
- Ráiteas maidir leis an Tábhacht a bhaineann leis an nGnóthachtáil Mhatamaitice Náisiúnta a Ardú
- Riachtanas sa Todhchaí le haghaidh Scileanna Ardleibhéil TCF san Earnáil TCF
- Riachtanais Scileanna sa Todhchaí d'Earnáil Feistí Leighis na hÉireann
- Seirbhísí Airgeadais – Dul Chun Cinn ar Chur i bhFeidhm
- Tuarascáil um Scileanna le haghaidh Cruthaitheachta, Dearaidh agus Nuálaíochta
- Aonad Taighde FÁS um Scileanna agus an Margadh Saothair
- An Straitéis Scileanna Náisiúnta

### Staidéar agus Comhdháil Scileanna Uile-oileáin

Leag staidéar cuimsitheach ar an ngeilleagar uile-oileáin, a ndearnadh Comhdháil Idir-Rialtais na Breataine – na hÉireann 2006 coimisiúnú dó, béim ar na tairbhí a bhain le comhoibriú a dhéanamh ar bhealach comhordaithe chun a chinntiú go mbíonn scileanna leordhóthaineacha agus cuí ar fáil ar fud an Oileáin chun spreagadh a thabhairt do mhéadú inbhuanaithe. Mar fhreagairt air sin, chomhaontaigh Sainghrúpa Scileanna Thuaisceart Éireann agus an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, ar obair a dhéanamh le chéile ar *Staidéar Scileanna Uile-oileáin* in 2008.

Ba é an cuspóir a bhí leis seo:

- Tuiscint ar an éileamh scileanna a leathnú amach ar fud Oileán na hÉireann; agus
- Léargas cuimsitheach a sholáthar ar an éileamh scileanna uile-oileáin, atá mar bhonn fianaise um chomhpháirtíocht amach anseo agus oibriú éifeactach idir an dá shainghrúpa scileanna.

Seoladh an staidéar ag an gcéad Chomhdháil Scileanna Uile-oileáin a reáchtáladh i Leitir Ceanainn agus Doire an 8 agus an 9 Deireadh Fómhair 2008, ar fhreastail breis is 200 toscaire uirthi. Rinne an Tánaiste, Mary Coughlan, TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Sir Reg Empey MLA, Aire Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann, an réamh-aitheasc agus d'fhreastail polaiteoirí sinsearacha agus daoine gnó ón Tuaisceart agus ón Deisceart ar an imeacht in éineacht leo.




Ag an gcéad Chomhdháil Scileanna Uile-oileáin in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, tá Sir Reg Empey MLA, an tAire Fostaíochta agus Foghlama agus Mary Coughlan, TD, Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Leagann an *Staidéar Scileanna Uile-oileáin* béim ar na naisc idir scileanna agus feidhmíocht eacnamaíoch i dtéarmaí feabhas a chur ar tháirgeacht, iomaíochas agus nuálaíocht. Déanann sé cur síos ar an bhforléargas leathan le haghaidh struchtúr an éilimh scileanna ar an oileán agus féachann sé i dtreo próifíl scileanna níos airde don lucht saothair. Má thugtar aghaidh ar an dúshlán sin, cabhróidh sé le hiomaíochas an bhoinn fiontraíochta uile-oileáin amach anseo a chothú agus deiseanna fostaíochta a mhéadú do dhaoine aonair.

Leagann an staidéar béim ar roinnt réimsí comhoibrithe a bhféadfaí a thabhairt fúthu amach anseo a chabhródh leis an Tuaisceart agus an Deisceart a n-uaillmhianta scileanna dlúthnasctha a bhaint amach amach anseo. Is iad sin:

- Úsáid fheabhsaithe a bhaint as ár saineolas oideachais, oiliúna agus taighde;
- Dea-Chleachtas a chomhroinnt; agus
- Cur le heolas ar an éileamh scileanna in earnálacha lena mbaineann poitéinseal ardfháis ar fud an oileáin.

## An Tábhacht a Bhaineann leis an nGnothachtáil Matamaitice Náisiúnta a Ardú

Foilsíodh *Statement on Raising National Mathematical Achievement* an EGFSN i mí na Nollag 2008. Is í teachtaireacht chroílárnach an ráitis go bhfuil gá le cur chuige straitéiseach náisiúnta chun leibhéal ár ngnóthachtála matamaitice náisiúnta a fheabhsú i dtéarmaí caighdeáin agus uimhreacha araon. Is í an fhís dhúshlánach atá ann go mbeidh Éire ar ceann de na tíortha bairr ECFE i dtéarmaí inniúlacht matamaitice. Is éard a bheadh i gceist leis sin, go mbogfamid suas ónár suíomh reatha sa 16ú háit as 30 tír ECFE maidir le hinniúlacht mhatamaitice i measc mac léinn 15 bliain d'aois.

Baineann tábhacht le matamaitic toisc go bhfuil sí mar bhonn eolais ag go leor disciplíní eile, lena n-áirítear, eolaíocht, teicneolaíocht agus gnó. Tá sé ríthábhachtach maidir le hearnálacha lena mbaineann poitéinseal fáis, cosúil le TFC, na heolaíochtaí beatha, innealtóireacht ardluacha, seirbhísí gnó agus gairmiúla. Ní dhéanann ach comhréir sách íseal mhac léinn (17 faoin gcéad) matamaitic Ardleibhéal don Ardteistiméireacht, áfach, agus níor bhain thart ar 5,000 mac léinn leibhéal D nó níos airde amach i matamaitic na hArdteistiméireachta in 2008. Ó thaobh dearcadh fiontraíochta de, tá géarghá le hinniúlacht fheabhsaithe mhatamaitice ionas go mbeimid in ann geilleagar eolasbhunaithe a chothú, a bhfuil an nuálaíocht ina tiománaí dó.

Cuireann an ráiteas seo próifíl ar fáil don obair luachmhar atá á déanamh chun inniúlacht mhatamaitice a fheabhsú (mar atá laistigh den tionscnamh um Thionscadal Matamaitice), leagann sé béim ar phríomh-shaincheisteanna a imríonn tionchar ar leibhéal ár ngnóthachtáil mhatamaitice agus soláthraíonn sé sraith tograí polasaí comhlántacha agus é mar aidhm acu leibhéal ár ngnóthachtáil mhatamaitice a mhéadú.

Is cuid lárnach gach togra polasaí de shraith leathan bheart a bhfuil sé riachtanach iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe. Is féidir achoimre a thabhairt orthu mar seo a leanas:

- Forbairt agus aitheantas gairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí matamataice ag an leibhéal bunscoile agus meánscoile;
- Cur chuige níos idirghníomhaí agus samhlaíocha a ghlacadh maidir le matamaitic a mhúineadh;
- Dul chun cinn níos comhtháite maidir le foghlaim mhatamaitice a fhorbairt;
- Tacaíocht a thabhairt do ról na dtuismitheoirí in oideachas matamaitice a leanaí;
- Spreagadh a thabhairt do mhic léinn chun matamaitic a dhéanamh ag an Ardleibhéal;
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais eolais mhatamaitice na ndaoine fásta san áit oibre; agus
- Feidhmíocht an oideachais mhatamaitice náisiúnta a thagarmharcáil agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.

## Riachtanais sa Todhchaí le haghaidh Scileanna Ardleibhéil TFC agus san Earnáil TFC

Foilsíodh tuarascáil an EGFSN, *Future Requirements for High-level Skills in the ICT Sector* i mí an Mheithimh 2008. Is í an aidhm atá aici na riachtanais amach anseo le haghaidh scileanna TFC a chinneadh san earnáil le linn na tréimhse suas go dtí 2013, agus na gníomhartha réamhghníomhacha a aithint, a n-éilítear iad chun a chinntiú go dtacóidh soláthar na scileanna sin lena bpoitéinseal fáis.

Fostaíonn an earnáil TFC anseo thart ar 70,000 duine i ngníomhaíochtaí ardluacha bhreise. Bhí teacht chun cinn cuideachtaí nua-thionscanta faoi úineireacht Éireannach agus infheistíocht leanúnach isteach mar bhonn taca ag an gcor chun feabhais san earnáil TFC ó 2001 i leith. Aithníonn an tuarascáil roinnt dúshlán os comhair an tionscail, lena n-áirítear an gá le soláthar intíre céimithe le scileanna ardleibhéil TFC a mhéadú. Ba chóir é seo a mheas i gcoinne chúlra ghanntanas domhanda na mball foirne ardleibhéil TFC agus na dúshláin chéanna os comhair an-chuid tíortha eile.

Molann an EGFSN roinnt gníomhartha le cur i bhfeidhm thar an ngearrthéarma, an meántéarma agus an bhfadtéarma chun a chinntiú go ndéanfar freastal ar riachtanais scileanna na hearnála TFC amach anseo. Cabhróidh na moltaí le cinnte a dhéanamh go mbíonn an caighdeán, líon agus éagsúlacht scileanna ardleibhéil TFC a éilítear ar fáil. Cé go ndeartar na moltaí chun tacú le riachtanais ardscile na hearnála TFC, imreoidh roinnt mhaith acu tionchar dearfach ar na hearnálacha bainteacha, agus tacóidh siad leis an gclár oibre níos leithne maidir le scileanna d'fhiontraíocht. Beidh gá le haghaidh comhchur chuige idir na páirtithe leasmhara iomadúla lena mbaineann chun go n-éireoidh le cur i bhfeidhm na moltaí sin.

Is iad seo a leanas na príomhbhearta a ndíríonn na moltaí orthu:

- Cur chuige straitéiseach maidir le heolas a chur ar fáil ar dheiseanna gairme agus riachtanais scileanna;
- Bonn na n-earcach le haghaidh cúrsaí ardleibhéil TFC a leathnú amach;
- Líon na mac léinn a nglactar isteach ag leibhéal fochéimí a fheabhsú;
- A chinntiú go léiríonn cúrsaí tríú leibhéal an meascán scileanna/éagsúlachta a bhaineann le gnó TFC;
- Líon na mac léinn a nglactar isteach ón tríú leibhéal san earnáil TFC;
- Tacaíocht a thabhairt d'acmhainn ríomhaireachta agus innealtóireachta leictreonaí; agus
- Straitéisí réamhghníomhacha an mhargaidh saothair a ghlacadh.

In ainneoin na ndúshlán reatha eacnamaíoch, braitheann an Grúpa go bhfuil réamhléargas fadtéarma don earnáil seo láidir fós.

Ag seoladh thuarascáil TFC an EGFSN, tá Batt O'Keeffe, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Anne Heraty, iar-Chathaoirleach, EGFSN, Mary Coughlan, TD, Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Martin Shanahan, Bainisteoir, Rannán Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Caipiteal Daonna, Forfás.



**Riachtanais Scileanna sa Todhchaí d'Earnáil Feistí Leighis na hÉireann**

Foilsíodh an tuarascáil EGFSN, *Future Skills Needs of the Irish Medical Devices Sector*, i mí Feabhra 2008. Is í an aidhm atá léi chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais scileanna ag gach leibhéal d'Earnáil Feistí Leighis na hÉireann le linn na tréimhse 2007-2013 agus chun moltaí a dhéanamh chun a chinntiú go ndéanfar freastal ar na riachtanais sin.

Is ionad tábhachtach í Éire don earnáil feistí leighis dhomhanda. Le blianta beaga anuas, tá fás tagtha go mear ar infheistíocht ó thíortha thar lear, go háirithe maidir le déantúsaíocht agus taighde agus forbairt.
Is ionann díolacháin ag cuideachtaí feistí leighis in Éirinn agus thart ar €6 billiún in aghaidh na bliana agus tá fostaíocht méadaithe go dtí beagnach 24,000. Is iad cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrannach atá i gceist le 90 faoin gcéad den fhostaíocht.

Is é an bealach is fearr chun cabhrú leis an tionscal dul i dtreis agus athnuachan a dhéanamh fócas a dhíriú ar nuálaíocht leanúnach. Ar bhonn domhanda, tá níos mó teicneolaíochtaí TFC agus cógaisíochta á bhfostú ag an earnáil. Tá acmhainn mhaith ag Éirinn chun tabhairt faoi oibríochtaí T&F agus táirgeachta a chuimsíonn na teicneolaíochtaí sin.

Déanann an staidéar roinnt moltaí chun bonn taca a chur ar fáil d'fhás agus d'fhorbairt an tionscail in Éirinn amach anseo. Beidh comhoibriú ag teastáil idir an-chuid páirtithe leasmhara i dtionscal, sa réimse acadúil, comhlachtaí stáit agus eagraíochtaí saineolacha chun iad a chur i bhfeidhm. Is ar na nithe seo a leanas atá fócas na straitéise scileanna don earnáil feistí leighis:

- Cur le feabhas oibríochtúla;
- Dlús a chur le nuálaíocht i dtáirgí agus próisis;
- Gníomhaíocht fiontraíochta a mhéadú;
- Scileanna gairmiúla agus speisialtóireachta a fhorbairt;
- Deiseanna a chomhlíonadh a gcuirfidh coinbhéirseacht teicneolaíochta ar fáil; agus
- Líonraí tionscail a fhorbairt idir daoine gairmiúla agus bainisteoirí a bhaineann leis an earnáil feistí leighis.

### Seirbhísí Airgeadais – Cur i bhFeidhm

Ghlac Forfás páirt san *IFS Clearing House Group Subgroup on Skills* le linn 2008, agus é ag leanúint moltaí a rinneadh sa tuarascáil EGFSN maidir le Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFS), agus thug sé sin gníomh láithreach ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí. Is é toradh na hoibre sin an Tionscnamh FINUAS.

Is clár nua é FINUAS atá tiomanta do shainoiliúint laistigh den earnáil seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, atá cómhaoinithe ag an rialtas agus cuideachtaí laistigh den earnáil.

Is é cuspóir FINUAS breisoiliúint a chur ar fhostaithe reatha agus amach anseo sa tionscal seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta d'fhonn fás margaidh, onnmhairithe, fostaíocht agus infheistíocht a mhéadú, agus cur ar chumas an tionscail leis sin, chun cur go suntasach leis an rathúnas eacnamaíoch náisiúnta. Tá dhá sprioc chomhlántacha ag an straitéis. Le linn na tréimhse níos giorra, tá sé mar aidhm aici fás reatha sa tionscal a chothú trí uasghrádú a dhéanamh ar scileanna an luchta saothair reatha agus aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí reatha scileanna trí thionscnamh líonraí oiliúna nua. Le linn tréimhse níos faide, tá sé mar aidhm aici forbairt a dhéanamh ar rogha leathnaithe saothair lena mbaineann acmhainn nua maidir leis na scileanna ardluacha sin a bhfuil gá leo chun bonn taca a chur ar fáil don bhuntáiste iomaíoch náisiúnta agus an buntáiste sin a choinneáil.

Cheap an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta *Skillnets* mar ghníomhaire bainistíochta don tionscadal líonraí oiliúna sin. Leithdháileadh €2.5m in 2009 ón gCiste Náisiúnta Oiliúna agus meastar go gcuirfear tús leis na líonraí a mhaoinítear faoin tionscnamh seo i lár 2009.

### Tuarascáil ar Scileanna um Chruthaitheacht, Dhearadh agus Nuálaíocht

Tugann tuarascáil an EGFSN aghaidh ar riachtanas na hÉireann le haghaidh scileanna i gcruthaitheacht, dearadh agus nuálaíocht. Is príomhthiománaithe iad scileanna gcruthaitheacht, dearadh agus nuálaíocht ó thaobh feabhsú táirgeachta de. Tagann an chuid is mó den fheabhsú táirgeachta chun cinn ó tháirgí, seirbhísí agus próisis ghnó nua nó feabhsaithe, a dhéanann éascaíocht do ghnólachtaí luach níos mó a chruthú ó iarrachtaí gach fostaí.

Cé go mbaineann tábhacht go minic le scileanna i leith gairmeacha agus tionscail shonracha maidir le nuálaíocht, féachann an tuarascáil ar scileanna leathana a bhfuil baint acu le roinnt gairmeacha agus roinnt tionscal. Cuireann an tuarascáil le hobair reatha déanta ag an EGFSN ar thionscail shonracha agus gairmeacha shonracha. Cuireann sé le hobair reatha chomh maith ar scileanna cineálacha, breisoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil, a gcuireann gach ceann acu sin leis an gcruthaitheacht agus an acmhainn le bheith nuálaíoch.

Maidir leis an mbealach a chaitheann sí le cruthaitheacht agus dearadh, díríonn an tuarascáil go háirithe ar an ról a mbaineann leo mar thiománaithe nuálaíochta.

Foilseofar an tuarascáil i lár 2009.

### Aonad Taighde FÁS um Scileanna agus an Margadh Saothair

Lean Forfás ar aghaidh ag obair go dlúth le hAonad Taighde FÁS um Scileanna agus an Margadh Saothair i rith 2008, a n-oibríonn sé an Bunachar Sonraí Scileanna Náisiúnta thar ceann an EGFSN. Tá obair déanta ag an dá eagraíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun foinsí úsáideacha sonraí a aithint agus a fhorbairt a chabhraíonn le próifíl acmhainn scileanna na hÉireann faoi láthair agus amach anseo a ardú.

D'fhoilsigh FÁS dhá thuarascáil bhliantúil thar ceann an EGFSN:

- Cuireann an *National Skills Bulletin 2008* forléargas mionsonraithe ar fáil ar mhargadh saothair na hÉireann i dtéarmaí treochtaí fostaíochta de réir earnála agus gairme agus na staidrimh níos déanaí maidir le haschuir in oideachas agus oiliúint; agus
- Cuireann *Monitoring Ireland's Skills Supply: Trends in Education/Training Output 2008* tuairim ar fáil maidir le soláthar scileanna do mhargadh saothair na hÉireann ón gcóras oideachas agus oiliúna foirmeálta.

## An Straitéis Náisiúnta Scileanna

I mí Mhárta 2008, bhunaigh an tAire Foghlama ar Feadh an tSaoil, Sean Haughey, TD, Coiste Idir-Rannach (IDC) a bhfuil freagracht air as plean forfheidhmiúcháin a chur le chéile don *Straitéis Náisiúnta Scileanna*. Chuir Forfás tacaíocht ar fáil don IDC i bhfoirm na hanailíse teicniúla agus comhairle pholasaí.

Dhírigh an t-ionchur sin ó Forfás ar sprioc na *Straitéise Náisiúnta Scileanna* chun breisoiliúint a chur ar 500,000 duine bhreise laistigh den lucht saothair le linn shaolré na straitéise (2020).

Chuir Forfás trí pháipéar le chéile chun bonn eolais a chur ar fáil don IDC:

- ***Common characteristics of individuals according to level of educational attainment* (Tréithe coitianta daoine aonair de réir leibhéal na gnóthachtála oideachais).**
  Is é cuspóir an pháipéir seo próifíl a chur le chéile de na tréithe is coitianta a bhíonn ag daoine aonair laistigh den lucht saothair reatha de réir leibhéal na gnóthachtála oideachais. Tá sé mar aidhm aige cúnamh a thabhairt maidir le cóhoirt sprice a aithint le haghaidh breisoiliúna ag leibhéil éagsúla cáilíochtaí. Áirítear ar na gnéithe athraitheacha, inscne, aois, cúlra socheacnamaíoch, earnáil, gairm, tuillimh, náisiúntacht, ráta rannpháirtíochta, stádas fostaíochta agus réigiún.

  Clúdaíonn an doiciméad seo gach leibhéal gnóthachtála oideachais ar an gCreatlach Náisiúnta um Cháilíochtaí (NFQ), Leibhéil 1 go dtí 10.

- ***Indicative estimates for increases in participation required to achieve the upskilling objectives of the National Skills Strategy (Based on FETAC Data, NFQ Levels 3-6)* (Meastacháin táscacha maidir le méaduithe ar rannpháirtíocht a éilítear chun cuspóirí breisoiliúna na Straitéise Scileanna Náisiúnta a ghnóthú (Bunaithe ar Sonraí FETAC, Leibhéil 3-6).**
  Cuireann an doiciméad seo spriocanna táscacha bliantúla ar fáil maidir leis na méaduithe ar rannpháirtíocht in oideachas agus oiliúint bhreise a éilítear ar aghaidh go dtí 2020 chun spriocanna breisoiliúna *na Straitéise Scileanna Náisiúnta* a chomhlíonadh. Is é cuspóir an pháipéir seo treoir a thabhairt don IDC maidir le cé mhéad rannpháirtíochta a bhfuil gá léi chun méadú ó na leibhéil reatha ar bhonn bliantúil go dtí 2020.

- ***Analysis of FETAC 2007 awards by field of learning and training centre type* (Anailís ar dhámhachtainí FETAC 2007 de réir réimse foghlama agus cineál ionaid oiliúna).**
  Is é cuspóir an pháipéir seo imscrúdú á dhéanamh ar sholáthar agus rannpháirtíocht

reatha maidir le breisoideachas agus oiliúint bunaithe ar Dhámhachtainí FETAC ag Leibhéil NFQ 3-6. Is é an cuspóir atá ann a fháil amach cén cineál earnálacha a bhfuil oiliúint á déanamh ag daoine chun obair iontu agus cé atá ag soláthar na hoiliúna dóibh. Cuireann sé sin tuairim ar fáil don IDC maidir le cén réimse ar a ndírítear rannpháirtíocht reatha i mbreisoideachas agus oiliúint.

# Gníomhaíochtaí Forfás: Daoine

## Imirce

Leanann Forfás ar aghaidh ag soláthar comhairle don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le polasaí imirce eacnamaíoch. Chuimsigh comhairle sa bhliain 2008 saincheisteanna a bhain le:

- Catagóirí imirceach eacnamaíoch a bhfuil gá leo i bhfianaise na dtreochtaí athraitheacha margaidh saothair;
- Cumas an luchta shaothair EU-25 chun riachtanais scileanna na hÉireann a sholáthar; agus
- An tionchar poitéinsiúil amach anseo a d'fhéadfadh imirce eacnamaíoch ón mBulgáir agus ón Rómáin a imirt.

## An Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta

Bunaíodh an Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta in 2007 mar thoradh ar mholtaí an Fhóraim um Ghóthais Bheaga agus an EGFSN, an Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta (MDC) chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir le leorgacht agus ábharthacht an tsoláthair forbartha bainistíochta in Éirinn agus feasacht a ardú ar an ngá atá le scileanna ceannaireachta agus bainistíochta a uasghrádú in earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide. Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Chomhairle.

Faoi Chathaoirleacht an Ollaimh Frank Roche, Leas-Phríomhoide, Coláiste Gnó agus Dlí UCD agus Stiúrthóir Scoil Ghnó Michael Smurfit in UCD, tá obair á déanamh ag an gComhairle chun:

- Próifíl, leorgacht agus ábharthacht an tsoláthair fhorbartha bainistíochta in Éirinn a chinneadh;
- Dea-chleachtas a aithint i soláthar forbartha bainistíochta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus imscrúdú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí samhlacha den chineál sin a leathnú amach nó a fheidhmiú go céimneach go náisiúnta;
- Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun fáil réidh le bearnaí aitheanta i soláthar forbartha bainistíochta;
- Forbairt chur chuige chomhordaithe a chur chun cinn maidir le feasacht a ardú san earnáil SME ar an luach a bhaineann le scileanna ceannaireachta agus bainistíochta a uasghrádú.

Tar éis di taighde shuntasach a dhéanamh in 2008 tuairisceoidh an Chomhairle do Mary Coughlan, TD, Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir lena tograí um Fhorbairt Bhainistíochta SME in 2009.

### Tagarmharcáil Uile-Oileáin an Chleachtais Bhainistíochta

Rinne Forfás agus an Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta, i gcomhar leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama, an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann agus Idirthráchtáil Éireann, coimisiúnú do thaighde ar chleachtais bhainistíochta i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

Ba é cuspóir na taighde, ar thug *McKinsey & Company* faoi, chun:

- Imscrúdú a dhéanamh ar leibhéil reatha scileanna bainistíochta san earnáil seirbhísí déantúsaíochta agus intrádála agus iad sin a thagarmharcáil le comparáidí idirnáisiúnta;
- Déan anailís ar na fachtóirí agus déan na cinn a bhfuil aon éagsúlachtaí i gceist leo i leibhéal na scileanna bainistíochta i dTuasiceart Éireann agus Poblacht na hÉireann a aithint, nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an Ríocht Aontaithe agus comparáidí idirnáisiúnta eile; agus
- Réimsí laga a aithint i gcleachtais bhainistíochta na ngnólachtaí seirbhísí déantúsaíochta agus intrádála, agus a léiriú cén áit arbh fhéidir le feabhsuithe spriocdhírithe feidhmíocht ghnólachtaí a fheabhsú.

Tá an anailís sin tugtha chun críche anois agus tá an tuarascáil deiridh uile-oileáin le foilsiú in 2009. Beidh an tuarascáil sin mar bhonn eolais d'obair leanúnach na Comhairle um Fhorbairt Bhainistíochta.

## *Discover Science & Engineering*

Leathnaíodh sainchúram *Discover Science & Engineering* (DSE) mar an clár náisiúnta feasachta eolaíochta amach chun matamaitic a thabhairt san áireamh, i ndoiciméad polasaí straitéisigh an Rialtais, Geilleagar Forasach na hÉireann a Thógáil: Creat le haghaidh Athnuachana Eacnamaíochta Inmharthana, i mí na Nollag 2008. Luaigh sé "*go gcuirfimid staidéar chun cinn i réimsí tosaíochta trí Discover Science & Engineering, a nglacfaidh ról anois maidir le matamaitic*"

Déanann Forfás bainistíocht ar DSE agus tugann sé an-chuid gníomhaíochtaí feasachta eolaíochta agus innealtóireachta le chéile a ndearna comhlachtaí éagsúla poiblí agus príobháideacha bainistíocht orthu roimhe seo. Tá sé mar aidhm ag DSE chun cur leis na gníomhaíochtaí sin agus leathnú amach a dhéanamh orthu agus chun feachtas feasachta fócasaithe, straitéiseach agus inchainníochtúil a sheachadadh. Is iad seo a leanas cuspóirí foriomlána DSE:

- Líon na mac léinn atá ag déanamh staidéir ar na heolaíochtaí fisiceacha agus matamaitic a mhéadú;
- Dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le gairmeacha san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic; agus
- Tuiscint phoiblí níos fearr a chothú ar na heolaíochtaí fisiceacha, innealtóireacht agus matamaitic agus ar an luach a bhaineann leo ó thaobh shochaí na hÉireann de.

I rith 2008, bhain gníomhaíochtaí DSE leis na réimsí seo a leanas:

- Feasacht Ghinearálta
- Eolaíocht Leibhéal na Bunscoile
- Eolaíocht an Dara Leibhéal

## Feasacht Ghinearálta

### *Science Week Ireland*

Tá *Science Week Ireland* nó Seachtain na hEolaíochta, ar ceann de na hócáidí is mó ar fhéilire DSE. Ba é *Science Shaping Our World* téama Sheachtain na hEolaíochta 2008. Reáchtáladh thart ar 500 imeacht ar fud na tíre i scoileanna, coláistí, ollscoileanna agus leabharlanna.

Mar chuid dá ról comhordaithe foriomlán do Sheachtain na hEolaíochta, cuireann DSE seónna bóthair ar siúl in ionaid ar fud na tíre agus d’eagraigh sé os cionn 80 seó in 2008. Reáchtáladh Sraith Léachtaí mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta sa Ghailearaí Eolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus áiríodh ar na hábhair, maisíocht i réimse na teilifíse agus na scannán, róbataic agus spástaisteal tráchtála.

Forbraíodh Clár nua do Chomhpháirtithe Corparáideacha mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta in 2008. Tugadh cuireadh do chuideachtaí ó thionscail éagsúla chun páirt a ghlacadh i bhfor-rochtain eolaíochta. Ghlac cuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta páirt agus thug a suim maidir leis an eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht a chur chun cinn do dhaoine óga agus don phobal i gcoitinne le chéile iad.



Sa ghrianghraf ag seoladh *Science Week Ireland* 2008, tá Ciara Glynn ó *Mary Help of Christians Girls National School*, Bóthar na hUaimhe, Baile Átha Cliath le dhá chipíneach *Thorny Devil* ag an nGailearaí Eolaíochta, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### Teilifís

I rith 2008, lean DSE ar aghaidh ag soláthar scéalta agus píosaí scannáin do nuachtdeasca teilifíse maidir le forbairtí agus imeachtaí eolaíochta agus innealtóireachta. Baintear úsáid as gearrtháin scannáin chomh maith mar ábhar físeáin ar na láithreáin ghréasáin DSE.

**Ábhar Ar Líne agus Úsáideoir-Ghinte DSE**

Cuireann taighde in iúl gur cosúil gur bealach éifeachtach í an timpeallacht líonraithe shóisialta chun teagmháil a dhéanamh lenár spriocluchte féachana. Is dlúth-thimpeallacht í a dhéanann éascaíocht do nuálaíocht agus cruthaitheacht agus a bhfuil an t-éileamh air ag méadú.

Dhírigh DSE a fhócas ar theagmháil a dhéanamh le daoine óga trí uirlisí ábhar láithreáin úsáideoir-ghinte in 2008 agus d'fhorbair sé na huirlisí sin chun spreagadh a thabhairt do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i dtionscadail cosúil le *SciFest*. Is aonach eolaíochta lá amháin é *SciFest* a reáchtáiltear go réigiúnach sna hInstitiúidí Teicneolaíochta agus tá cead isteach ag na daltaí dara leibhéal go léir. Tá sé mar aidhm aige suim san eolaíocht a spreagadh trí chur chuige imscrúdaitheach maidir le foghlaim. Cómhaoinítear *SciFest* ag Intel agus *Discover Science & Engineering* agus tacaíonn roinnt comhpháirtithe eile é chomh maith. Cruthaíonn an tionscadal nasc luachmhar idir na hearnálacha oideachais dara leibhéal agus tríú leibhéal agus idir oideachas agus tionscal.

**Gairmeacha *Discover Science***

Is urraitheoir agus comhordaitheoir príomha é *Discover Science & Engineering* do na hearnálacha eolaíochta agus teicneolaíochta ar *www.careersportal.ie*. Is láithreán gréasáin tiomanta do ghairmeacha é *Careers Portal* d'Éirinn a seoladh in 2008. Cuireann an láithreán gréasáin próifíl ar fáil do na hearnálacha fostaíochta go léir in Éirinn agus is acmhainn é do dhaltaí scoile, céimithe coláiste agus iad siúd atá ag smaoineamh faoi athrú i lár a ngairme.

Seoladh an *Science Ambassador Programme* in 2008 agus tá 46 ball ar fud na tíre mar chuid de anois. Is í an aidhm atá aige go gcuirfidh eolaithe agus innealtóirí óga cáilithe eolas ar fáil do dhaoine óga atá ag smaoineamh faoi ghairm san eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht agus chun a léiriú conas a fheidhmíonn cáilíocht sna réimsí seo mar bhunús láinseála le dul ar aghaidh chuig gairm spreagúil agus lán d'éagsúlacht. Cuirtear eolas ar fáil ar na *Science Ambassadors* ar líne ar *www.careersportal.ie* agus roinn ghairmeacha *www.science.ie*. Ina theannta sin, thug na *Ambassadors* faoi obair dheonach ag imeachtaí for-rochtana eolaíochta, cosúil le Taispeántas Eolaí Óg na Bliana BT, Seachtain na hEolaíochta i gCorcaigh agus *SciFest*.

**Taispeántas Eolaí Óg na Bliana BT**

Is urraitheoir é DSE do Thaispeántas Eolaí Óg na Bliana agus Teicneolaíochta BT, a reáchtáiltear i mí Eanáir gach bliain. Ba é an téama don taispeántán DSE ag Taispeántas 2009 *Engineering Energy*, a leag béim ar shaincheisteanna fuinnimh a bhaineann le gach duine againn agus léirigh sé roinnt réiteach a sholáthraíonn innealtóireacht, cosúil le tuirbíní gaoithe agus muirí agus teicneolaíochtaí gréine agus fótavoltacha. Baineadh úsáid as an Teach Fuinnimh Innealtóireachta chun na dúshláin fuinnimh os comhair na hÉireann a léiriú ar bhealach réadúil. Thug os cionn 3,500 duine óga agus a dtuismitheoirí cuairt ar an Teach Fuinnimh agus reáchtáil DSE roinnt ceardlanna idirghníomhacha a bhain leis sin chomh maith.

**An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta**

Bhí taispeántán ag DSE ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta don dara huair i mí Mheán Fómhair 2008. Bhí seastáin faisnéise mar chuid de thaispeántán DSE faoi *Discover Primary Science*, Seachtain na hEolaíochta agus faisnéis faoi ghairmeacha i gcomhar le comhpháirtithe *STEPs to Engineering*. Bhí seónna eolaíochta agus boilgeoige ar siúl sa Ghailearaí Eolaíochta i rith an lae agus chuir ceardlann *DrawBots* leis sin, ina ndearna cuairteoirí róbat tarraingthe simplí.

Meastar gur ghlac breis is 20,000 duine óga agus a dtuismitheoirí páirt sna gníomhaíochtaí DSE le linn na trí lá.

## Eolaíocht Leibhéal na Bunscoile

***Discover Primary Science***

Bhí an clár *Discover Primary Science* (DPS) gníomhach i 3,023 bunscoil in 2008 (90 faoin gcéad de bhunscoileanna) agus ghlac 3,774 múinteoir páirt in DPS. Oibríonn an clár go díreach le múinteoirí agus mic léinn chun scileanna eolaíochta a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí bunaithe ar eolaíocht idirghníomhach. Tugtar cuireadh do leanaí chun tionscadail a chur isteach mar chuid de na Dámhachtainí *Awards of Science Excellence* a reáchtáiltear gach bliain. Fuarthas iontrálacha ó 654 scoil sna Dámhachtainí in 2008, b'shin méadú ó 494 in 2007. Tá se beartaithe ag DPS modúl eolaíochta roghnaí a chur ar fáil ar bonn píolótach d'oideachas múinteoirí i gcomhar le Coláiste Oideachais Froebel in 2009.

***Greenwave***

Tá tionscadal *Greenwave* spriocdhírithe ar leanaí bunscoile agus is éard atá i gceist leis, breathnadóireacht agus taifead teacht speiceas éagsúil chun na hÉireann san earrach agus bachlú an Chrainn Chnó Chapaill agus na Sceiche Gile. Déanann daoine óga ar fud na tíre taifead ar na breathnadóireachtaí ar líne ar *www.greenwave.ie*. In 2008, bhí tomhas fisiceach na dteochtaí ag nóin gach lá mar chuid den tionscadal trí theirmiméadair a úsáid, arna soláthar ag DSE. In 2009 tacóidh ár gcomhpháirtí, Met Éireann, leis an tionscadal chun tomhas fisiceach báistí a ghlacadh san áireamh.



Fionn Dennehy ó St. Pius X Boys National School, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath ag seoladh na 2008 *Awards of Science Excellence*.

### Eolaíocht an Dara Leibhéal

#### *Discover Sensors*

Is é *Discover Sensors* príomhfhócas na gclár DSE do dhaltaí dara leibhéal. Is clár comhpháirtíochta é le Seirbhísí Tacaíochta Dara Leibhéal (SLSS), an tIonad Náisiúnta um Theicneolaíocht in Oideachas (NCTE), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus na hionaid oideachais réigiúnacha. Tacaíonn *Discover Sensors* le húsáid na teicneolaíochta braiteoira in imscrúduithe eolaíochta teagmhálacha ag daltaí eolaíocht an Teastais Shóisearaigh agus baineann 190 scoil rannpháirtíochta ar fud na hÉireann leis faoi láthair.

Soláthraíonn *Discover Sensors* forbairt ghairmiúil leanúnach chun tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí eolaíochta don Teastas Sóisearach. Tá sraith ceardlann do mhúinteoirí mar chuid de sin, a sheachadtar trí líonra an Ionaid Oideachais agus seisiúin tacaíochta laistigh den rang.

#### *Project Blogger*

Díríonn *Project Blogger*, *www.projectblogger.ie*, ar dhaltaí dara leibhéal agus soláthraíonn sé spás gréasáin dóibh chun a mblaganna eolaíochta féin a chruthú agus a dtaithí ar an réimse eolaíochta a chomhroinnt le cairde ranga óna scoile féin agus scoileanna eile ar fud na hÉireann. Is éard a bhíonn i gceist le blaganna Eolaíochta, turgnaimh churaclaim, turgnaimh na hidirbhliana, *Scifest*, Eolaí Óg BT, tionscadal tógála eolaíochta science nó, fiú, comhrá eolaíochta. Is bealach úsáideach é *Project Blogger* chun físeáin, smaointe, grianghraif, graif agus tuairimí tionscadail eolaíochta a bhailiú agus a stóráil.

## Meastóireacht ar an gClár Feasachta *Discover Science & Engineering*

Ar iarratas na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tugadh faoi mheastóireacht straitéiseach ar *Discover Science & Engineering* (DSE) agus é mar chuspóir a chinntiú go bhfuil an cumas is fearr ag DSE chun a cuspóirí luaite a ghnóthú de réir pholasaí an rialtais.


Tar éis measúnuithe a dhéanamh ar oibríochtaí, bainistíocht agus rialachas DSE, chomh maith le comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara, d’iarr Forfás ar phainéal idirnáisiúnta saineolaithe ar fheasacht agus oideachas eolaíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár.

Ba iad príomhthorthaí an phainéil idirnáisiúnta go bhfuil ról tábhachtach á fheidhmiú ag DSE maidir le spreagadh a thabhairt do dhaoine óga chun staidéar a dhéanamh ar eolaíocht agus teicneolaíocht agus go bhfuil luach maith ar airgead i gceist leis. Ba chóir do DSE fócas a dhíriú ar a ról uathúil mar chlár fianaise-thiománaithe a dhéanann speisialtóireacht i bhforbairt tionscnaimh nua a dhéanann an caighdeán is fearr teagaisc eolaíochta agus rannpháirtíochta poiblí san eolaíocht.

Mhol an painéal idirnáisiúnta gur chóir tosaíocht a thabhairt don mhatamaitic mar réimse le haghaidh infheistíocht Rialtais toisc go bhfuil sí mar bhonn eolais le haghaidh gairmeacha eolaíochta, teicneolaíochta agus innealltóireachta go háirithe.

Mhol an paineál do DSE chomh maith chun:

- a rannpháirtíocht a mhéadú ag an dara leibhéal. Ba chóir do DSE díriú ar thionscadail nua a chur ar fáil ar bhonn píolótach, chun é sin a dhéanamh, a thacóidh le seachadadh an churaclaim;
- a rannpháirtíocht a mhéadú maidir le gairmeacha san eolaíocht, teicneolaíocht, innealltóireacht agus matamaitic (STEM) a mhéadú;
- a thuiscint go mbaineann éagsúlachtaí substaintiúla insce le dearcaí daoine óga maidir le STEM; agus
- spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht mhéadaithe i measc na ngrúpaí sin nach bhfuil dóthain ionadaíochta déanta orthu i measc na ndaoine siúd a dhéanann staidéar ar eolaíocht agus teicneolaíocht.



Sa ghrianghraf seo ag cur *Evaluation of the DSE Awareness Programme* faoi bhráid an Aire, tá (l-r) Peter Brabazon, Stiúrthóir, DSE; Dr Jimmy Devins, TD, iar-Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta; agus an tOll. Graham Formello, Cathaoirleach, Painéal Athbhreithnithe Neamhspléach.

Bainfidh Forfás agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta torthaí na meastóireachta um fhorbairt agus cur i bhfeidhm polasaí laistigh de chreatlach SSTI an Rialtais agus chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt straitéise nua don DSE.

# Inbhuanaitheacht

Is príomhthosaíocht pholasaí í inbhuanaitheacht. Cuimsíonn sé sin an cumas atá ionann chun leanúint ar aghaidh leis na gnóthachain eacnamaíocha a bhaint amach agus ag an am céanna cinnte a dhéanamh de nach n-imríonn ár ngníomhaíochtaí fiontraíochta drochthionchar ar an timpeallacht fhisiciúil.

I rith 2008, d’aithin Forfás raon dúshlán bonneagair a bhí os comhair ár bhfiontar amach agus d’aithin sé na deiseanna a bhí ann d’fhiontraíocht san earnáil earraí agus seirbhísí comhshaoil/fuinnimh. Tá obair déanta again ar chomhairle pholasaí chun a chinntiú go leanann Éire ar aghaidh ag soláthar timpeallacht thacúil d’fhiontraíocht, lena n-áirítear feidhmíocht na hÉireann a thagarmharcáil i gcoinne bonneagar agus seirbhísí comhshaoil eile, cosúil le seirbhísí bainistíochta dramhaíola agus uisce.

## Creatlach Fhadtéarma um Polasaí Fuinnimh

In 2008, d'fhorbair Forfás creatlach fhadtéarma don pholasaí fuinnimh. Baineann castacht le foirmiú polasaí fuinnimh in Éirinn mar gheall ar chuspóirí a d'fhéadfadh dul i gcoinbhleacht lena chéile– iomaíochas costais, slándáil soláthair, inbhuanaitheacht agus athrú na haeráide. Nuair a mheasctar iad, cruthaíonn na ceithre piléar sin fuinneamh den ainm 'Tetralemma' ar féidir é a úsáid mar chreatlach cuimsitheach um fhoirmiú polasaí fuinnimh fadtéarma in Éirinn.

Déanann an chreatlach sin éascaíocht do mheasúnú ar chomhbhabhtáil idir na cuspóirí sin le linn na tréimhse go dtí 2030. Léiríonn an anailís go leanfaidh acmhainní fuinnimh bunaithe ar fhoinse iontaise ar aghaidh ag soláthar fuinnimh a sheachadtar ar an gcostas is ísle thar na blianta amach romhainn cé gurb iad an rogha is lú mealltachta ó thaobh inbhuanaitheachta de. Leanfaidh forbairtí i dteicneolaíochtaí in-athnuaite ar aghaidh ag feabhsú inmharthanachta ó thaobh costais de, agus baineann an príomhthairbhe le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí i leith athrú na haeráide. Is rogha inmharthana é núicléach ó thaobh iomaíochais chostais, slándála soláthair agus dearcadh inbhuanaitheachta de agus b'fhiú measúnú eile a dhéanamh air.

## Earraí agus Seirbhísí a Bhaineann le Fuinneamh

Chríochnaigh Forfás measúnú ar na deiseanna d'Éirinn laistigh den earnáil Earraí agus Seirbhísí a Bhaineann le Fuinneamh, agus treochtaí idirnáisiúnta in infheistíocht á nascadh le dul chun cinn teicneolaíochta agus acmhainní intíre.

Soláthróidh cinntí a rinneadh maidir le polasaí fuinnimh in Éirinn comhthéacs oibríochta do ghnólachtaí in Éirinn sna 20 bliain amach romhainn.

Tá roinnt réimsí tosaíochta tagtha chun cinn, lena n-áirítear córais rialaithe TCF um éifeachtacht fuinnimh, tógáil éiceolaíoch, trádáil charbóin agus infheistíocht i dteicneolaíocht ghlas. Ní mór feabhsuithe a dhéanamh ar choinníollacha creatlaí scileanna, rialála, soláthair phoiblí agus T&F ionas go dtapófar na deiseanna sin. Leanfaidh Forfás ar aghaidh ag obair le gníomhaireachtaí forbartha agus ranna rialtais chun comhthuiscint a chothú ar an earnáil éiritheach seo. Feidhmeoidh na torthaí mar ionchur go háirithe don Ghrúpa Ardleibhéil um Fhiontraíocht Ghlas, a thuairisceoidh don rialtas le plean gníomhaíochtaí i rith 2009.

## An Earnáil Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil ar Oileán na hÉireann

Rinne an staidéar seo, arna fhorbairt ag Forfás agus Idirthráchtáil Éireann, mapáil ar staid reatha na hearnála Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil (EGS) in Éirinn, na deiseanna don earnáil agus na tacaíochtaí agus coinníollacha creatlaí a éilítear chun cúnamh a thabhairt do chuideachtaí.

Fuarthas amach ann go gur margadh suntasach agus méadaitheach é EGS. Cé go bhfuil comhréir mhór chuideachtaí EGS ag trádáil go háitiúil, tá roinnt cuideachtaí tar éis gníomhartha a dhéanamh chun deiseanna a ghnóthú i margaí idirnáisiúnta éiritheacha. Ba chóir go mbeadh ár mbonn láidir TCF, dintiúir ghlasa agus taithí ón am atá caite maidir le FDI a mhealladh ina bhuntáiste dúinn maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrannach a mhealladh san earnáil seo.

Is iad seo a leanas na fo-earnálacha lena mbaineann an poitéinseal is mó a aithníodh:

- Fuinnimh In-athnuaite
- Úsáid agus bainistíocht fuinnimh éifeachtach (lena n-áirítear tógáil éiceolaíoch)
- Bainistíocht, tarrtháil agus athchúrsáil dramhaíola
- Cóiréail uisce agus fuíolluisce
- Comhairleoireacht agus seirbhísí comhshaoil

Leagann an tuarascáil amach raon moltaí chun forbairt na hearnála seo a fheabhsú. Príomhthoradh a bhí leis an obair seo ab ea bunú Grúpa Ardleibhéil um Fhiontraíocht Ghlas a bhfuil sainchúram air as tuairisciú ar ais don Aireacht le plean gníomhaíochta chun an leas is fearr a bhaint as na deiseanna a aithnítear leis an bpíosa oibre seo. Soláthróidh Forfás an rúnaíocht don Ghrúpa Gníomhaíochta Ardleibhéil seo.

## Polasaí an AE um Athrú na hAeráide

I rith 2008, tá dlúthobair á déanamh ag Forfás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus páirtithe leasmhara eile chun forbairtí a dhéanamh ar pholasaí an AE um athrú na haeráide d'fhiontraíocht in Éirinn.

I mí Eanáir 2008, d'fhógair Coimisiún an AE sraith nua tograí polasaí chun dul i ngleic le hathrú na haeráide. Leag an fógra fasach amach trí spriocanna an-uaillmhianacha a leithdháileadh le haghaidh laghduithe astuithe gáis cheaptha teasa don dá earnáil trádála (na cinn sin a bhfuil baint acu le Scéim Trádála Astuithe AE (ETS)) agus, den chéad uair, na hearnálacha neamhthrádála san AE. Le linn na míonna deiridh den bhliain 2008, thug an Chomhairle AE faoi dhianobair chun tograí a thabhairt chun críche agus comhaontú a shocrú maidir le pacáiste um athrú na haeráide a bheadh inghlactha do gach Ballstát.

Chuir Forfás in iúl go raibh imní orthu go d'fhéadfadh an pacáiste molta AE um athrú na haeráide damáiste a dhéanamh go háirithe d'earnálacha áirithe, agus dhírigh sé a iarrachtaí i rith 2008 ar chás láidir a dhéanamh, bunaithe ar fhianaise eimpíreach, gur chóir roinnt athbhreithnithe a dhéanamh ar na tograí chun a sheachaint na hearnálacha sin a chur faoi mhíbhuntáiste suntasach i gcomparáid leo sin lasmuigh den AE nach dtagann faoi réir comhaontuithe athraithe aeráide.

Baineann Coimisiún an AE úsáid as an téarma 'ligean carbóin' chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas lenar féidir lena dtograí a bheith mar chúis ag tionscail áirithe fuinnimh leochaileacha agus diansaothraithe trádála a chur i staid níos lú iomaíocha, agus brú a chur orthu chun athlonnú go tíortha eile nach bhfuil san AE, áit nach bhfuil próisis táirgeachta chomh éifeachtach céanna maidir le carbón, rud a mbeadh glanmhéadú ar astuithe domhanda mar thoradh air. Dhírigh an Coimisiún fócas na hidirbheartaíocht ar bhealaí chun fadhb an ligin charbóin a mhaolú ag leibhéal an Chomhphobail.

Léiríonn anailís Forfás gur chóir príomhearnálacha leochaileacha (m.sh. bia agus deoch) cháiliú le haghaidh stádas ligin charbóin. Leanfaidh Forfás ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar fhorbairt ETS an AE agus tacaíocht anailíse a sholáthar do DETE, i gcás inar cuí, maidir leis na saincheisteanna ag teacht chun cinn.

## Bainistíocht Dramhaíola

Is saincheist iomaíochais i gcónaí í fáil ar sheirbhísí agus saoráidí bainistíochta dramhaíola agus na costais bhainteacha ó thaobh na fiontraíochta in Éirinn de. In 2008, rinne Forfás nuashonrú ar a mheasúnú ar thagarmharcáil bhainistíochta dramhaíola agus leag sé béim ar na gníomhartha polasaí ar gá tosaíocht a thabhairt dóibh chun a chinntiú go ndéanann Éire freastal ar riachtanais bhainistíochta dramhaíola na fiontraíochta anois agus amach anseo. Measadh sa *Phlean Forbartha Náisiunta* (NDP), go soláthródh an earnáil phríobháideach go príomha infheistíocht i mbonneagar dramhaíola. Tá an neamhchinnteacht faoi láthair faoi threoir pholasaí bainistíochta dramhaíola na hÉireann ag cur cosc ar infheistíocht phríobháideach sa bhonneagar dramhaíola, áfach.

Is iad na gníomhartha polasaí dramhaíola nach mór tosaíocht a thabhairt dóibh:

- Cinnteacht pholasaí agus rialála a chruthú san earnáil dramhaíola chun spreagadh a thabhairt d'infheistíocht phríobháideach i mbonneagar dramhaíola. Ní mór, go háirithe, aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le ról na n-údarás áitiúil mar sheirbhís nó soláthraithe bonneagair agus mar rialtóirí na hearnála, a bhféadfadh coinbhleacht a bheith i gceist leis sin
- Polasaí Dramhaíola a chuireann na comharthaí cuí praghais in iúl don earnáil phríobháideach chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí iomaíochais náisiúnta don ghearrthéarma agus don mheántéarma, agus á chinntiú ag an am céanna go gcomhlíonann Éire a hoibleagáidí comhshaoil. Ní mór d'Éirinn, go háirithe, cinnte a dhéanamh de nach dtabharfar isteach méaduithe breise ar an tobhach líonta talún go dtí go mbeidh saoráidí nua ailtéarnacha cóireála dramhaíola i bhfeidhm. Tá sé ríthábhachtach chomh maith go ndéanfaimid measúnú ar na bearta atá ag teastáil chun a chinntiú go gcuirfear praghas iomaíoch ar na roghanna ailtéarnacha cóireála dramhaíola in Éirinn agus nach gcinnfear iad le costais líonta talún atá i measc na trí cinn is costasaí de na tíortha tagarmharcáilte
- Comhordú na bpleananna bainistíochta dramhaíola réigiúnacha ag an leibhéal náisiúnta chun infheistíocht a mhealladh sa bhonneagar dramhaíola ar bhealach a bhainfidh an leas is fearr as geilleagair scála agus iomaíochais agus a chuirfidh ar chumas an mhargaidh chun na buntáistí a chur ar aghaidh chuig gnólachtaí agus úinéirí tí
- Ar na bonneagair shonracha a bhfuil gá leo iad a fhorbairt, áirítear:
  - Acmhainn cóireála teirmí chun fuinneamh a athghnóthú ó dhramhaíl bhardasach agus tionscail;
  - Cóireáil theirmeach nó acmhainn líonta talún le haghaidh dramhaíl ghuaiseach;
  - Cóireáil bhitheolaíochta (múiríniú, díleá anaeróbach) ar fud na hÉireann; agus
  - Acmhainn a athphróiseáil le haghaidh ábhair tharrtháilte (m.sh. páipéar, gloine agus ábhair phlaisteacha athchúrsáilte).

## Measúnú ar Sheirbhísí Uisce agus Fuíolluisce d'Fhiontraíocht

Thug Forfás faoi mheasúnú in 2008 ar fheidhmíocht na hÉireann 2008 maidir le freastal a dhéanamh ar riachtanais uisce agus fuíolluisce na fiontraíochta laistigh de gheataí agus moil faoin *Straitéis Spáis Náisiúnta* (NSS).

Tá soláthar seirbhísí imleor agus inacmhainne uisce agus fuíolluisce riachtanach chun fás inbhuanaithe agus forbairt na fiontraíochta a chinntiú. Tá rochtain ar sholáthairtí uisce atá iontaofa agus praghsáilte go hiomaíoch croílárnach maidir le seachadadh na seirbhísí sin. Tá acmhainn imleor cóireála fuíolluisce ríthábhachtach le haghaidh inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Molann tuarascáil Forfás roinnt gníomhartha, lena n-áirítear:

- Tosaíocht a thabhairt do chláir infheistíochta uisce agus fuíolluisce amach anseo chun a chinntiú nach dtiocfaidh easnaimh seirbhíse chun cinn sna bailte geata nó moil. Ba chóir maoiniú a dhíriú chomh maith ar ardleibhéil uisce nach bhfuil cuntas déanta air.
- Aistriú soláthar seirbhísí uisce chuig bonn dúiche abhantraí chun an leas is fearr a bhaint as geilleagair phoiteinsiúla scála, ó thaobh tógáil bhonneagair agus oibriú agus seachadadh seirbhísí, agus cur chuige straitéiseach fadtéarma a fhorbairt i leith polasaí agus pleanála seirbhísí uisce ag an leibhéal náisiúnta.
- Trédhearcacht agus comhsheasmhacht níos mó a thabhairt isteach maidir le conas a ríomhann na húdaráis áitiúla costas na seirbhísí uisce agus fuíolluisce. Faoi láthair, ní féidir a chinneadh an léiríonn muirir uisce do ghnólachtaí costas an tsoláthair go hiomlán.
- Maidir le cáilíocht, ba chóir don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cairt chustaiméirí, lena n-áirítear treoirlínte leibhéil seirbhíse a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun a chinntiú go mbíonn cur chuige comhleanúnach ar fud na n-údarás áitiúil.

Léiríodh moltaí Forfás maidir le suíomhanna tosaíochta um infheistíocht i mBuiséad Glas an Rialtais.

# An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú

# (INAB)

## Eolas faoin INAB

Is é an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) eagraíocht náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach eagraíochtaí um chreidiúnú. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin, saotharlanna agus comhlachtaí imscrúdúcháin le haghaidh comhréireachta i gcoinne caighdeáin comhchuibhithe idirnáisiúnta chun dearbhú a sholáthar go léiríonn na comhlachtaí sin inniúlacht agus acmhainn feidhmíochta maidir lena n-obair a chur i gcrích.

Bíonn ról tábhachtach ag creidiúnú maidir le rochtain ar tháirgí agus seirbhísí na hÉireann a ráthú do mhargaí an AE agus an domhain. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar chreidiúnú le déanaí toisc go mbraitheann rialtóirí i gcónaí ar mheasúnú comhréireachta mar shásra chun tacaíocht a chur ar fáil um chur i bhfeidhm reachtaíochta agus inniúlacht a dhearbhú.

Cinntíonn ballraíocht INAB le comhaontuithe idirnáisiúnta go nglactar ar fud an domhain le deimhnithe creidiúnaithe agus torthaí tástálacha a tháirgtear in Éirinn. Laghdaíonn sé sin baic theicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta. Is sínitheoir é an INAB leis na comhaontuithe iltaobhacha (MLAnna) don Eoraip tríd an *European cooperation for Accreditation* (EA) agus ar fud an domhain tríd an *International Laboratory Accreditation Cooperation* (ILAC) agus an *International Accreditation Forum* (IAF).

## Feidhmeanna an INAB

Tá cúig fheidhm ar leithligh ag an INAB, a bhfeidhmíonn gach ceann acu de réir caighdeáin agus/nó rialacháin shonracha Eorpacha agus idirnáisiúnta.

- Creidiúnú Saotharlainne
- Creidiúnú Comhlachtaí Deimhniúcháin
- Creidiúnú Comhlachtaí Imscrúdúcháin
- Dea-Chleachtas Saotharlainne
- *National Competent Body for the EU Eco Management and Audit Scheme* (EMAS)

### Creidiúnú Saotharlainne

**Tástáil agus Calabrú go ISO/IEC 17025:2005**

Soláthraíonn creidiúnú saotharlainne go caighdeán ISO/IEC 17025:2005 bronnta ag INAB aitheantas foirmiúil d'inniúlacht saotharlainne chun tástálacha sonracha a dhéanamh. I rith 2008, thug an INAB faoi 115 imscrúdú ar an láithreán ar shaotharlanna creidiúnaithe/iarrthóra laistigh den Chlár um Chreidiúnú Saotharlainne, a raibh coinneáil 97 creidiúnú saotharlainne mar thoradh air, chomh maith le bronnadh creidiúnaithe ar ocht saotharlann nua agus bronnadh sínte a bhain le scóip ar fud raon leathan disciplíní.

**Creidiúnú Saotharlainne Leighis go ISO/IEC 15189:2007**

Rinne INAB cúig chreidiúnú saotharlainne leighis a chothabháil go dtí caighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2007 le linn 2008. Ina theannta sin, le linn dó tacaíocht leanúnach a thabhairt do cheanglais na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Bord Leigheasra na hÉireann maidir le creidiúnú go ISO 15189 san earnáil sláinte, ag eascairt ón reachtaíocht náisiúnta do shaotharlanna agus forbairtí leighis i gcreidiúnú seirbhísí ospidéil go ginearálta, thug INAB faoi 61 imscrúdú ar an láithreán ar eagraíochtaí iarrthóra agus creidiúnaithe agus bhronn sé creidiúnú go ISO/IEC 15189:2007 ar 14 saotharlann ospidéil in 2008. Chomh maith leis sin, fuair an INAB 37 iarratas ar chreidiúnú a fháil ón earnáil seo i rith 2008, rud a chiallaíonn gurb í an réimse is mó fáis ar an éileamh ar chreidiúnú.

## Creidiúnú na gComhlachtaí Deimhniúcháin

Bronnann INAB creidiúnú ar chomhlachtaí deimhniúchain a oibríonn deimhniú táirge, deimhniú córas bainistíochta agus deimhniú daoine. Tugann sé creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin chomh maith ar dheimhniú córáis bhainistíochta comhshaoil (EMS), deimhniú go EMAS – *EU Eco Management and Audit Scheme* (Scéim an AE um Bainistíocht Éiceolaíoch agus Iniúchóireachta).

Bronnann na comhlachtaí deimhniúcháin sin, ina dhiaidh sin, deimhniú ar eagraíochtaí go sraith chaighdeán ISO 9000 (córais bhainistíochta cáilíochta); go ISO 14001 (córais bhainistíochta comhshaoil); go I.S. 393 (córais bhainistíochta fuinnimh); go ISO 27001 (bainistíocht slándála faisnéise); agus deimhniú a thabhairt do tháirgí agus daoine agus astuithe gáis cheaptha teasa a fhíorú faoi chreidiúnú INAB.

Thug INAB faoi 55 imscrúdú ar an láthair ar chomhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe/iarrthóra le linn 2008.

**Scéim um Thrádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa**

Bhunaigh INAB, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), clár um chreidiúnu in 2006 agus chuir sé i bhfeidhm é chun bonn taca a chur ar fáil do chur i bhfeidhm Scéim an AE um Thrádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa a leagtar amach sa Treoir Eorpach 2003/87/CE. Glacann an Treoir seo na tiomantais a bunaíodh faoi Prótacal Kyoto san áireamh agus soláthraíonn scéim chreidiúnaithe uirlis úsaideach do thionscal na hÉireann agus an rialtóir chun comhlíonadh na Treorach a fhíorú. Tá an scéim á cur ar aghaidh chuig Céim II anois agus leathnaíodh í chun raon gníomhaíochtaí níos leithne a thabhairt san áireamh agus tá athbhreithniú déanta uirthi chun soláthar a dhéanamh do shásra níos éifeachtúla chun tiomantais AE Kyoto a chomhlíonadh. Déanann INAB cothabháil faoi láthair ar chreidiúnú dhá chomhlacht deimhniúcháin um fhíorú astuithe gáis cheaptha teasa.

**Deimhniú Córas Bainistíochta**

Tá clár Comhaontuithe Fuinnimh á oibriú ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) ón mbliain 2006 i leith, bunaithe ar Chaighdeán Bainistíochta Fuinnimh na hÉireann I.S. 393:2005, le haghaidh fiontair mhóra dianfuinnimh. Is uirlis é an Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh le haghaidh eagraíochtaí chun cur chuige córasach a úsáid maidir le feabhsú leanúnach na feidhmíochta fuinnimh agus laghdú ar chostais fuinnimh mar thoradh air sin. Ní mór d'Eagraíochtaí a ghlacann I.S. 393:2005 dearbhú a fháil ó chomhlachtaí deimhniúcháin tríú páirtí go bhfuil siad ag oibriú de réir an chaighdeáin. Cuireadh an scéim creidiúnaithe le

haghaidh deimhniú córais bhainistíochta fuinnimh go I.S 393:2005 i bhfeidhm den chéad uair in 2007 agus in 2008, bhronn INAB creidiúnú go ISO/IEC 17021:2006 ar dara deimhniú don ghníomhaíocht seo. Meastar go dtabharfar isteach caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta um chórais bhainistíochta fuinnimh in 2009.

Ina theannta sin, rinne an INAB cothabháil ar chomhlacht deimhniúcháin amháin mar sholáthraí seirbhíse deimhniúcháin (CSP) don Scéim um Chreidiúnú Ríomhthráchtála mar thacaíocht do Threoir an AE maidir le ríomhphost. In 2008, rinne an INAB cothabháil chomh maith ar cheithre chomhlacht deimhniúcháin eile le haghaidh deimhniú caighdeáin chórais bhainistíochta agus comhlacht deimhniúcháin amháin le haghaidh deimhniú córais bhainistíochta comhshaoil.

In 2008, sholáthar an INAB creidiúnú le haghaidh deimhniú córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta go ISO 18001 agus deimhniú le haghaidh an chórais bhainistíochta sábháilteachta bia, ISO 22000.

**Deimhniú Táirge**

Is réimse fáis shuntasaigh i gcónaí é deimhniú táirge bhia, lena mbaineann tábhacht náisiúnta. Éilíonn miondíoltóirí bia na Breataine ar tháirgeoirí bia na hÉireann a chuireann soláthairtí ar fáil do mhargadh an Ríochta Aontaithe chun deimhniú a fháil ar a dtáirgí bia de réir shonraíocht an *British Retail Consortium* (BRC). Ina theannta sin, éilíonn miondíoltóirí bua ar tháirgeoirí bia na hÉireann a sholáthraíonn táirgí do mhargaí idirnáisiúnta chun deimhniú a fháil ar a dtáirgí bia chun ceanglais EUREPGAP/GLOBALGAP a chomhlíonadh.

In 2008, rinne an INAB creidiúnú a chothabháil agus a shíneadh do thrí chomhlacht deimhniúcháin a sholáthraíonn scéimeanna um dhearbhú cáilíochta bia de réir ceanglais idirnáisiúnta, chomh maith le scéimeanna um dhearbhú cáilíochta bia náisiúnta, cosúil le scéimeanna an Bhoird Bhia agus Bhord Iascaigh Mhara. Beidh deimhniú táirge bia mar réimse fáis i gcónaí don INAB go ceann i bhfad.

Shonraigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia go bhfuil creidiúinú INAB ag teastáil le haghaidh dearbhaithe ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta orgánaí in Éirinn, de réir Threoir an AE maidir le Feirmeoireacht Orgánach agus fuair INAB dhá iarratas ó chomhlachtaí deimhniúcháin don scéim sin in 2008.

Eisíonn an tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach ceadúnais le haghaidh réimse gníomhaíochtaí slándála, lena n-áirítear airgead faoi bhealach agus suiteáil aláram ionraidh. Eisítear ceadúnais d'eagraíochtaí atá deimhnithe ag comhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe. Bronnadh an chéad chreidiúnú go EN 45011 in 2008, ar chomhlacht deimhniúcháin le haghaidh suiteálacha aláraim ionraidh.

### Creidiúnú Comhlachtaí Imscrúdúcháin

Bronnann an INAB creidiúnú ar chomhlachtaí a n-áirítear ar an obair a dhéanann siad, imscrúdú ábhar, táirgí, suiteálacha, gléasanna, próisis, nósanna imeachta oibre nó seirbhísí agus cinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais agus tuairisciú torthaí na ngníomhaíochtaí sin ina dhiaidh sin. In 2008, bhronn an INAB creidiúnú ar chomhlacht nua imscrúdúcháin amháin sa réimse imscrúdúcháin raideolaíoch agus rinne sé chreidiúnú ocht gcomhlacht imscrúdúcháin eile a chothabháil. Bronnadh sínte le scóip ar chomhlachtaí reatha imscrúdúcháin chreidiúnaithe sna réimsí imscrúdúcháin bhia agus innealtóireachta.

I rith 2008, thug an INAB faoi 15 imscrúdú ar an láithreán ar chomhlachtaí imscrúdúcháin creidiúnaithe/ iarrthóra.

### Dea-Chleachtas Saotharlainne

Is é an INAB an t-údarás náisiúnta monatóireachta um imscrúdú agus fíorú an Dea-Chleachtais Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh.4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 1991 (GLP). Ag deireadh 2008, bhí Ráitis um Chomhlíonadh GLP ag ceithre shaoráid tástála faoin gclár seo. Tugadh faoi dhá imscrúdú ar an láithreán ar shaoráidí comhlíontach GLP in 2008.

### Comhlacht Inniúil Náisiúnta do EMAS

Is é an INAB an comhlacht ainmnithe inniúil in Éirinn um chlárú láithreán atá rannpháirteach san EU Eco Management and Audit Scheme (EMAS). I rith 2008, rinne an INAB cothabháil ar sé eagraíocht atá cláraithe le EMAS, ar fhíoraigh fíoraitheoirí EMAS creidiúnaithe a gcóras bainistíochta comhshaoil de réir an Scéim an AE um Bainistíocht Éiceolaíoch agus Iniúchóireachta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle Eorpach. Fuair an INAB iarratas amháin ar chlárú don scéim seo in 2008.

## Creatlach Dlí an AE um Sholáthar Seirbhísí Creidiúnaithe

Tá Rialachán AE (765/08) comhaontaithe ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa, a sholáthróidh, den chéad uair, creatlach dlí le haghaidh soláthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa. Leagann an Rialachán amach na ceanglais um chreidiúnú agus fhaireachas margaidh a bhaineann le margaíocht ar tháirgí. Beidh feidhm leis an Rialachán, ar glacadh go foirmiúil leis an 9 Iúil 2008, ón 1 Eanáir 2010 agus beidh feidhm leis maidir le creidiúnú saotharlann, comhlachtaí imscrúdúcháin agus comhlachtaí deimhniúcháin a sholáthraíonn seirbhísí measúnaithe chomhréireachta creidiúnaithe ar bhonn deonach nó mar thacaíocht do reachtaíocht. Leagann sé amach na hoibleagáidí do Bhallstáit, Comhlachtaí Measúnaithe Comhréireachta, Comhlachtaí um Chreidiúnú agus *European cooperation for Accreditation* (EA).

Ceanglaíonn an Rialachán ar bhallstáit creidiúnú a aithint mar an modh is fearr chun inniúlacht na gcomhlachtaí measúnaithe chomhréireachta a léiriú. Cuirfidh an creatlach dlí um sholáthar seirbhísí creidiúnaithe, arna bunú ag an Rialachán seo, leis an muinín a chuirfear sa mheasúnú comhréireachta agus spreagfaidh sé do chomhaithint torthaí agus deimhnithe measúnaithe chomhréireachta.

## Comhaontuithe Iltaobhacha

Choinnigh an INAB air a bheith mar bhall de na comhaontuithe iltaobhacha (MLAanna) don Eoraip tríd an *European cooperation for Accreditation* (EA) agus ar fud an domhain tríd an *International Laboratory Accreditation Cooperation* (ILAC) agus an Fóram um Chreidiúnú Idirnáisiúnta (IAF).

## Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara

Rinneadh gníomhaíocht tosaíochta i gcónaí as feasacht agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir le creidiunú i rith 2008. Cuireadh trí eagrán de nuachtlitir an INAB le chéile agus scaipeadh iad in 2008 agus rinne an INAB athbhreithniú ar bhróisiúr nuashonraithe agus d'fhoilsigh sé é a raibh cur síos ar sheirbhísí creidiúnaithe ann. In 2008, rinne an INAB nuashonrú ar a láithreán gréasáin lenar bhain feidhmiúlacht agus acmhainn chuardaigh fheabhsaithe agus rinne sé suirbhé dhá chuid chomh maith ar fheasacht ar chreidiúnú le cliaint INAB go díreach agus le bonn custaiméirí ár gcliant.

# Ball Bhord INAB 2008



**An Dr Márie C.Walsh, Cathaoirleach**
**Iar-Cheimiceoir Stáit, An tSaotharlann Stáit**

| | |
|---|---|
| **An Dr Fiona Kenny, Vice Chairperson** | Micribhitheolaí Comhairleach, Ospidéal Ginearálta Shligigh |
| **An Dr Nuala Bannon** | Cigire, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| **Michael Maloney** | Stiúrthóir Gairneoireachta, An Bord Bia |
| **Martin O'Halloran** | Príomhfheidhmeannach, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| **An Dr John O'Brien**[4] | Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann |
| **Richard Howell**[5] | Cigire Talmhaíochta, an Roinn Talmhaíochta |
| **Vagn Anderson** | Bainisteoir Gnóthaí Idirnáisiúnta, *Danish Accreditation Body* (DANAK) |
| **Pat O'Mahony** | Príomhfheidhmeannach, Bord Leigheasra na hÉireann |
| **Tom O'Neill** | Ceannaire Laithreáin, Pfizer, Little Island |
| **Neil McGowan**[6] | Feidhmeannach Gnóthaí Rialála, An Tionscal Bia agus Dí, IBEC |
| **Tom Dempsey**[7] | Bainisteoir (de bhrí Oifige), INAB |
| **An Dr Adrienne Duff**[8] | Bainisteoir (de bhrí Oifige), INAB |

4 Athcheapadh é i mí Iúil 2008
5 D'imigh sé ar scor i mí Iúil 2008
6 D'imigh sé ar scor i mí na Nollag 2008
7 D'éirigh as mar Bhainisteoir i mí na Samhna 2008 agus ceapadh ar Bhord INAB i mí na Nollag 2008
8 Ó mhí na Samhna 2008

# Comhairlí Bainistíochta agus Comhairleacha Forfás

# Bainistíocht Forfás

## Príomhfheidh-meannach



**Martin Cronin**

## An Rannán Iomaíochais



**Declan Hughes**
Bainisteoir Rannáin



**Martin Craig**
Airgeadas



**Adrian Devitt**
Iomaíochas Naisiúnta, Inbhuanaitheacht agus Bonneagar



**Eoin Gahan**
Rialáil, Trádáil agus Réamhfhéachaint Pholasaí



**Eamonn Kearney**
Córais agus Saoráidí

## Oifig an Rúnaí



**Michael O'Leary**
Rúnaí agus Acmhainní Daonna

D'éirigh Brian Cogan as mar Stiúrthóir Feidhmeannach i mí Lúnasa 2008.

D'éirigh Tom Dempsey as mar Bhainisteoir INAB i mí na Nollag 2008.

## An Rannán Fiontraíochta agus Polasaí Réigiúnaigh



**Helena Acheson**
Bainisteoir Rannáin



**Peter Brabazon**
*Discover Science & Engineering*



**Maria Ginnity**
Polasaí Fiontraíochta agus Cumarsáid



**Andrew Stockman**
Polasaí Cánach/Airgeadais agus Suirbhéanna Fiontraíochta

## An Rannán Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Caipitil Daonna



**Martin Shanahan**
Bainisteoir Rannáin



**Marie Bourke**
Polasaí Caipitil Daonna agus Margaidh Saothair



**John Dooley**
Polasaí Teicneolaíochta Eolaíochta agus Buntaighde



**Karen Hynes**
Polasaí Taighde agus Forbartha Fiontraíochta

## An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú



**Adrienne Duff**
Bainisteoir

# An Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta

| | |
|---|---|
|  | **Mary Cryan, Cathaoirleach,**<br>***Cryan Associates*** |

| | |
|---|---|
| An Dr Sean Baker | Comhairleach Neamhspleách agus bunaitheoir *IONA Technologies plc* |
| Bernadette Butler | Stiúrthóir Bainistíochta, *Good 4U Food and Drink Company* |
| An tOll. Dolores Cahill | Ollamh na hEolaíochta Aistrithí, Institiúid Conway, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| Martin Cronin | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| An tOll. Anita R. Maguire | Ollamh na Ceimice Cógaisíochta, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh |
| Paul McCambridge | Comhairleach Neamhspleách agus iar-Stiúrthóir Bainistíochta agus VP EMEA, *Xilinx Inc* |
| An tOll. Tom McCarthy | Príomhfheidhmeannach, Foras Bainistíochta na hÉireann |
| John McGowan | Stiúrthóir Bainistíochta, *Michael McNamara & Co* |
| Larry Murrin | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, *Dawn Farm Foods* |
| An Dr Reg Shaw | Cathaoirleach, An Bord Taighde Sláinte agus iar-Stiúrthóir Bainistíochta, *Wyeth Medica Ireland* |
| An tOll. Roger Whatmore | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, *Tyndall National Institute* |

## Grúpa Stiúrtha *Discover Science & Engineering*[9]

| | |
|---|---|
|  | **Leo Enright, Cathaoirleach**[10]<br>***Science Broadcaster*** |

| | |
|---|---|
| Helena Acheson | Bainisteoir Rannáin, Polasaí Fiontraíochta agus Réigiúnach, Forfás |
| Peter Brabazon | Stiúrthóir, *Discover Science & Engineering* |
| John Cahill | Bainisteoir an Aonaid Eolaíochta agus Teicneolaíochta, FÁS |
| An Dr Sheila Donegan | CALMAST, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge |
| Siobhan Greer | Iar-Chathaoirleach, Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann |
| Una Halligan | Bainisteoir Gnóthaí Rialtais agus Poiblí, *Hewlett-Packard* |
| Paul Holden | Stiúrthóir Bainistíochta, *Rédacteurs* |
| Jerome Kelly | Príomhoifigeach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| Bernard Kirk | Stiúrthóir, Ionad Oideachais na Gaillimhe |
| Mattie McCabe | Stiúrthóir na Rúnaíochta agus Caidrimh Eachtraigh, Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| Matt Moran | Stiúrthóir, *PharmaChemical Ireland,* IBEC |
| An Dr Pat Nolan | An Oifig Eolaíochta agus Teicneolaíochta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An Dr Siobhan O'Sullivan | Ollscoil na hÉireann, Corcaigh |
| John Power | Ard-Stiúrthóir, *Engineers Ireland* |
| Frank Turpin | Bainisteoir Oideachais, *Intel Ireland* |

9 Tá straitéis nua á forbairt faoi láthair do DSE lena mbainfidh athstruchtúrú an Ghrúpa Stiúrtha, bunaithe ar mholtaí ón *2008 Evaluation of the Discover Science and Engineering Awareness Programme*, arna stiúradh ag Forfás.

10 Thug Leo Enright fógra go raibh sé ag éirí as ag deireadh 2008. Táthar ag feitheamh ar dhuine eile a cheapadh ina phost.

## An Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

| | |
|---|---|
|  | **Una Halligan, Cathaoirleach**[11]<br>**Stiúrthóir, Gnóthaí Rialtais agus Poiblí d'Éirinn, *Hewlett Packard*** |

| | |
|---|---|
| Inez Bailey | Stiúrthóir, An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| George Bennett | GFT Éireann |
| Marie Bourke | Ceann na Rúnaíochta agus Bainisteoir Roinne, Polasaí Caipitil Daonna agus Margaidh Saothair, Forfás |
| Ruth Carmody | Rúnaí Cúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| Liz Carroll | Bainisteoir Oiliúna agus Forbartha, ISME |
| Muiris O'Connor[12] | An tÚdarás um Ardoideachas |
| Ned Costello | Príomhfheidhmeannach, Cumann Ollscoileanna na hÉireann |
| Tony Donohoe | Ceann Oideachais, Polasaí Sóisialta agus Nuálaíochta, IBEC |
| Brendan Ellison | Príomhoifigeach, An Roinn Airgeadais |
| Anne Forde | Príomhoifigeach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| Roger Fox | Stiúrthóir Pleanála agus Taighde, FÁS |
| Pat Hayden | Príomhoifigeach, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| David Hedigan | Ceann an Pholasaí Earnála agus Forbartha Fiontraíochta, Fiontraíocht Éireann |
| Garry Keegan | Stiúrthóir, Acumen |
| John Martin | Stiúrthóir Gnóthaí Fostaíochta, Saothair agus Sóisialacha, ECFE |
| Dermot Mulligan | Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| Frank Mulvihill | Iar-Uachtarán Institiúid na dTreoirchomhairleoirí |
| Dr Brendan Murphy | Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí |
| Alan Nuzum | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, *Skillnets* |

[11] D'éirigh Anne Heraty as mar Chathaoirleach an tSainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí i mí Mhárta 2009.

[12] Ceapadh é sa phost a bhí ag Fergal Costello, an tÚdarás um Ardoideachas i mí Feabhra 2009

| | |
|---|---|
| Peter Rigney | Oifigeach Tionscail, ICTU |
| Martin Shanahan | Bainisteoir Rannáin, Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Caipiteal Daonna, Forfás |
| Jacinta Stewart | Príomhfheidhmeannach, CGO Chathair Bhaile Átha Cliath |

## An Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta



**An tOll. Frank Roche, Cathaoirleach**
**Leas-Phríomhoide, Coláiste Gnó agus Dlí, UCD**

| | |
|---|---|
| Patricia Callan | Stiúrthóir, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga |
| David Cronin | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, *Wild Geese Group* |
| Pat Hayden | Príomhoifigeach, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| Briga Hynes | Scoil Gnó Kemmy, Ollscoil Luimnigh |
| Martin Lynch | Ard-Stiúrthóir Cúnta, Seirbhísí do Ghnó, FÁS |
| David Bourke[13] | Ceann na Scoile Gnó, *Chambers Ireland* |
| Ivan Morrissey | Bainisteoir Saotharlainne agus Leachtóir, Córais Faisnéise Gnó IS, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh |
| Alan Nuzum | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, *Skillnets* |
| Liam O'Brien | Stiúrthóir Bainistíochta, *BT Business* |
| Liam O'Donohoe | Bainisteoir Sinsearach, Rannán Forbartha Bainistíochta Cliant, Fiontraíocht Éireann |
| Anne O'Leary | Ceann Díolachán Gnó agus Fiontraíochta, *Vodafone Ireland* |
| Sean O'Sullivan | *Seabrook Research Limited* |
| Gail Power | Bainisteoir Díolachán Ar Líne agus Oibríochta an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, Google |
| Eilis J. Quinlan | Stiúrthóir Bainistíochta, *Eilis J. Quinlan & Co* |
| Eamon Ryan | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Fiontar Cathrach Luimnigh |
| Tim Wray | Cláraitheoir, Foras Bainistíochta na hÉireann |

[13] Tháinig sé in áit Rachel MacGowan, Ceann Gnóthaí Eachtrannacha, Chambers Ireland i mí Aibreáin 2009

# An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais



**An Dr Don Thornhill, Cathaoirleach**

| | |
|---|---|
| Rory Ardagh | *Telecom Property Holdings Limited* |
| Brendan Butler | Stiúrthóir Gnóthaí Straitéise, Trádála, an AE agus Idirnáisiúnta, IBEC |
| Donal Byrne | Cathaoirleach, *Cadbury Schweppes Ireland Limited* |
| Shay Cody | Leas-Ardrúnaí, IMPACT |
| Martin Cronin | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| Pat Delaney | Stiúrthóir Earnálacha agus Réigiún, IBEC |
| Clare Dunne | Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| Annette Hughes | Stiúrthóir, *DKM Economic Consultants* |
| William Prasifka | Cathaoirleach, An tÚdarás Iomaíochta |
| An tOllamh Ferdinand von Prondzynski | Uachtarán, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| William Slattery | Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus Ceann um Shainchónaithe Easchósta Eorpaigh, *State Street International (Ireland)* |
| Paul Sweeney | Comhairleoir Eacnamaíoch, Comhdháil na gCeardchumann |
| John Travers | Comhairleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bunaitheach, Forfás agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann |

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 agus oibríonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go dtí 2006 agus faoi choimirce an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Forfás chun a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais shonracha seo a leanas:

## Baill an Bhoird – Nochtadh Spéise

De réir an Chóid Chleachtais um Rialáil Chomhlachtaí Stáit, cláraíonn Baill Bhord Forfás a gcuid leasa i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad agus i gcaitheamh a dtréimhse oifige.

## Oibleagáidí Eile faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Forfás chun a chinntiú go gcomhlíonann sé forálacha an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

## An tAcht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, cuireann Baill Bhord Forfás ráitis leasa ar fáil gach bliain don Rúnaí agus cuireadh cóipeanna ar fáil do Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Ina theannta sin, comhlíonann baill foirne Forfás a bhfuil poist ainmnithe acu an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás clúdaithe le forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF). Bhunaigh na hAchtanna seo trí cheart reachtúil nua:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine chun rochtain a fháil ar fhaisnéis i seilbh chomhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil ag gach duine chun faisnéis oifigiúil i seilbh chomhlachta phoiblí a bhaineann leis nó léi a fháil leasaithe i gcás ina mbíonn sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil chun cúiseanna a fháil maidir le cinntí a dhéanann comhlacht poiblí a imríonn tionchar ar an duine féin.

## Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Forfás tiomanta do pholasaí comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht.

Oibrímid roinnt scéimeanna, a sholáthraíonn roghanna do bhaill foirne maidir lena riachtanais ghairme agus phearsanta, cosúil le roinnt phoist, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Comhlíonann Forfás a oibleagáidí Reachtúla faoi na hAchtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004. Tá polasaí maidir le Cosaint na Dínite san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl é do na baill foirne go léir.

## An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Chuir Forfás struchtúir chomhairliúcháin Fobhoird i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do struchtúr cumarsáide agus comhairliúchain na heagraíochta. Cuireann an lucht bainistíochta agus baill foirne fáilte roimh an gComh-Fhóram Rannpháirtíochta mar phróiseas dearfach.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2007, tá ráitis sábháilteachta ullmhaithe ag Forfás a chuimsíonn na gnéithe go léir a imríonn tionchar ar leas ball foirne agus cuairteoirí. Rinneadh é sin a nuashonrú in 2008.

## Cairt Chustaiméirí

Rinne Forfás a Chairt Chustaiméirí a nuashonrú in 2004 (ar foilsíodh ar dtús é in 2000), agus a thiomantas do seirbhís ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí á leagan amach. Tá sé seo ar fáil ar láithreán gréasáin Forfás ag www.forfás.ie. Áirítear sa Chairt, nós imeachta um ghearáin a láimhseáil. Ní fuarthas aon ghearáin in 2008.

## Tíosacht ar Fuinneamh

Déanann Forfás iarracht i ngach réimse a bhaineann le húsáid agus seirbhísí fuinnimh dá fhoirgneamh, chun na modhanna is tíosaí ar fuinneamh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsaid.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (*Late Payment in Commercial Transactions*) 2002.

**Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (*Late Payment in Commercial Transactions*) 2002.**

Tuairiscítear ar chleachtais íocaíochta Forfás thíos, de réir mar a cheanglaítear leis an Acht, don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2008.

Is é polasaí Forfás chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm a chuireann ar a chumas na sonraisc go léir a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc gach lá agus eisítear de réir mar is gá chun comhlíonadh tráthúil a chinntiú.

Cuimsíonn an córas rialaithe inmheánaigh cibé rialuithe agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Áirítear ar chóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta, rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta, ar dearadh iad chun aithint sonrasc agus conarthaí le híoc laistigh de na dátaí forordaithe íocaíochta atá sainmhínithe san Acht a chinntiú. Deartar na rialuithe sin chun dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Cuireann Roinn na gCuntas tuarascáil le chéile a aithníonn sonraisc gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil sin go rialta.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon Forfás forálacha an Achta i dtaobh gach gné ábhartha.

Níor tharla aon fhorbairtí ábhartha ón 1 Eanáir 2009.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Forfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993.

Cuimsíonn ráitis airgeadais, ar ullmhaíodh iad faoi na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach iontu sin, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, an Clár Comhordaithe, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na nótaí bainteacha.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá Forfás freagrach as na ráitis airgeadais de réir an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn Forfás na ráitis airgeadais de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn. Leagtar amach freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Bhoird sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Tá freagracht orm inniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann).

Tuairiscím an tuairim atá agam maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cibé ar coimeádadh leabhair chuí chuntais de réir mo thuairime féin. Ina theannta sin, luaim cibé an gcomhaontaíonn na ráitis airgeadais leis an leabhar cuntais.

Tuairiscím aon ásc ábhartha nár baineadh úsáid as an airgead chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nach dtagann na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Déanaim tuairisciú freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na sainmhínithe go leir a bhfuil gá leo chun críocha m'iniúchta faighte agam.

Déanaim athbhreithniú ar cibé an léiríonn an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon Forfás an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus tuairiscím aon ásc ábhartha nach ndéanann sé sin, nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó má bhíonn sé ar neamhréir le faisnéis eile a bhfuil mé ar an eolas fuithi don iniúchadh a dhéanaim ar ráitis airgeadais. Ní cheanglaítear orm a bhreathnú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas um Rialú Inmheánaigh Airgeadais gach riosca agus rialú airgeadais, nó tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léigh mé an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus déanaim breathnú cibé an réitíonn sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim breathnú ar impleachtaí mo thuarascála má thagann aon mhíráitis dhealraitheacha nó neamhréireachtaí ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais chun solais.

## Bunús na Tuairime Iniúchta

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, agus m'fheidhm mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste á comhlíonadh agam, de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt do na breathnuithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Áirítear ar an iniúchadh, imscrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá ábhartha maidir leis na suimeanna agus na nochtuithe agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá mar chuid de na ráitis airgeadais. Áirítear air chomh maith, measúnú ar na meastacháin agus na breithnithe shuntasacha a rinneadh mar ullmhúchán do na ráitis airgeadais, agus cibé an ndéantar na polasaithe cuntasaíochta cuí maidir le himthosca Forfás, a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus a nochtadh go himleor.

Bheartaigh mé m'iniúchadh agus thug mé faoi ar mhodh ar a bhfaighinn an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a mheas mé a bheith riachtanach d'fhonn dóthain fianaise a sholáthar dom chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé acu calaois, nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dom mo thuairim a fhoirmiú, rinne mé meastóireacht chomh maith ar leordhóthanacht chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.


## Béim an Ábhair – Caiteachas Neamhéifeachtach

Gan mo thuairim féin a cháiliú, tugaim faoi deara go n-áirítear caiteachas neamhéifeachtach ar chíos agus costais bhaintacha arbh ionann iad agus thart ar €980,000 ar an gcaiteachas tuairiscithe ag Forfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008. Tagann an caiteachas neamhéifeachtach chun cinn toisc nach raibh aon duine ag úsáid an spás oifige sin le haghaidh cuid den bhliain. Is iad réamheagraíochtaí a rinne na socruithe léasachta bainteacha agus sannadh do Forfás iad ansin.

## Tuairim

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí Forfás amhail an 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus caitheachas don bhliain dar críoch sin.

I mo thuairimse, tá leabhair chuí chuntais coimeádta ag Forfás. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.



John Buckley

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Aibreán 2009

# Ráitis Airgeadais

# Ráiteas um Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird

## Do na Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2008

Ceanglaíonn Alt 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar Forfás, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le ceadú an Aire Airgeadais, gach cuntas cuí agus gnáthach a choimeád ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé.

Le linn dó na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar Forfás:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithnithe agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má bhíonn sé míchuí a mheas go leanfaidh Forfás ar aghaidh ag feidhmiú;
- Aon imeacht ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtóidh le cruinneas réasúnta, am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas chun a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 7(2) den Chéad Sceideal an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais sin le fáil ag ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh um chalaois agus mírialtachataí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach



Martin Cronin

Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithnímse, thar ceann Bhord Forfás, go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go ndéantar Córas éifeachtach Rialaithe Inmhéanaigh Airgeadais a chothabháil agus a oibriú sa Ghníomhaireacht.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go ndéantar taifead cuí orthu agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí nó go mbraithfí laistigh de thréimse thráthúil iad.

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú um monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud leibhéil go léir na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- Nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá mar bhaol don chomhlacht a aithint, lena n-áirítear méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta;
- Dlúthobair a dhéanamh leis an Rialtas agus Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Forfás agus tacaíocht a thabhairt do straitéisí Forfás chun na spriocanna sin a ghnóthú.

Tá an Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear air, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh foinsithe allamuigh ag Forfás, a oibríonn de réir na Creatlaí um Chód an tSárchleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Cuireann an anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochtaithe dó, bonn eolais ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh, agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta an

anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Tagann an Coiste Iniúchóireachta le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh leis an Iniúchóir Inmheánach ar thoradh a n-iniúchtaí agus chun leordhóthanacht agus éifeachtacht leanúnach an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a dheimhniú.

Tacaítear le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais trí obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Coiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus ar an rialú atá i bhfeidhm ag bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Forfás, a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Dearbhaímse, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais i leith na bliana go dtí an 31 Nollaig 2008.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1995, 1998 agus 2003

Bunaíodh Forfás, an bord comhairleach agus comhordaithe pholasaí um fhorbairt tionscail agus eolaíocht agus theicneolaíocht in Éirinn an 1 Eanáir, 1994, faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993, arna leasú ag reachtaíocht in dhiaidh sin. Is é an comhlacht trína sannaítear cumhachtaí do Fiontraíocht Éireann, le haghaidh chur chun cinn an tionscail dhúchasaigh, agus do GFT Éireann, le haghaidh chur chun cinn na hinfheistíochta isteach.

Chomh maith lena fheidhm chroílárnach chomhairleach agus chomhordaithe, tá freagracht bhreise ar Forfás as costais phinsin ball foirne atá imithe ar scor a bhíodh ag obair in Forfás, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus iarghníomhaireachtaí áirithe, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 and 2003, mar a leagtar amach i Nóta 8 de na Ráitis Airgeadais seo.

### 1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cead an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe, seachas nuair a luaitear thíos agus tá siad de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Glactar Caighdeáin Idirnáisiúnta Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

### 2. Aithint Ioncaim

Léiríonn ioncam ón Deontas ón Oireachtas na bhfáltas airgid iarbhír i rith na bliana.

### 3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Is éard atá sna Sócmhainní Seasta sócmhainní seasta inláimhsithe ar le Forfás iad agus a luaitear ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d’fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh le linn a saolré úsáideach measta. Caitear Daingneáin, Feistí agus Trealamh Ríomhaireachta faoin tairseach caipitlithe €1,000 sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais i rith na bliana ceannaithe.

### 4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a cheannach.

### 5. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear sócmhainní agus fiachais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach.

### 6. Féichiúnaithe

Déantar Drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh de réir mar a thagann siad chun cinn agus déantar soláthar sonrach i gcás ina meastar go bhfuil aisghabháil amhrasach.

### 7. Costais Phinsin

Oibríonn Forfás ceithre scéim pinsean sochair shainithe neamhmhaoinithe, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail foirne. Ina theannta sin, íocann dhá scéim sochair shainithe mhaoinithe aisce scoir agus pinsean bliantúil, a shocraítear ag am scoir. Maoinítear méaduithe pinsin infheidhmithe do bhaill sna scéimeanna seo, ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ón airgead a sholáthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe le linn na tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean foirne atá á gcoimeád ag Forfás. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid is a bhíonn sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fuarthas i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó fhiachais scéime i Ráiteas Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim in-aisghabhála ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn fiachais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill baill foirne go dtí seo. Leiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfheagrach atá le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

### 8. Léasanna Oibríochta

Déantar nithe ar cíos faoi léasanna oibríochta a chur chun cuntais de réir mar bhíonn siad dlite.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008<br>€'000 | 2007<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 1 | **36,033** | 32,657 |
| Táillí Gairmiúla – An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú | 2 | **1,828** | 1,123 |
| Eile | 3 | **806** | 804 |
| Cláir Roinne | 6 | **5,962** | 6,106 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha | 8 (e) | **34,581** | 38,582 |
| | | **79,210** | **79,272** |
| **Caiteachas** | | | |
| Riarachán agus Speansais Ghinearálta | 4 | **18,758** | 16,806 |
| Dímheas | 7 | **190** | 240 |
| Costais Phinsin | 8 (c.i) | **53,823** | 55,830 |
| Cláir Roinne | 6 | **5,962** | 6,106 |
| | | **78,733** | **78,982** |
| Barrachas don Bhliain | | **477** | 290 |
| Ranníocaíocht Phinsin | 5(a) | **2,550** | - |
| Ranníocaíocht don Státchiste | 5(b) | **(2,699)** | - |
| Iarmhéid ag tús na Bliana | | **2,095** | 1,769 |
| Aistriú (ón)/chuig an gCuntas Caipitil | 9 | **94** | 36 |
| **Iarmhéid ag deireadh na Bliana** | | **2,517** | **2,095** |

# Ráiteas um Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas

| | Nótaí | **2008 €'000** | 2007 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas don Bhliain | | **477** | 290 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Fhiachais Phinsin | 8 (c.iv) | **91,236** | 80,492 |
| Coigeartú don Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 8 (c.iv) | **(91,236)** | (80,492) |
| **Gnóthachan Aitheanta Iomlán don Bhliain** | | **477** | **290** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 16.

Thar ceann an Bhoird:



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach



Martin Cronin

Príomhfheidhmeannach

# Clár Comhardaithe

## Amhail an 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **288** | 382 |
| **Iomlán na Sócmhainní Seasta** | | **288** | 382 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Cuntais Infhála | 10 | **3,457** | 7,042 |
| Banc | | **110** | 310 |
| | | **3,567** | 7,352 |
| **Cuntais Iníoctha** | 11 | **1,050** | 5,257 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **2,517** | 2,095 |
| **Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha** | 8 (d) | **672,128** | 730,305 |
| **Fiachas Pinsin** | 8 (d) | **(672,128)** | (730,305) |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Fiachais Reatha** | | **2,805** | **2,477** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas Caipitil** | 9 | **288** | 382 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **2,517** | 2,095 |
| | | **2,805** | **2,477** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 16.

Thar ceann an Bhoird:



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach



Martin Cronin

Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas um Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | **2008 €'000** | 2007 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach Glanghluaiseachta go dtí** | | | |
| **Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | | |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | | **477** | 290 |
| Ús Bainc | | **(45)** | (35) |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní | | **-** | (16) |
| Muirear Dímheasa: | | | |
| - Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **190** | 240 |
| (Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhála | | **3,585** | (3,686) |
| Méadú/(Laghdú) i gCuntais Iníoctha | | **(4,207)** | 3,625 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | **-** | 418 |
| **RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID** | | | |
| **Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | **-** | 418 |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh ar Airgeadas** | | | |
| Ús Bainc | | **45** | 35 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | **45** | 453 |
| **Maoiniú Caipitil** | | | |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | **-** | 16 |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **(96)** | (204) |
| **Sreabhadh Airgid tar éis Caiteachas Caipitil** | | **(51)** | 265 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin Faighte | 5(a) | **2,550** | |
| Ranníocaíocht don Státchiste | 5(b) | **(2,699)** | |
| **Méadú/(Laghdú) in Airgead Tirim** | | **(200)** | 265 |

# Ráiteas um Shreabhadh Airgid (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008<br>€'000 | 2007<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an Mhéadaithe/(Laghdaithe) ar Airgead go Airgead sa Bhanc** | | | |
| Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain | | **(200)** | 265 |
| Airgead sa Bhanc amhail an 1 Eanáir | | **310** | 45 |
| Airgead sa Bhanc amhail an 31 Nollaig | | **110** | 310 |

# Nótaí leis na Cuntais

## Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 1. Deontas ón Oireachtas

| | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| Forfás | | |
| Riarachán agus Speansais Ghinearálta | **36,033** | 32,657 |

a) Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag Alt 35(e) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003, ní sharóidh suim chomhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, chun cur ar a gcumas a n-oibleagáidí agus a bhfiachais a urscaoileadh, €3,400,000,000. Amhail an 31 Nollaig, 2008 b'ionann an tsuim chomhiomlán a soláthraíodh agus €3,325,007,030.

b) Faoi Alt 14(3) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, Alt 37 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1969, agus Ailt 2 agus 3 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1977, ní sharóidh suim chomhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, chun cur ar a gcumas a n-oibleagáidí agus a bhfiachais a urscaoileadh maidir le príomhshuim agus ús de bhun Ráthaíochtaí Iasachta faoi cheann ar bith de na hailt sin, €158,717,260. Amhail an 31 Nollaig, 2008 b'ionann an tsuim chomhiomlán a soláthraíodh agus €13,547,211.

### 2. Táillí Gairmiúla - An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú

Bunaíodh an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) mar Choiste Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag Alt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 chun na feidhmeanna a shonraítear thíos a chomhlíonadh.

Is é an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú eagraíochtaí a bhfuil baint acu le calabrú, tástáil, imscrúdú agus dearbhú cáilíochta, táirge agus córas bainistíochta pearsanra in Éirinn agus is é an t-údarás monatóireachta ar chomhlíonadh GLP reachtúil (Dea-Chleachtas Saotharlainne). Is é an chomhlacht inniúil do EMAS (*European Eco-Management and Audit Scheme*). Gintear Táillí Gairmiúla ó na gníomhaíochtaí seo lena mbaineann measúnú ar shaotharlanna agus comhlachtaí deimhniúcháin. Áirítear na costais a thabhaítear le linn an t-ioncam sin a ghiniúint ar an gceannteideal ábhartha caiteachais.

### 3. Ioncam Eile

| | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ó Chíos | **761** | 758 |
| Ioncam Ilghnéitheach | **-** | 11 |
| Ús Bainc | **45** | 35 |
| **Iomlán** | **806** | 804 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 4. Riarachán agus Speansais Ghinearálta

| | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| Luach Saothair agus Speansais Bhaill an Bhoird (Lena n-áirítear Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh) | **413** | 391 |
| Costais Phá | **8,437** | 7,855 |
| Costais Phearsanra Eile | **488** | 588 |
| Speansais Taistil agus Cothaithe | **397** | 500 |
| Sainseirbhísí agus Seirbhísí Gairmiúla | **1,137** | 863 |
| Taighde agus Staidéir | **1,726** | 1,520 |
| Cíosanna, Rátaí, Deisithe agus Cothabháil[1] | **4,211** | 3,008 |
| Speansais Oibríochta Eile | **1,633** | 1,801 |
| Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta[2] | **295** | 259 |
| Táille Iniúchóireachta | **21** | 21 |
| Iomlán | **18,758** | 16,806 |
| Cuimsíonn Costais: | | |
| Pá agus Tuarastail | **7,824** | 7,332 |
| Costas Leasa Shóisialigh | **490** | 396 |
| Costais Aoisliúntais | **123** | 127 |
| **Iomlán** | **8,437** | 7,855 |

1 Tá siad seo glan ó nithe ar cíos a fuarthas ó fhothionóntaí iarfhoirgnimh cheanncheathrú na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail.

2 Bhunaigh an Rialtas Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta (CSA) an 1 Meán Fómhair 2004 chun sainchomhairle neamhspleách a chur ar fáil maidir le gné ar bith a bhaineann le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (STI) de réir mar a iarrann an Rialtas. Maidir leis na feidhmeanna sin, oibríonn sí go neamhspleách ón mBord, agus lucht bainistíochta Forfás agus níl sí freagrach dóibh. Maoiníonn Forfás gnáthriachtanais bhuiséid Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta. Tuairiscíonn Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta do Phríomhfheidhmeannach Forfás maidir le saincheisteanna riaracháin agus ceanglaítear uirthi polasaithe agus nósanna imeachta agus oibleagáidí eile rialachais Forfás a chomhlíonadh. Bhí Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta freagrach as feachtas na hÉireann chun an *European City of Science* (Cathair Eolaíochta na hEorpa) a reáchtáil i mBaile Átha Cliath in 2012 (Nóta 6).

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 5. Ranníocaíocht don Státchiste

a) Suim faighte le haghaidh seirbhís inphinsin a aistríodh ó SfadCo go dtí Forfas chun teidlíochtaí pinsin bhaill foirne SfadCo a bhí tar éis bogadh go dtí Fiontraíocht Éireann le punann cuideachtaí dúchasacha SfadCo. Is baill iad na baill foirne sin de Scéim Pinsean Forfás anois nach bhfuil maoinithe, cuireadh an tsuim iomlán ar ais chuig DETE dá bharr sin, mar ranníocaíocht don Státchiste.

b) Is éard atá i gceist leis seo an ranníocaíocht phinsin €2,550,000 mar a shonraítear i nóta 5(a), chomh maith le barrachas ioncaim féin €149,000 a géilleadh don Státchiste.

### 6. Cláir Roinne

Déanann/rinne Forfás riaradh ar na cláir seo a maoiníodh go seachtrach, thar ceann na gcomhlachtaí maoinithe a liostaítear thíos. Déantar na cláir seo a chur chun cuntais trí ioncam a chomhnascadh le caiteachas. Léirítear róchaiteachas/fochaiteachas ar na cláir seo sna cuntais infhála (nóta 10)/iníoctha (nóta 11) de réir mar is cuí.

| a) Cláir | | **2008 €'000** | 2007 €'000 |
|---|---|---|---|
| *Discover Science and Engineering* | 1 & 6(b) | **5,204** | 4,964 |
| Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 2 | **535** | 564 |
| Gníomhaireacht Eatramhach Náisiúnta um Thomhaltóirí | 3 | **-** | 578 |
| Cathair Eolaíochta na hEorpa | 4 | **223** | - |
| **Iomlán** | | **5,962** | 6,106 |

**Mionsonraí na gComhlachtaí Maoinithe:**

1 Oifig Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

2 Ciste Náisiúnta Oiliúna na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

3 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta um Thomhaltóirí mar chomhlacht reachtúil an 1 Bealtaine 2007 agus scoireadh den Ghníomhaireacht Eatramhach ar an dáta sin)

4 Bhí baint ag ocht ngníomhaireacht stáit maidir leis an iarratas a mhaoiniú chun Cathair Eolaíochta na hEorpa a reáchtáil

| b) Caiteachas *Discover Science and Engineering* | **2008 €'000** | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus Speansais | **369** | 395 |
| Cumarsáid | **995** | 930 |
| Gníomhaíochtaí an Chláir | **3,840** | 3,639 |
| **Iomlán** | **5,204** | 4,964 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 7. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Daingneáin & Feistí €'000 | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2008 | 949 | 65 | 2,843 | **3,857** |
| Breiseanna | 61 | - | 35 | **96** |
| Diúscairtí | (11) | - | (16) | **(27)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2008 | 999 | 65 | 2,862 | **3,926** |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2008 | 856 | 16 | 2,603 | **3,475** |
| Muirear don Bhliain | 79 | 16 | 95 | **190** |
| Diúscairtí | (11) | - | (16) | **(27)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2008 | 924 | 32 | 2,682 | **3,638** |
| **Glanmhéid de réir na leabhar** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2008 | 93 | 49 | 240 | **382** |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | (18) | (16) | (60) | **(94)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2008 | 75 | 33 | 180 | **288** |

Déantar costas na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a dhíscríobh le tráthchodanna comhionanna thar a saolré úsáideach ionchais de réir seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| (ii) | Mótarfheithiclí | 4 bliana |
| (iii) | Daingneáin & Feistí | 5 bliana |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

**8. Aoisliúntas**

a) Tá freagracht ar Forfás as costais phinsin na mball foirne scortha ó Forfás, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireannn, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus gníomhaireachta áirithe eile, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003. Tagann na costais sin chun cinn faoi théarmaí na scéimeanna seo a leanas:

| Scéim | Baill Foirne Clúdaithe | Cineál |
|---|---|---|
| **Forfás** | Clúdaíonn scéim Forfás na catagóirí ball foirne seo a leanas in Forfás agus a Ghníomhaireachta -<br>(a) baill foirne a earcaíodh suas go dtí an 5 Aibreán 1995 a bhí i dteideal pinsin tar éis an dáta sin,<br>(b) baill foirne a earcaíodh tar éis an 5 Aibreán 1995,<br>(c) líon beag ball foirne a bhí clúdaithe faoi Scéim Aoisliúntais an Gharda Síochána roimhe sin,<br>(d) líon beag ball foirne a bhí clúdaithe ag Scéimeanna FAS/AnCO roimhe sin,<br>(e) líon beag ball foirne a bhí clúdaithe faoi Scéim Aoisliúntais Chuideachta Forbartha Aerfoirt Neamhchustaim na Sionainne Teoranta roimhe sin. | Ranníocach, Sochar sainithe, Neamh-mhaoinithe.<br>Áirítear líon beag acu sin i gcatagóir (b) ar bhonn neamhranníocach. |
| **Iar-Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail** | Baill foirne an iar-GFT agus na daoine siúd a earcaíodh ag Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir an 1 Eanáir 1994 agus an 5 Aibreán 1995. | Ranníocach, Sochar Sainithe. Maoinithe chun costais phinsin a íoc ar scor. Bíonn méaduithe iarscoir neamh-mhaoinithe agus íocann Forfás iad tríd an Deontas ón Oireachtas. |
| **Iarchomhlacht den ainm Eolas** | Baill foirne a bhíodh ag obair le 'Eolas' (seachas iad siúd clúdaithe faoi iarscéim NBST thíos) agus na daoine sin a earcaíodh ag Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir an 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Neamhranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe. |
| **Iar-Bhord Náisiúnta um Eolaíocht agus Teicneolaíocht (NBST)** | Líon beag ball foirne den iarbhord NBST a bhí ag fónamh an 31 Nollaig 1987. | Ranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe. |
| **Iar-Chomhairle Earraí na hÉireann** | Líon beag ball foirne d'Iarchomhairle Earraí na hÉireann a bhí ag fónamh an 31 Lúnasa 1991. | Ranníocach, Sochar Sainithe. Maoinithe chun costais phinsin a íoc ar scor. Bíonn méaduithe iarscoir neamh-mhaoinithe agus íocann Forfás iad tríd an Deontas ón Oireachtas. |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

| Scéim | Baill Foirne Clúdaithe | Cineál |
|---|---|---|
| **An Iar-Bhord Tráchtála (ABT)** | Baill foirne den iar-ABT (seachas na daoine sin clúdaithe faoi scéim Iar-Chomhairle Earraí na hÉireann thuas) arbh fhostaithe inphinsin iad an 22 Iúil 1998. | Ranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe. |

Seachas Scéim Iar-Chomhairle Earraí na hÉireann, áirítear ar gach ceann de na Scéimeanna, Scéimeanna do Chéilí agus Leanaí.

Íocann Forfás na glanchostais a eascraíonn as gnáthscoir. Íoctar iad sin as an ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí faighte ag Forfás ó bhaill foirne sna scéimeanna ranníocacha neamh-mhaoinithe a ndéantar cur síos orthu thuas chun fiachais leanúnacha phinsin a pháirtmhaoiniú.

b) **Nochtadh Pinsin faoi FRS 17**

Ceanglaíonn an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS17) ar ráitis airgeadais chun luach cothrom na sócmhainní agus na bhfiachas a eascraíonn as oibleagáidí aoisliúntais fostaí a léiriú chomh maith le maoiniú bainteach ar bith agus chun na costais a aithint a bhaineann le sochair aoisliúntais a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann na fostaithe iad.

| c.i) **Anailís ar an muirear pinsin iomlán** | **2008 €'000** | **2007 €'000** |
|---|---|---|
| Costais Seirbhíse | **19,906** | 27,120 |
| Ús ar Fhiachais Scéime Pinsean | **39,849** | 32,384 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe (Neamh-mhaoinithe) | **(5,932)** | (3,674) |
| | **53,823** | 55,830 |
| c.ii) **Anailís ar na Costais Seirbhíse** | | |
| Costas Seirbhíse Reatha | **19,906** | 19,878 |
| Costas Seirbhíse san Am atá Caite | **-** | - |
| Socraíochtaí agus Ciorrúcháin* | **-** | 7,242 |
| | **19,906** | 27,120 |

*Thug Fiontraíocht Éireann Clár um Fhágáil Dheonach isteach i rith 2006. Léiríonn na suimeanna a thaispeántar mar Shocraíochtaí agus Ciorrúcháin an méadú ar luach achtúireach shochair fhabhraithe na mball seo faoin gClár um Fhágáil Dheonach.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

| c.iii) **Anailís ar Ús ar Fhiachais Scéime Pinsean** | **2008 €'000** | **2007 €'000** |
|---|---|---|
| Ús ar fhiachais scéime | **51,400** | 46,025 |
| Toradh ionchais ar shócmhainní scéime | **(11,551)** | (13,641) |
| | **39,849** | 32,384 |
| c.iv) **Anailís ar an tsuim aitheanta i ráiteas iomlán na ngnóthachan agus caillteanas aitheanta (STRGL)** | | |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime | **(22,731)** | (7,856) |
| Gnóthachain agus (caillteanais) ó thaithí | **(11,377)** | (2,625) |
| Athruithe ar thoimhdí | **125,344** | 90,973 |
| **Gnóthachain Achtúireach** | **91,236** | 80,492 |

| | **2008 €'000** | **2007 €'000** |
|---|---|---|
| d) **Glaneasnamh sa Scéim pinsean** | **(672,128)** | (730,305) |
| déanta suas de: | | |
| Luach reatha fhiachais na scéimeanna pinsean | **(857,222)** | (929,488) |
| Luach cothrom shócmhainní na scéimeanna | **185,094** | 199,183 |
| **Athrú ar Fhiachais na Scéimeanna Pinsean** | | |
| Luach reatha oibleagáidí na scéimeanna ag tús na bliana | **(929,488)** | |
| Costas Seirbhíse Reatha | **(19,906)** | |
| Costais Úis | **(51,400)** | |
| Íocaíochtaí le Pinsinéirí | **29,522** | |
| Préimheanna Íoctha | **83** | |
| Gnóthachain /(caillteanais) achtúireacha | **113,967** | |
| **Luach reatha oibleagáidí na scéimeanna ag deireadh na bliana** | **(857,222)** | |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

| d) ar lean | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| Luach cothrom shócmhainní na scéimeanna ag tús na bliana | 199,183 | |
| Ranníocaíochtaí | 3,252 | |
| Sochair Íoctha ó shócmhainní scéimeanna | (6,161) | |
| Toradh ionchais ar shócmhainní scéimeanna | 11,551 | |
| Gnóthachain /(caillteanais) achtúireacha | (22,731) | |
| **Luach reatha shócmhainní na scéimeanna ag deireadh na bliana** | 185,094 | |
| | | |
| c) **Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean i rith na bliana** | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
| Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha | 59,755 | 59,504 |
| Íocaíochtaí Pinsin lúide Aisghabháil mhaoiniú an Chláir um Fhágáil Dheonach | (25,174) | (20,922) |
| | 34,581 | 38,582 |

Aithníonn Forfás an tsuim a chomhfhreagraíonn leis an bhfiachas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn na sraithe toimhdí airgeadais a gcuirtear síos orthu thíos agus roinnt imeachtaí san am atá caite, mar shócmhainn. Áirítear ar na himeachtaí sin, an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí déanta ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag Forfás nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ar aghaidh chun suimeanna den sort sin a íoc de réir an chleachtais reatha.
B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2008 agus €672 milliún (2007: €730 milliún).
Tá cainníochtú an fhiachais bunaithe ar na toimhdí airgeadais mar a leagtar amach i Nóta 8 (f). Cuirtear na toimhdí, atá bunaithe ar chomhairle achtúireach ghairmiúil, in iúl don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

f) Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS17 ar luacháil achtúireach amhail an 31 Nollaig 2005. Rinne achtúire cáilithe neamhspleách í sin a nuashonrú go dtí 31 Nollaig 2008 chun ceanglais FRS17 a ghlacadh san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar fhiachais na scéime amhail an 31 Nollaig 2008. Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun fiachais scéime faoi FRS17 a ríomh amhail an 31 Nollaig:

| **Modh Luachála:** | **Aonad Réamh-mheasta:** | |
|---|---|---|
| | **2008** | **2007** |
| Ráta Lascaine | 5.75% | 5.50% |
| Méaduithe Tuarastail | 3.50% | 4.00% |
| Méaduithe Pinsin | 3.00% | 3.50% |
| Ráta Boilscithe | 2.00% | 2.25% |
| **Meánionchas saoil ualaithe le haghaidh táblaí básmhaireachta a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh ag:** | | |
| Aois baill 65 (ionchas saoil reatha i mblianta) | 20.8 | 20.8 |
| Aois baill 40 (ionchas saoil ag aois 65 i mblianta) | 21.9 | 21.9 |

Ba iad seo a leanas luach margaidh na sócmhainní i scéimeanna pinsin, an ráta toraidh ionchais agus fiachais na scéimeanna amhail an 31 Nollaig:

| | **Toradh Ionchais 2008** | **Toradh Ionchais 2007** | **Comhdhéanamh Sócmhainne 2008** | **Comhdhéanamh Sócmhainne 2007** | | **Luach Margaidh amhail an 31 Nollaig 2008** | **Luach Margaidh amhail an 31 Nollaig 2007** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | **2008 €'000** | **2007 €'000** |
| Cothromais | 8.00% | 8.00% | 30.33% | 33.92% | | 56,139 | 67,566 |
| Bannaí | 4.00% | 4.50% | 63.37% | 58.24% | | 117,294 | 115,996 |
| Maoin | 6.50% | 6.50% | 6.09% | 7.80% | | 11,272 | 15,543 |
| Eile | 3.00% | 4.00% | 0.21% | 0.04% | | 389 | 78 |
| | | | | | | 185,094 | 199,183 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

| g) **Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí** | **2008** | **2007** | **2006** | **2005** | **2004** |
|---|---|---|---|---|---|
| Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí | | | | | |
| Oibleagáidí sochair shainithe (€'000) | 857,222 | 929,488 | 972,207 | 997,678 | 809,196 |
| Luach cothrom shócmhainní an phlean (€'000) | 185,094 | 199,183 | 196,395 | 179,936 | 151,719 |
| Easnamh/(Barrachas) (€'000) | 672,128 | 730,305 | 775,812 | 817,742 | 657,477 |
| Difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime | | | | | |
| suim (€'000) | (22,731) | (7,856) | 6,667 | 20,260 | 3,429 |
| céatadán shócmhainní na scéime | -12.3% | -3.9% | 3.4% | 11.3% | 2.3% |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar fhiachais scéime | | | | | |
| suim (€'000) | (11,377) | (2,625) | (22,110) | (51,159) | (19,547) |
| Céatadán luach reatha fhiachais na scéime | -1.3% | -0.3% | -2.3% | -5.1% | -2.4% |
| Is ionann an gnóthachain achtúireach aitheanta iomlán ón mbliain 2004 i leith agus €37 milliún | | | | | |

h) **Maoiniú Pinsean**

Meastar go mbeidh €21.7 milliún i gceist le ranníocaíochtaí leis na scéimeanna agus íocaíochtaí le haghaidh oibleagáidí neamh-mhaoinithe in 2009

i) **Leasú ar FRS17**

Cuireadh an fhaisnéis ar phinsin i láthair de réir ceanglais nochta nua a éilítear ó 2008 faoi leasú ar FRS 17.

Níor cuireadh roinnt faisnéis chomparáideach i láthair toisc nár éilíodh í roimhe seo.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

### 9. Cuntas Caipitil

| | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2008 | | **382** |
| Aistriú ón/chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| - Breisithe Costais | **96** | |
| - Diúscairtí Costais | **(27)** | |
| - Breisithe Dímheasa | **(190)** | |
| - Diúscairtí Dímheasa | **27** | |
| | | **(94)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2008** | | **288** |

### 10. Cuntais Infhála

| | 2008<br>€'000 | 2007<br>€'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Ginearálta | **1,501** | 5,276 |
| Réamhíocaíochtaí | **1,674** | 1,722 |
| Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta | **278** | 40 |
| Cláir Idir-Roinne | **4** | 4 |
| **Iomlán** | **3,457** | 7,042 |

Áirítear ar na Féichiúnaithe Ginearálta, €0 (2007: €3,865,327) CBL in-aisghabhála ag Forfás thar ceann Ghrúpa CBL Forfás (Forfás, GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann). Léiríonn Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta suimeanna atá dlite, más ann, ó Ghníomhaireachtaí Forfás (GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear CBL infhála €140,109 (2007: €11,026) air ó Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

### 11. Cuntais Iníoctha

| | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Ginearálta | **528** | 271 |
| Fabhruithe | **328** | 524 |
| Párolla | **121** | 301 |
| Iarmhéideanna Idir-Roinne | **46** | 4,028 |
| Cláir Idir-Roinne | **27** | 133 |
| **Iomlán** | **1,050** | 5,257 |

Áirítear ar na Creidiúnaithe Ginearálta €263,173 (2007: €0), CBL in-aisghabhála ag Forfás thar ceann Ghrúpa CBL Forfás (Forfás, GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann). Léiríonn Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta suimeanna atá dlite, más ann, ó Ghníomhaireachtaí Forfás (GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear CBL infhála €46,182 (2007: €3,911,888) le GFT Éireann.

### 12. Tiomantais faoi Léasanna Oibríochta

Gearradh glaniomlán €2,651,000 (2007 €2,028,000) i leith léasanna oibríochta ar fhoirgnimh i gcuntais Forfás. Tá tiomantais €7,047,000 ag Forfás le híoc i rith 2009 maidir le léasanna ag dul in éag mar a leagtar amach thíos. Comhroinnfear costais ag eascairt as na tiomantais sin in 2009 idir Gníomhaireachtaí Forfás agus tionóntaí i gcomhréir leis an spás oifige comhaontaithe in úsáid. Táthar ag súil go mbeidh thart ar €3,234,000 i gceist le glanscair Forfás de na costais sin in 2009.

| | €'000 |
|---|---|
| (i) 2009 | 42 |
| (ii) 2010 - 2013 | - |
| (iii) 2014 ar aghaidh | 7,005 |

### 13. Cánachas

Díolmhaítear Forfás in Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ó chánachas breise ar ioncam ó chíos Chás IV agus Chás V sa bhreis ar an tsuim a asbhaintear ag an bhfoinse.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

**14. Baill an Bhoird - Nochtadh Idirbheart**

I cúrsaí an ghnáthghnó, d'fhéadfadh Forfás socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfostaítear Baill Bhord Forfás nó a bhfuil leas acu ar shlí eile iontu. Tá nósanna imeachta glactha ag Forfás de réir na dtreoirlínte eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Baill an Bhoird agus chloígh Forfás leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

I rith 2008, rinneadh íocaíochtaí arbh ionann iad agus €34,701 le heagraíochta ar dhearbhaigh Ball den Bhord go raibh leas acu maidir léi, i leith seirbhísí a soláthraíodh don Ghníomhaireacht. Ní fuair an ball lenar bhain aon doiciméadú maidir leis an idirbheart ná níor ghlac an ball páirt i bplé ar bith déanta ag an mBord ná níor fhreastail siad ar ceann ar bith a bhain leis na hábhair sin.

**15. Teagmhais agus Caingne Dlí**

Níl aon teagmhais ná caingne dlí a éilíonn foráil shonrach sna Ráitis Airgeadais.

**16. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 19 Feabhra 2009.

Tá foilseacháin Forfás agus na ngrúpaí comhairleacha a gcuireann sé tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil ar www.forfas.ie

Chun liostáil dár bhfoláirimh ríomhphoist, déan teagmháil linn ag info@forfas.ie nó tríd an láithreán gréasáin.

Meitheamh 2009

**Forfás**
Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2

Teil: +353 1 607 3000
Facs: +353 1 607 3030

www.forfas.ie